Food Safety
AUTHORITY OF IRELAND

# 2019
# Tuarascáil Bhliantúil

**Bia sábháilte agus iontaofa do chách**



# Clár na nÁbhar


Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh 1

Maidir le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 7

Rialachas agus Bainistíocht 20

Príomh-bhuaicphointí Ghníomhaíochtaí an Údaráis 22

- Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 27
- Gnóthaí Corparáideacha 33
- Beartas um Fhorfheidhmiú 36
- Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála 40
- Iniúchóireacht agus Imscrúduithe 45
- Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia 50

Rialú corparáideach 56

Spriocanna straitéiseacha agus an méid a baineadh amach 59

Aguisín 1: Comhaltaí na bhFóram Tionscail 70

Aguisín 2: Comhaltaí na bhFochoistí Eolaíocha 72

Aguisín 3: Ráiteas faoi Leasanna na gComhaltaí Boird, an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch 77

Aguisín 4: Beathaisnéisí na gComhaltaí Boird 79

Innéacs leis na Ráitis Airgeadais 85


## Ár Misean

**Is é ár misean tomhaltóirí a chosaint trí bheith i gceannas ar phobal comhoibríoch um shábháilteacht bia d’fhonn caighdeáin bia a ardú ar bhonn leanúnach agus cultúr barr feabhais a chruthú.**

**Don Aire Sláinte**

Tá áthas ar an mBord a thuarascáil bhliantúil agus a chuntais don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2019, a chur faoi bhráid an Aire Sláinte, de réir Alt 25 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998.

**An tUasal Martin Higgins**
Cathaoirleach

**Dr Pamela A Byrne**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháinr

ISBN: 978-1-910348-36-9

© FSAI 2020

# 2019 faoi athbhreithniú

## 20 bliain ag cosaint sláinte agus leasanna tomhaltóirí

Straitéis sábháilteachta nua

125 ordú um fhorfheidhmiú

Treoirlínte bia shláintiúil nua

Comhdháil eolaíochta bia

Cúig nochtadh chosanta

107 foláireamh bia agus ailléirgine

49,501 gnólacht bia

585 aschur meán

Tiomanta do chultúr foirne

# Ráiteas an chathaoirligh agus an phríomhfheid-hmeannaigh



**Ba bhliain shuntasach í an bhliain a chuaigh tharainn le haghaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Le linn 2019, rinneamar ceiliúradh ar 20 bliain bhunú an Údaráis; reáchtálamar an chéad chomhdháil eolaíochta de chuid an Údaráis; lainseálamar straitéis nua, rinneamar agus d'fhoilsíomar taighde den chéad scoth; chuireamar feabhas le cur chuige rialála na hÉireann; rinneamar iniúchadh agus scrúdú ar ghnólachtaí bia na hÉireann; agus chuireamar dlús lenár n-iarrachtaí chun comhlíonadh a mhéadú le dlí faoi bhia ar fud na tíre – é sin ar fad agus muid ag tabhairt tús áite do chosaint sláinte poiblí i gcinntí agus i ngníomhaíochtaí an Údaráis. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bhfoireann dá dtiomantas agus dá ndíograis leantach chun ár misean sábháilteachta bia a bhaint amach. Is mór an inspioráid dúinn i gcónaí gairmiúlacht agus díograis ár bhfoirne, ár mBoird, ár gcoistí agus ár bpáirtithe seachtracha maidir lenár sainordú reachtach a sheachadadh agus tomhaltóirí in Éirinn mar aon le tomhaltóirí bhia na hÉireann in 180 margadh ar fud an domhain a chosaint.**

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais 2019 a chur i do láthair i gcomhair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Léiríonn sé an ról suntasach a imríonn an tÚdarás maidir le comhlíonadh a mhéadú le dlí faoi bhia, ag déanamh an gnímh iomchuí forfheidhmiúcháin nuair is gá, agus ag cosaint sláinte phoiblí trínár gcinntí bainistíochta riosca a bhunú ar eolaíocht, fianaise agus saineolas. Le linn 2019, d'oibrigh an tÚdarás ar mhaithe lena uaillmhianta a sheachadadh, ag cinntiú go gcoinneodh sé a fhócas ar na réimsí is mó ó thaobh riosca de chun tomhaltóirí a chosaint ó thionchar ar bith ar a sláinte de bharr bia contúirteach agus neamhiontaofa bheith ar an margadh. Déantar an próiseas seo a éascú trí mheascán iltaobhach maidir le heolaíocht ar thús cadhnaíochta, cumhachtaí rialála agus oiliúint agus oideachas, cuireann sé seo ar fad cosaint sláinte poiblí ar thús cadhnaíochta i dtaca leis an gclár sábháilteachta bia náisiúnta agus barántúlachta. Mar sin féin, níorbh fhéidir a leithéid a dhéanamh gan ár bhfoireann dhíograiseach inmheánach agus ár bpáirtithe seachtracha. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don obair agus díograis mhór a léirigh gach duine a d'imir ról chun cabhrú linn inár bhfís maidir le bia sábháilte agus iontaofa a sholáthar do gach duine le 20 bliain anuas. Tá buíochas nach beag ag dul

do na daoine tiomanta sin go mairimid i dtír atá aitheanta mar cheann de na córais bhia is fearr ar domhan.

In 2019, bhí bród ar leith orainn as straitéis 2019–2023 an Údaráis a lainseáil, i ndiaidh comhairliúchán fairsing le príomhpháirtithe leasmhara. Comhaontaíodh spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha, mar aon le sraith torthaí a thabharfadh cead don Údarás chun a dhul chun cinn a thomhas agus a mhisean a bhaint amach. Ina straitéis 2019–2023, d'athdhearbhaigh an tÚdarás a fhís uaillmhianach i dtaobh 'Bia sábháilte agus iontaofa do chách'. Tá ár gcuspóir agus misean do na blianta atá le teacht soiléir: "Tomhaltóirí a chosaint agus comhlíontacht a ardú trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia." Díríonn an misean, a dtacaíonn an Bord go hiomlán leis agus atá ar aon dul go hiomlán le straitéis uileghabhálach na Roinne Sláinte agus le beartas an Rialtais, ar thomhaltóirí a chosaint, ar chomhlíontacht agus ar chaighdeáin bhia a mhéadú, agus ar chultúr barr feabhais a chruthú. Lárnach i soláthar á straitéise tá ár luachanna: ionracas, meas, díograis, trédhearcacht, obair foirne agus comhoibriú. Comhlíonann an straitéis sainordú an Údaráis go hiomlán a bhfuil achoimre uirthi san Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 (arna leasú) agus ár ndualgais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Ba cheart go mbeadh sí ina plean oibre an-éifeachtach agus an-éifeachtúil agus an tÚdarás ag dul isteach i dtréimhse ar cinnte í a bheith an-luachmhar ach an-dúshlánach freisin.

Sa chéad bhliain den straitéis, dhíríomar ar ullmhacht do na rialacháin rialuithe oifigiúla nua agus Brexit; ag forbairt ár mboinn fianaise, ag cur lenár seasmhacht i dtaca le géarchéimeanna bia; agus ag treisiú ár gcaidreamh lenár bpáirtithe leasmhara. Lárnach sna hiarrachtaí seo ba ea ceiliúradh 20 bliain bhunú an Údaráis maidir le córas sábháilteachta bia na hÉireann a chosaint. Mar cheann de na chéad ghníomhaireachtaí sábháilteachta ar domhan, bhí sé ríthábhachtach go ndíreodh an t-imeacht seo aird ar an dul chun cinn a rinneadh, go ndéanfadh sé measúnú ar an áit a bhfuilímid agus ar an áit a bhfuilimid ag dul, agus an cuspóir uileghabhálach ann maidir le leanúint ar aghaidh le sláinte na hÉireann a chosaint san am atá le teacht. Ar feadh 2019, bhí an tÚdarás ina chomhpháirtí le Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun béim a chur ar thábhacht na heolaíochta i sábháilteacht bia. Cuireadh tuilleadh béime air seo trí chomhdháil eolaíochta bia Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar ar fhreastail breis agus 300 saineolaí bia idirnáisiúnta.




**Comhdháil Eolaíochta Bia Idirnáisiúnta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2019**

Le linn 2019, leanann de shonraí ó iniúchtaí gnó bia, taighde iniúchtaí, teagmhais bhia (náisiúnta agus idirnáisiúnta), agus anailísíocht suímh gréasáin cinntí gnó a spreagadh agus dul i gcion ar ár gcur chuige chun rioscaí do shláinte phoiblí a mhaolú. Tá rochtain ar

shonraí cuimsitheacha, fianaise láidir agus an fhaisnéis eolaíochta is fearr atá ar fáil fíorthábhachtach chun soláthar a dhéanamh ar uaillmhianta an Údaráis agus baintear é seo amach trí Choiste Eolaíoch an Údaráis, foireann chumasach eolaíochta, agus comhoibriú le heolaithe in Éireann agus go hidirnáisiúnta. Tá an Coiste Eolaíoch agus a fhochoistí fíorthábhachtach maidir le rioscaí a mheasúnú le haghaidh tomhaltóirí ó bhia, atá mar bhonn agus mar thaca ag cinntí láidre bainistíochta riosca agus forbairt beartas a théann chun leasa do shláinte phoiblí i ndeireadh na dála. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don mhéid a bhain na grúpaí seo amach le linn Straitéis Eolaíochta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (2016–2018).

'Bia sábháilte agus iontaofa do chách' is ea fís an Údaráis agus is é an cuspóir seo a threoraíonn conas a mhaoirsímid agus a chomhoiriúnaímid an córas rialaithe bia oifigiúil in Éirinn. Chun comhlíontacht thionscal an bhia maidir le dlí bia na hEorpa a mheasúnú, rinne an tÚdarás maoirseacht ar fhorfheidhmiú creata rialachais láidir atá bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch, ar na cumhachtaí sonraí agus forfheidhmiúcháin is fearr atá ar fáil, ag ceadú laghdú riosca an tomhaltóra, ag cuidiú le cosaint na sláinte poiblí go náisiúnta. Ár maoirseacht rialála ar an mbiashlabhra – ó chóras bia domhanda mar a bhfuil rioscaí sábháilteachta bia ann i gcónaí a éiríonn níos dúshlánaí le teacht rompu agus le bainistiú. Mar sin, leathnaíonn ár ról i gcosaint sláinte poiblí in Éirinn freisin go dtí tomhaltóirí bhia na hÉireann in 180 margadh ar fud an domhain. Is iontach an acmhainn córas láidir agus gradamach bheith i bhfeidhm i dtaobh rialuithe oifigiúla agus tá sé fíorthábhachtach maidir le taca a chur faoi shláinte agus folláine shochaíoch na hÉireann agus le dul isteach i margaí nua, agus margaí reatha a chaomhnú.

Trí shonraí a sholáthair na gníomhaireachtaí oifigiúla iniúchóireachta dúinn, d'aithníomar go bhfuil laghdú beag (0.47%) ar líon na ngnólachtaí bia in Éirinn in 2019, is féidir é seo a mhíniú de bharr méaduithe ar líon na ngnólachtaí in earnálacha an phríomhtháirgeora, na seirbhísí bia agus na hiascaireachta. Tríd is tríd, in 2019 bhí 233 gnólacht bia breise in Éirinn i gcomparáid le 2018. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú breise ar thionscal an bhia fiú faoi mar atá léirithe in '*Food Wise' 2025* na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ina leagtar spriocanna suntasacha fáis síos agus ina ngríosaítear an fás seo a sheachadadh trí easpórtálacha déiríochta, mairteola, bia mara agus bia agus deochanna tomhaltóirí. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag Brexit agus Covid-19 ar na spriocanna seo sa ghearrthéarma.



Is é ár misean "tomhaltóirí a chosaint agus comhlíontacht a ardú trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia" laistigh de thionscal bia na hÉireann. Chun an misean sin a bhaint amach, in 2019, d'oibrigh an tÚdarás chomh dian agus ab fhéidir chun leanúint ar aghaidh ag soláthar acmhainní agus uirlisí a bhí riachtanach chun tacú leis an bhfoireann cigireachta le measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht tionscail i dtaca le dlí bia, agus chun tacú freisin leis an tionscal chun cloí leis an dlí, d'ainneoin acmhainní sriantacha. Cé go bhfuil an fhreagracht dhlíthiúil maidir le bia sábháilte a chur ar an margadh ar thionscal an bhia, tá an tÚdarás agus a chomhpháirtithe sna gníomhaireachtaí oifigiúla freagrach as an bhfianaise a sholáthar chun léiriú go bhfuil an tionscal ag comhlíonadh a oibleagáidí dlíthiúla.

**Mar údarás sábháilteachta bia na hÉireann, déanaimid monatóireacht agus measúnú ar an mbiashlabhra ó gheata na feirme go dtí an forc, chun riosca do shláinte phoiblí a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú agus chun leasanna tomhaltóirí a chosaint de réir an chreata dhlíthiúil.**

Is iomaí foirm atá ag baint leis an ról seo, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar éilleáin mhicribhitheolaíochta; measúnuithe riosca a dhéanamh ar ghuaiseacha bia; iniúchadh a dhéanamh ar earnáil na seirbhíse bia agus teagmhais bhia a bhainistiú i dtaca le deacrachtaí a tharla in Éirinn nó a d'eascair as tíortha eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Déanaimid iniúchadh freisin ar chóras rialála bia chun a chinntiú go bhfuil sé láidir agus comhlíontach i dtaca le reachtaíocht rialála bia na hEorpa. ina fhianaise seo ar fad is gá go mbeadh líonra saineolaithe eolaíochta agus cigirí bia sároilte agus inrochtana ann a bhfuil eolas agus saineolas acu ar anailís riosca agus eolaíocht bharántúlachta, bainistíocht riosca agus cigireacht bhia a chabhraíonn le dul i gcion ar chinntí agus ar bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta a imríonn tionchar ar shláinte agus folláine phoiblí.

Is obair leanúnach í ár n-obair i mbainistíocht na dteagmhas bia. Le linn 2019, d'eisigh an tÚdarás 55 foláireamh bia agus 52 foláireamh ailléirgine, agus dhéileáil sé le 679 teagmhas bia, arb ionann é agus laghdú 15% ar fhigiúr 2018 (799). Bhí gearáin tomhaltóirí i dtaca le bia nó áitreabh bia, lipéadú agus ailléirgíní mórán mar an gcéanna leis an uimhir a taifeadadh in 2018 (3,460). I gcaitheamh na bliana chuireamar cleachtadh aithrise géarchéime i gcrích chun a chinntiú go bhfuilímid ullamh do ghéarchéimeanna sábháilteachta bia amach anseo. Tháinig ardú suntasach ar ghearáin i dtaobh faisnéis ailléirgine, sláinteachais agus nimhiú bia le linn 2019. In 2018, dhéileáil Líne Chomhairle an Údaráis le 8,964 ó thionscal. Bhain roinnt de na ceisteanna ba rialta le reachtaíocht i dtaobh riachtanais lipéadaithe bia; iarratais ar fhoilseacháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, mar aon le faisnéis le haghaidh gnólachtaí bia nua atá ag dul i mbun gnó.

Is príomhluachanna de chuid an Údaráis iad comhoibriú agus ionracas, agus chun ár misean a chomhlíonadh oibrímid i gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla agus i gcomhar le grúpaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá ár gcaidreamh lenár gcomhpháirtithe rialála lárnach maidir le rath na hÉireann i dtaca le tomhaltóirí a chosaint agus le córas rialaithe sábháilteachta bia feabhsaithe a sheachadadh. Trínár gconarthaí seirbhíse, mar aon lenár gcaidreamh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, agus le Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil, cinntímid go bhfuilimid in ann ár n-acmhainní teoranta a threorú chun díriú ar na réimsí is mó riosca i gcomhair tomhaltóirí. Mar sin féin, tabharfaidh aon laghdú breise i gcás acmhainní ár ndúshlán go mór chun sláinte phoiblí a chosaint.

Cinntíonn ár ndlúthchaidreamh oibre leo sin níos faide i gcéin freisin gur féidir linn faisnéis chriticiúil a roinnt, a mhalartú agus a threisiú ar mhodh tráthúil mar a bhfuil riosca ann do thomhaltóirí ó bhia, a tháirgtear in Éirinn nó a iompórtáiltear isteach go hÉirinn. Cruthaíonn an dlúthchaidreamh seo ardán úsáideach freisin mar ar féidir le tíortha foghlaim, léargais agus na cleachtais is fearr a roinnt. Cuirfidh comhpháirtíochtaí agus rannpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí amhail an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia i dTuaisceart Éireann, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, agus ár gcomheagraíochtaí san Eoraip agus ar fud an domhain ar ár gcumas rochtain a fháil ar fhaisnéis thráthúil, bheacht agus dhaingean a chabhraíonn linn chun córais rialuithe fianaise-bhunaithe, den chéad scoth a sheasann aon mhionscrúdú.

Tháinig Rialachán (AE) 2017/625 i bhfeidhm ar an 14 Nollaig 2019. Leagann an Rialachán seo rialacha síos maidir le feidhmíocht Bhallstáit an AE i dtaobh rialuithe san earnáil agraibhia, tá sé ann in ionad reachtaíocht reatha rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 854/2004. In 2019, cuireadh obair shuntasach isteach maidir le hullmhú chóras rialaithe bia na hÉireann d'fhorfheidhmiú Rialachán (AE) 2017/625; cuimsítear leis seo obair fhairsing tras-ghníomhaireachtaí, a chabhródh le todhchaí gheal a chinntiú i gcás chur chuige rialála na hÉireann i dtaobh sábháilteacht bia agus barántúlachta.



Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair na foirne cigireachta agus shaotharlanna an Stáit maidir le clár suntasach oibre a sheachadadh i gcaitheamh na bliana, go háirithe ó tharla go raibh go leor de na gníomhaireachtaí ag obair le hacmhainní sriantacha. Chun a chinntiú gur féidir linn ár sainordú reachtúil a sheachadadh tá gá le foireann, agus tá sé de phribhléid againn go bhfuil foireann thar a bheith gairmiúil agus tiomanta laistigh den Údarás. In 2019, leanamar ar aghaidh le clár oibre arb é a chuspóir timpeallacht ionchuimsitheach, chomhoibríoch agus ardfheidhmíochta an Údaráis a fheabhsú. Bhí forfheidhmiú na ngníomhaíochtaí a sainaithníodh inár suirbhé foirne i gceist leis an gclár oibre seo agus leanamar ar aghaidh freisin le deiseanna forbartha gairmiúla agus pearsanta a sholáthar d'fhoireann an Údaráis agus do chomhaltaí an Bhoird.

**Táimid muiníneach agus ullmhaithe maidir leis na blianta atá le teacht de réir mar a fhéachaimid lenár straitéis a oibriú agus a sheachadadh i dtréimhse le dúshláin nach bhfacthas a leithéid cheana.**

Braithfidh an méid a bhainfear amach i misean an Údaráis ar na hacmhainní a leithdháiltear air chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh lena chóras rialuithe a sheachadadh de réir fianaise eolaíochta ar thús cadhnaíochta agus an eolais is déanaí. Leanfaimid ar aghaidh le hacmhainn agus inniúlacht a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh de chóras rialaithe bia na hÉireann chun ligean d'Éirinn freagairt agus déileáil go héifeachtach le géarchéimeanna reatha agus géarchéimeanna amach anseo. Tá sé fite fuaite i gcultúr agus i straitéis an Údaráis go gcruthaítear timpeallacht ina bhfuil iontaoibh as Éirinn agus ina sainaithnítear Éire mar cheannaire i sábháilteacht agus ionracas bia.Tá cáil ar Éirinn ar fud an domhain mar 'oileán bia'. Cuireann an cháil seo dualgas agus freagracht bhreise ar ghnólachtaí bia chun bia iontaofa agus sábháilte a tháirgeadh. Go simplí, níl aon mhargadh ann do bhia contúirteach, agus ní mór dóibh siúd ar fad atá páirteach i gcóras bia na hÉireann – go háirithe tionscal an bhia – tús áite a thabhairt do shláinte agus leasanna tomhaltóirí i dtaca le bia. Ina cheann sin, seachadfaimid córas láidir rialuithe agus rialaithe chorparáidigh atá deartha chun cuntasaíocht, trédhearcacht agus luach poiblí laistigh dár gcóras bia a chinntiú. Beidh sé seo níos tábhachtaí fós i bhfianaise Brexit agus phaindéim Covid-19.

Tá dea-cháil ar an Údarás ar fud an domhain de bharr thiomantas a fhoirne saineolaithe chun tomhaltóirí a chosaint. Tá cáil air freisin mar gheall ar an tiomantas láidir a sholáthraíonn tionscal bia na hÉireann, agus tugaimid moladh dóibh as an méid sin. Tá cigirí bia na ngníomhaireachtaí oifigiúla agus an fhoireann i saotharlanna a oibríonn faoi chonradh daingean leis an Údarás ríthábhachtach chun ár gcuspóir a bhaint amach maidir le bia sábháilte agus iontaofa a chinntiú do chách, agus gabhaimid buíochas leo agus tugaim aitheantas dóibh as a ndúthracht agus a ndíograis leantach ina ról mar chuid den chigireacht náisiúnta sábháilteachta bia. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis an Aire Sláinte, Simon Harris, TD; leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD; agus le foirne a ndá Roinn faoi seach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhaltaí Boird freisin, an Coiste Eolaíoch, leis an gComhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia, agus le fóraim an tionscail agus muid ag obair chun ár straitéis nua a sheachadadh sna ceithre bliana atá romhainn.

**Dr Pamela A Byrne**

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

**Martin Higgins**

Cathaoirleach

# Forléargas ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**Bunaíodh an tÚdarás in 1998 faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 mar ghníomhaireacht neamhspleách de chuid an Rialtais a bhfuil an fhreagracht air as an dlí faoi bhia a fhorfheidhmiú in Éirinn. Achtaíodh an tAcht sin i mí Iúil 1998 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1999.**


Comhlacht forfheidhmiúcháin rialála náisiúnta reachtúil, neamhspleách agus bunaithe ar eolaíocht is ea an tÚdarás, atá tiomanta don tsláinte phoiblí agus leasanna tomhaltóirí a chosaint i réimsí na sábháilteachta an tsláinteachais bia, an ionracais agus na barántúlachta. Tuairiscíonn sé don Aire Sláinte, a cheapann Bord 10 gcomhalta. Tá Coiste Eolaíoch 14 chomhalta aige chomh maith (arna gceapadh ag an Aire Sláinte) a chuidíonn leis an mBord agus a thugann comhairle dó. Dá bharr sin, déantar cinntí a bhaineann le sábháilteacht bia, sláinteachas agus ionracas trí úsáid a bhaint as an gcomhairle agus as an eolas is déanaí agus is fearr atá ar fáil.

Cinntíonn sé seo go mbeidh fáil ag daoine in Éirinn ar sholáthar bia sábháilte agus eolas iontaofa faoin mbia a itheann siad. Ar an mbealach seo, glacann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann gach céim réasúnach chun go mbainfidh bia a itear, a tháirgtear, a dháiltear nó a ndéantar margaíocht air in Éirinn na caighdeáin is airde atá ar fáil amach maidir le sábháilteacht bia agus sláinteachas, agus chun a chinntiú go gcomhlíonann bia riachtanais dhlíthiúla nó, nuair is cuí, le cóid shainaitheanta dea-chleachtais.

Agus an méid sin á dhéanamh aige, cosnaíonn an tÚdarás tomhaltóirí bhia na hÉireann sa bhaile agus thar lear araon. Tá gníomhaíochtaí an Údaráis lárnach maidir le taca a chur faoi shláinte shochaíoch agus fás geilleagrach na hÉireann.

## Ag cur taca faoi shláinte shochaíoch agus fás geilleagrach

Bunús sochaí sláintiúla agus geilleagair fheidhmiúil is ea daoine sláintiúla ag déanamh cinntí feasacha i dtaca leis an mbia a itheann siad. *Sainaithníonn Ráiteas Straitéise na Roinne Sláinte 2016–2019* an tábhacht le cinntiú go bhfuil na creata agus beartais dhlíthiúla iomchuí agus na struchtúir ábhartha i bhfeidhm chun na caighdeáin is airde a bhaint amach ó thaobh sábháilteacht bia agus chun cuspóir foriomlán na Roinne Sláinte a bhaint amach maidir le tacú le daoine saol sláintiúil agus neamhspleách bheith acu.



Do dhaoine aonair, d'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí sláinte géara (e.g. gaistreintríteas) agus ainsealacha (e.g. ailse) araon ag baint le baictéir neamh-inmhianaithe, víris agus ceimiceáin i mbia, agus bíonn éifeacht shuntasach acu seo ar chaighdeán na beatha. Lena chois sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh éifeacht ag iarmhairtí bia-nimhithe ar an ngeilleagar ar bhonn sochaíoch de bharr nach bhfuil daoine ábalta bheith ag obair, agus de bharr cúram sláinte freisin. De réir

nahEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), bia contúirteach is cúis le 600 milliún cás de ghalair bhia-iompartha agus le 420,000 bás gach bliain. Tarlaíonn tríocha faoin gcéad de na básanna a bhaineann le galair bhia-iompartha i measc páistí faoi bhun 5 bliana d'aois. Mheas an EDS go gcailltear 33 milliún bliain i gcás beathaí sláintiúla gach bliain ar fud an domhain de bharr bia contúirteach a ithe. Dá bharr sin, ciallaíonn soláthar bia níos sábháilte feabhsuithe i mbeatha daoine in Éirinn trí rátaí tinnis laghdaithe, costais sláinte agus leasa níos ísle, agus táirgiúlacht gheilleagrach mhéadaithe.

**Is é déantúsaíocht an bhia agus na ndeochanna an earnáil dhúchasach is mó in Éirinn, le láimhdeachas meánach bliantúil dar luach €27.5 billiún.**

Tá sé comhtháite go domhan sa gheilleagar trí chéile, sa mhéid go gcaitear €18 mbilliún in aghaidh na bliana ar chaitheamh idirmheánach in earnálacha eile chomh maith le €2.1 billiún breise in aghaidh na bliana ar chúiteamh fostaí. Is ionann sin agus 94% de shreafaí táirge sheachtraigh ó earnáil na talmhaíochta.

Chomh maith le freastal ar mhargaí na grósaeireachta intíre agus na seirbhíse bia, tá tionscal an bhia agus na ndeochanna thar a bheith idirnáisiúnta agus déantar easpórtáil chuig 180 tír. Tá seasamh suntasach aige fós sa Ríocht Aontaithe, i margaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, agus i margaí idirnáisiúnta.

Cuireann easpórtálacha feola agus déiríochta taca faoi rath na hÉireann i gcás bia agus deochanna, Is í Éire an t-easpórtálaí glan is mó i dtaobh comhábhair dhéiríochta, mhairteola agus uaineola san Eoraip. Easpórtálann Éire breis agus 80% dá táirgeadh déiríochta agus mairteola. Tá fostaíocht agus easpórtálacha ar ais mar a bhí, nó níos airde, i gcás leibhéil 2009. Ina theannta sin, tá baint dhíreach ag 250,000 post leis an earnáil agraibhia.

Tá earnáil an bhia agus na ndeochanna scaipthe ar fud na tíre agus is spreagadh láidir é maidir le forbairt réigiúnach, rud is ionann agus 9.7% d'fhostaíocht sna réigiúin is laige in Éirinn ó thaobh an gheilleagair de.

Cuireann tiomantas Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i dtaca le forbairt comhlíontachta agus soláthar bia shábháilte taca faoi fheidhmíocht na dtionscal seo atá fíorthábhachtach ó thaobh an gheilleagair de. Imríonn sé ról suntasach freisin maidir le híomhá na hÉireann go náisiúnta agus go domhanda mar tháirgeoir den chéad scoth de bhia sábháilte agus iontaofa. Go simplí, níl aon mhargadh ann do bhia contúirteach.

Beidh obair an Údaráis chun sábháilteacht a chinntiú i dtaobh sholáthar bhia na hÉireann níos tábhachtaí fós mar thoradh ar Brexit, agus go háirithe más beacht iad réamh-mheastacháin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara *Food Wise 2025*.

# Córas sábháilteachta bia na hÉireann




**Figiúr 1** Córas sábháilteachta bia na hÉireann

# Cad a dhéanann an tÚdarás

**Is é príomhchúram an Údaráis dlí faoi bhia a chur i bhfeidhm, a ndéantar é a chomhordú trí obair i gcomhar le húdaráis rialaithe bia eile. Cuireann líonra gníomhaireachtaí oifigiúla reachtaíocht bia i bhfeidhm thar ceann an Údaráis trí chlár conarthaí seirbhísí, a ndéanann an tÚdarás monatóireacht air. Tuairiscíonn an tÚdarás freisin ar ghníomhaíochtaí gníomhaireachtaí agus lorgaíonn sé feabhsú agus cuntasaíocht leanúnach trí chlár iniúchtaí rialta. Léigh tuilleadh faoi raon [agus scóip ár n-oibre anseo].**





**Figiúr 2** Raon agus scóip obair an Údaráis

# Conas a oibríonn an t-údarás

**Chuir an tÚdarás reachtaíocht faoi bhia i bhfeidhm trí chonarthaí seirbhíse le 31 gníomhaireacht oifigiúla in 2019, agus soláthraíonn an tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 an bonn reachtúil lena aghaidh seo.**

Is é ról an Údaráis comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí oifigiúla sin, trí na conarthaí seirbhíse, a thugann cuntas ar ghníomhaíocht a fheidhmíonn na gníomhaireachtaí oifigiúla. Maireann na conarthaí seirbhíse ar feadh trí bliana ar a laghad, agus is féidir athbhreithniú a dhéanamh orthu ar iarratas ón Údarás nó ón ngníomhaireacht oifigiúil i rith an ama sin. Tionóltar cruinnithe rialta ar leibhéal comhaontaithe agus caighdeán sábháilteachta bia leis an lucht bainistíochta sinsearaí i ngach gníomhaireacht agus leis na bainisteoirí líne atá freagrach as seirbhís iniúchóireachta agus anailíse a sheachadadh.




**Figiúr 3** Conas a oibríonn an t-údarás

## Rannpháirtíocht an Lucht Tionscail

Cé go bhfuil tionscal an bhia freagrach go príomha as sábháilteacht bia ar mhargadh na hÉireann, is ról maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ag an Údarás.

Dá bharr sin, téann an tÚdarás i mbun teagmhála le tionscal an bhia chun comhlíontacht a spreagadh agus chun gnólachtaí bia a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí. Le linn 2019, lean an tÚdarás lena rannpháirtíocht le tionscal an bhia ar a lán leibhéal chun an gá don earnáil freagracht a ghlacadh as bia sábháilte a tháirgeadh agus a chur ar an margadh a neartú agus feabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia.

Chun na críche sin, d'óstáil an tÚdarás roinnt cruinnithe lena cheithre fhóram tionscail (féach Aguisin 1 le haghaidh liosta de na comhaltaí). Cuirtear ardán ar fáil leo sin d'earnálacha áirithe den tionscal bia chun ceisteanna bainteacha a ardú agus faisnéis thábhachtach a fháil ón Údarás.

### Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia

Tugann Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia grúpa an-ilchineálach agus an-fhuinniúil de tháirgeoirí ceardbhia, ar scála beag nó bia intíre le chéile. Cuireann an Fóram deis ar fáil trínar féidir leis an earnáil agus leis na rialtóirí dul i mbun teagmhála lena chéile, idirghníomhú agus faisnéis a mhalartú. Cabhraíonn sé seo dá réir sin le comhlíontacht ar fud na hearnála a fheabhsú. Tháinig an Fóram le chéile ceithre huaire in 2019. Tugtar léiriú ar éagsúlacht na hearnála trí raon topaicí a pléadh i mbliana, orthu sin tá: glacadh leis tsolúbthacht atá ar fáil i ndlí faoi bhia – mar shampla, chun feidhmiú seamlas éanlaithe clóis áitiúla ar scála beag a chumasú; na himpleachtaí a d'fhéadfadh bheith ag teicneolaíochtaí tástála mearfhorbartha ar tháirgeoirí; úsáid gliofosáite i gcás na talmhaíochta; sláinte beach; mílipéadú féideartha meala; an fhéidearthacht chun sainmhíniú a thabhairt ar ainmneacha áirithe bia a sholáthar (e.g. taos géar agus putóg dhubh Éireannach); an mothú go bhfuil rórialú i gceist leis an earnáil, idirghníomhaíochtaí le soláthraithe agus le rialtóirí oideachais a fhorbairt agus a fheabhsú; ag cócaráil os cionn tine; agus díol líon beag uibheacha trí ionaid díola áitiúla a chumasú.

### An Fóram Miondíola

Tá comhaltaí ó na príomh-ollmhargaí agus ó na príomhghrúpaí siombaile atá ag oibriú in Éirinn ina gcuid den Fhóram Miondíola. Feidhmíonn an Fóram chun cur le tuiscint ar an reachtaíocht faoi bhia agus chun comhairle faoi shábháilteacht bhia a scaipeadh agus dea-chleachtas a roinnt. Bhí ceithre chruinniú ag an bhFóram Miondíola in 2019; dhá chruinniú rialta agus dhá chruinniú ad hoc chun ullmhacht do Brexit a phlé. Seo a leanas na príomhcheisteanna a pléadh: frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach; Brexit; Campalabaictéar; eolas ailléirgine ar bhianna neamh-réamhphacáilte; aicriolaimíd; reachtaíocht atá le teacht faoi phríomh-chomhábhair; aimsiú Escherichia coli tocsain-táirgthe Shiga i mbia, athfhoirmliú táirge; lipéadú cáise bainne amh; baoiteáil fhadtéarmach; agus Rialachán (AE) 2017/625 ar rialuithe oifigiúla.

### An Fóram Seirbhíse Bia

Tagann comhaltaí an Fhóraim Seirbhíse Bia ó ghnólachtaí lónadóireachta, ó ghnólachtaí seirbhísí bia agus ó eagraíochtaí ionadaíocha. Scaipeann an Fóram comhairle sábháilteachta bia, roinneann sé dea-chleachtas agus cuireann sé feabhas ar thuiscint maidir le reachtaíocht faoi bhia ábhartha. Tháinig an Fóram Seirbhíse Bia le chéile dhá uair in 2019. Seo a leanas na príomhcheisteanna a pléadh: Brexit; aicriolaimíd; athbhreithniú ar *Safe Catering Pack* Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; ordú béilí agus seirbhísí seachadta ar líne, comhsheasmhacht forfheidhmithe; aigéad tras-sailleach; agus baoiteáil fhadtéarmach.

### An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach

Is é an Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach an coiste náisiúnta páirtithe leasmhara maidir le Clár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann. Is é aidhm an Chláir cinntiú nach gcuirtear ach sliogéisc shábháilte ar an margadh. Déanann an tÚdarás cathaoirleacht ar an gCoiste agus cuimsítear leis ionadaithe ó ghníomhaireachtaí oifigiúla (an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Foras na Mara agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte). Bord Iascaigh Mhara, tionscadal an sliogéisc, agus grúpaí páirtithe leasmhara eile. Le linn 2019, tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire agus phléigh siad raon ceisteanna, lena n-áirítear comhordú samplach, imeachtaí bitocsaine agus caighdeán uisce sliogéisc. Chuir an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Foras na Mara an t-eolas is déanaí faoi bhráid an Choiste maidir le noraivíreas, treochtaí ginearálta tocsaineachta, caighdeán an uisce, éilleáin timpeallachta agus forbairtí i dtaca le sábháilteacht sliogéisc laistigh d'Éirinn. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an mbitocsain agus ar chóid chleachtais mhicribhitheolaíochta faoin gClár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann. Chuir comhaltaí an Choiste aiseolas ó úsáideoirí ar fáil d'Fhoras na Mara maidir leis an bhforbairt leanúnach i dtaobh bunachair sonraí blásanna algacha díobhálacha bitocsaine, agus thacaigh páirtithe leasmhara freisin le Foras na Mara sa bhealach a raibh Ceardlann Sábháilteachta Sliogéisc á reáchtáil le haghaidh údaráis inniúla agus gach páirtí leasmhar.

# Comhoibrithe Eile

**In 2019, mharcáil an tÚdarás 20 bliain a bhunaithe. Is léir d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann gur féidir leis comhoibrithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a aithint mar chuid de na cúiseanna dá rath comhchoiteann i sábháilteacht bia le breis agus 20 bliain. Ar an mbealach seo, sainaithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann lena chomhoibrithe agus lena pháirtithe maidir le córas rialuithe a sheachadadh le haghaidh sábháilteacht bia agus barántúlachta a chinntíonn go slánaítear a fhís i dtaca le bia sábháilte agus iontaofa do chách. Tá an comhoibriú ar cheann de chroíluachanna an Údaráis, agus creideann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann go hiomlán nach féidir a inniúlacht chun tomhaltóirí a chosaint a chur i gcrích ach trí obair i gcomhar agus i gcomhpháirt laistigh d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus le tionscal agus le páirtithe leasmhara araon.**


Le linn 2019, lean an tÚdarás ar aghaidh lena chomhoibriú le roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus thar lear araon. Déantar a chomhoibriú agus a chomhar dlúth le Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chaighdeáin Bhia a chumasú trí Mheabhrán Tuisceana atá deartha chun comhoibriú mear agus éifeachtach sa chás go mbeidh teagmhas bia trasteorann agus chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí a bhaineann le forfheidhmiú sa dá dhlínse. Cuimsíonn an Meabhrán Tuisceana idir Gníomhaireacht na Lochanna agus an tÚdarás cúnamh a sholáthraíonn Gníomhaireacht na Lochanna chun feidhmiú Chlár Monatóireachta Sliogiasc na hÉireann a éascú. Lean an tÚdarás ar aghaidh lena obair le bia mara in 2019 i gcás réimsí comhleasmhara agus le deiseanna a shainaithint le haghaidh comhoibriú amach anseo. Cuimsítear leis seo bhí comhcheiliúradh chun Lá Domhanda Sábháilteachta Bia 2019 a mharcáil le chéile in éineacht leis an Roinn Sláinte, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus comhaltaí thionscal an bhia. D'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le rialtóirí eile in Éirinn, lena n-áirítear an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Lena chois sin, d'oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun ceiliúradh 20 bliain bhunú an Údaráis a mharcáil agus chun ómós a thabhairt don mhéid mór millteach a dhéanann eolaíocht ar son sábháilteacht bia gach bliain.




**Lá Domhanda Sábháilteachta Bia 2019**

Glacann an tÚdarás páirt i gCoiste Comhairle Eolaíoch den Lárionad Faire um Chosaint Sláinte de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus i gCoiste na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Glacann an tÚdarás páirt go leanúnach, agus go gníomhach ar líon coistí eile ó eagraíochtaí eile, arb iad a gcuspóirí caighdeáin a ardú agus a chothú in earnáil an bhia. San áireamh

sna heagraíochtaí seo tá: Búistéirí Ceardbhia Comhlachaithe na hÉireann, Bord Bia, Údarás Craolacháin na hÉireann, an Chomhpháirtíocht Náisiúnta Sláinteachais, agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.



**D'óstáil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann cruinniú de na Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa i Márta 2019.**

Is ball gníomhach é an tÚdarás den Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus de Chinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa, agus tá sé ina chathaoirleach freisin ar Chleachtóirí Forfheidhmiúcháin Dlí Bia, grúpa iniúchóirí agus pearsanra saotharlainne de chuid an AE atá ag gabháil d'fhorfheidhmiúchán dlí bia. Ina theannta sin, glacann an tÚdarás páirt i gcruinniú domhanda rialtas-le-rialtas ar úsáid scéimeanna deimhniúcháin phríobháidigh i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla, agus is ball gníomhach é den Choimisiún Idirnáisiúnta ar Shonraíochtaí Micribhitheolaíochta le haghaidh Bianna. Cuidíonn an tÚdarás le gníomhaireachtaí i dtíortha eile a mheasann gur eiseamláir é an tÚdarás do ghníomhaireachtaí náisiúnta aonair um rialú bia. Anuas air sin, leanann an tÚdarás dá bhallraíocht de Chórais Bianna Inbhuanaithe na hÉireann, tionscnamh de chuid Fhiontraíocht Éireann agus na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun saineolas sábháilteachta bia, eolaíoch, teicniúil, beartais agus agraibhia a chur ar fáil chun tacú le forbairt thar lear.

San áireamh sa rannpháirtíocht Eorpach in 2019 tá rannpháirtíocht leanúnach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i líonra Ballstát eile agus sa Choimisiún Eorpach ag obair ar fhormáid chaighdeánach chun Pleananna Rialuithe Náisiúnta a tháirgeadh le haghaidh rialuithe oifigiúla trasna an AE agus chun tuairisciú orthu. Lena chois sin, ghlac Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann páirt i ngrúpa oibre AE i dtaca le cloí le rialacha AE i dtaobh monatóireacht agus tuairisciú ar ola olóige.

San áireamh san obair idirnáisiúnta tá tionscnaimh forbartha acmhainne i gcórais um rialú bia i Vítneam agus san Albáin. In 2019, thosaigh an tÚdarás, mar aon le cuibhreannas gníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, ag tacú leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas leis an AE trína caighdeáin sábháilteachta bia, tréidliachta, agus sláinte phlanda a neartú. Táthar ag iarraidh go leanfar ar aghaidh leis an tionscadal seo go ceann trí bliana agus tacaíonn deontas €5 mhilliún AE leis. Tá an cuibhreannas faoi stiúir an Údaráis agus cuimsítear leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, le bainistiú tionscadail ó Chórais Bianna Inbhuanaithe na hÉireann. I measc na gcomhpháirtithe eile tá Údarás Bia na Fionlainne agus comhpháirtí neamhbhrabúis Albánach, Réitigh Ghnó Chruthaithigh.

**I nDeireadh Fómhair 2019, d'óstáil an tÚdarás toscaireacht ón Albáin mar chuid den Tionscadal Sábháilteachta Bia, a bhí á mhaoiniú ag EuropeAid.**

D'fhreastail an toscaireacht 13 ball shinsearacha foirne ó cheithre ghníomhaireacht Stáit ar cheardlann seachtaine ar Phleananna Rialaithe Náisiúnta agus ar phleanáil bunaithear ar riosca. Rinneadh an obair chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le plean rialaithe níos comhtháite a chuireann síos ar ghníomhaíochtaí na n-údarás ábhartha uile san Albáin agus ar na socruithe i gcomhair comhordú eatarthu. Chomh maith le cuir i láthair ó speisialtóirí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i gcás roinnt réimsí, thug an cheardlann deis freisin dóibh siúd a bhí i láthair chun córais reatha laistigh den Albáin a mhionscrúdú i bhfianaise reachtaíocht agraibhia-shlabhra AE chun réimsí ar féidir iad a fheabhsú a shainaithint, agus chun na córais chéanna a mheasúnú go géarchúiseach chun cabhrú leis na gníomhaíochtaí amach anseo a bhaineann leis an tionscadal a threorú. Leanadh ar aghaidh leis an idirbheartaíocht idir gníomhaireachtaí bia i Vítneam agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála in 2019 mar chuid de chlár forbartha idirnáisiúnta de chuid Chúnamh Éireann. Mar thoradh air seo thug oifigigh sábháilteachta bia Vítneam cuairt ar oifigí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le linn 2019.



**Cuairt ó ghníomhaireachtaí bia san Albáin**

Ó pheirspictíocht dhomhanda, roinn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann smaointe le Ceanada agus an Nua-Shéalainn ar mhaithe le caidreamh oibre níos foirmiúla a fhorbairt leis na tíortha seo amach anseo. Bhí comhaontú rúndachta ag an Údarás leis an Údarás Bia agus Drugaí de chuid na Stát Aontaithe (SMA). Agus leanann sé ar aghaidh le toscaireachtaí eachtrannacha a óstáil ar mian leo foghlaim níos mó faoi straitéis agus gníomhaíochtaí an Údarás. In 2019, d'óstáil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann cruinniú de na Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa, mar aon le toscaireachtaí a óstáil ón Albáin, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Vítneam agus an Ísiltír.

Is ball den Choimisiún Idirnáisiúnta ar Shonraíochtaí Micribhitheolaíochta le haghaidh Bianna é Stiúrthóir Eolaíochta agus Chaighdeáin Bhia an Údaráis, an Dr Wayne Anderson. Is é an tÚdarás an pointe teagmhála freisin i gcomhair Líonra na nÚdarás Idirnáisiúnta Sábháilteachta Bia (INFOSAN), comhthionscnamh idir an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus Foras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe. Tá 177 Ballstát páirteach i ngnáthmhalartú faisnéise ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht bia agus roinnt eispéireas agus saineolais agus ceadaíonn sé rochtain mhear ar eolas i gcás éigeandálaí sábháilteachta bia.

Comhoibríonn an tÚdarás le Bia Deoch Éireann ar fhaire na fáistine tríd an bhFóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn, a bhfuil baill den Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, de Bhia Deoch Éireann agus na mórdhéantúsóirí bia ilnáisiúnta ann. Níl aon amhras ach go bhfuil na comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí seo fíor-riachtanach chun córas bia sábháilte agus iontaofa a chinntiú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Tugann an tÚdarás aitheantas don mhéid a dhéanann a chomhpháirtithe chun seachadadh an chórais seo in Éirinn a bhaint amach.


# Straitéis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2019-2023

**Lainseáil an tÚdarás straitéis nua in 2019. Leagann an straitéis síos a fhís, a mhisean, a luachanna, agus a spriocanna agus a chuspóirí straitéiseacha do na cúig bliana atá amach romhainn agus is toradh é ar an gcomhairliúchán fairsing inmheánach agus seachtrach. Tugann fís Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le bia sábháilte agus iontaofa do chách léargas soiléir ar uaillmhian an Údaráis, agus tógann seachadadh na straitéise ar an obair a rinneadh san am atá thart, ag cothú cur chuige comhpháirtíochta trí chóras rialála sábháilteachta bia a sheachadadh atá pleanáilte go straitéiseach agus a leanann ar aghaidh bheith ábhartha, forásach agus láidir don todhchaí.**

Tá rath an Údaráis ag brath go mór ar dhlí faoi bhia, eolaíocht agus comhoibriú leo siúd sa phobal sábháilteachta bia. Tá a thiomantas maidir le tomhaltóirí a chosaint mar bhunchloch lena mhisean, a deir:

**“Cosnaímid Tomhaltóirí agus ardaímid comhlíontacht trí chomhpháirtíocht, trí eolaíocht agus trí fhorfheidhmiú an dlí faoi bhia.”**

Léiríonn figiúr 4 na luachanna atá mar bhunchloch leis an mbealach a n-oibríonn an tÚdarás:




**Figiúr 4** Luachanna Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

Treoraíonn na luachanna sin cinntí agus idirghníomhaíochtaí an Údaráis agus an eagraíocht ar a dícheall a fís a chur i gcrích agus a misean agus cuspóirí straitéiseacha a sheachadadh. Treoróidh an straitéis nua agus ráiteas misin seo ár bhfís do na cúig bliana atá romhainn.

# Freagrach shóisialta chorparáideach

**Tá an tÚdarás tiomanta d'fheidhmiú ar bhealach freagrach ó thaobh cúrsaí sóisialta de. Mar ghníomhaireacht phoiblí, tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann eolach ar an éifeacht a bhíonn ag a ghníomhaíochtaí ar a fhoireann, a pháirtithe leasmhara, ar an tsochaí, agus ar an gcomhshaol. Chuige sin, shainaithin an tÚdarás coigiltis chomhshaoil, oideachais, dramhbhia, phacáiste, rochtana agus bailithe airgid mar phríomhréimsí fócais le haghaidh forbairt freagrachta sóisialta corparáideach in 2019.**

Tá an tÚdarás tiomanta dá dhualgais reachtúla a chur i gcrích ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Mar thacaíocht le pleananna gníomhaíochta AE agus an Rialtais, chuaigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i mbun teagmhála le páirtithe leasmhara ar bhealach a gcoimeádfadh an riosca don chomhshaol chomh híseal agus ab fhéidir agus chuidigh sé le tiomantas na hÉireann i dtaca le astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú in 2019. Chiallaigh sé sin gur lú an gá le taisteal chuig cruinnithe nuair a bhí réitigh theicneolaíochta ar fáil, ag cinntiú gur úsáid an fhoireann iompar poiblí chomh minic agus ab fhéidir chun le taisteal chuig cruinnithe; rud a spreag do bhaill foirne leas a bhaint as iompar poiblí agus iad ag taisteal chuig agus ón obair chun lorg carbóin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a laghdú. Lean Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar aghaidh le scéim an Ticéid Comaitéara Cáinchoigilteora agus scéim Rothar chun Oibre a thacú agus a chur chun cinn in 2019.

**Sholáthair an tÚdarás cumarsáid feasachta comhshaoil don fhoireann freisin in 2019 chun feasacht a ardú agus chun lorg carbóin a laghdú.**




Tá deimhniúchán chaighdeán óir LEED bainte amach ag an bhfoirgneamh Malartáin ina bhfuil an tÚdarás mar gheall ar a bhéim ar éifeachtúlacht inbhuanaitheachta agus fuinnimh, agus tá rátáil BER A3 ag gabháil leis. I gcomparáid le foirgnimh eile, a bhfuil rátáil BER C1 i gceist leo, léiríonn an rátáil seo lag-dú 50% ar ídiú fuinnimh, laghdú 51% ar astaíochtaí carbóin, agus laghdú 30% ar úsáid uisce. Lena chois sin, thug an tÚdarás faoi bhearta shonracha chun priontáil a laghdú agus chun coigiltis soilsithe a mhéadú trí líon na bprintéirí a laghdú agus chun úsáid a bhaint as soilsiú LED ar fud an fhoirgnimh. In 2019, rinne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leasuithe chun cloí le cinneadh an Rialtais in 2019 a leag síos nach gceannódh Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí plaistigh aon úsáide, cupáin dí, sceanra ná coinlíní óil, go díreach nó go hindíreach, ach amháin sa chás go dtiocfadh saindeacrachtaí sláinte poiblí/sláinteachais nó sábháilteachta chun cinn.

Ina theannta sin, cuimseofar le plean soláthar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, nuair is féidir, rátálacha éifeachtúlachta fuinnimh an táirge agus costais saolré mar chritéir i dtaobh tairiscint a bhronnadh in 2020. Leanfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar aghaidh bheith ina bhall réamhghníomhach den Fhoireann Comhshaoil Foirgneamh Malartáin in 2020 chun feabhsuithe a sheachadadh i dtaobh ídiú fóntas agus an méid dramhaíola a laghdú agus é mar chuspóir foriomlán aige lorg carbóin an Fhoighnimh Mhalartáin a laghdú in 2020.

**Mar eagraíocht eolasthiomáinte, tuigtear d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann gurb iad a mbaill foirne a acmhainn is tábhachtaí, agus tá sé tiomanta go mbeadh sé ina ionad oibre sásúil.**

Roghnaíodh uas-sciliú agus folláine na foirne mar phríomhréimsí forbartha in 2019, ar a n-áirítear tacú le tionscnaimh foirne amhail aireachas, ióga, carúil Nollag, club ceardaíochta, club leabhar agus gníomhaíochtaí eile sóisialta. I ndiaidh shuirbhé foirne 2018, sainaithníodh agus leathadh amach deiseanna breise i gcomhair feabhsú in 2019. Soláthraíonn an tÚdarás sárdheiseanna uas-scilithe, agus baill foirne tar éis leas a bhaint as foghlaim, cúrsaí oiliúna ar líne agus breis deiseanna forbartha gairmiúla in 2019.

Lean an tÚdarás ar aghaidh le béim a leagan ar chur le hoideachas a chur ar na glúnta atá ag teacht maidir le heolaithe bia, le cigirí sábháilteachta bia agus leo siúd atá ag staidéar ar ghairm i ngníomhaireachtaí rialála trí léachtaí agus seimineáir ar fud na hÉireann. Le linn 2019, cuireadh oiliúint scoláire ar fáil trí shocrúchán mac léinn in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus trí reáchtáil cúrsa oiliúna rialála le haghaidh mic léinn mháistreachta in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann araon i gcomhar leis na réimsí feidhmiúla eile. Ar na gnéithe breise for-rochtana ag leibhéal an tríú leibhéal tá 60 uair an chloig léachtaí, seacht máistir-rang ailléirgine le Biaslán i roinnt institiúidí tríú leibhéal, clár oiliúna dhá lá ar ghnóthaí rialála le haghaidh mhic léinn mháistreachta sábháilteachta bia i gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath (COBÁC), agus tiomantas seanbhunaithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun oiliúint a sholáthar do thréidlianna atá ag staidéar i gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Lena chois sin, tá acmhainní líonmhara treorach agus ríomhfhoghlama ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar a shuíomh gréasáin a chabhraíonn freisin le tairbhe a dhéanamh dá iarrachtaí oideachasúla agus chun iad a threisiú.



Bhí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ina chomhpháirtí leis an nGailearaí Eolaíochta i gColáiste na Tríonóide mar chuid de cheiliúradh 20 bliain a bhunaithe. Mar chuid den chomhoibriú seo, ghlac an tÚdarás páirt in imeachtaí ar dhramhbhia, inbhuanaitheacht agus úsáid pacáistíochta bia. D'ardaigh na himeachtaí feasacht ar na

hábhair thábhachtacha seo agus chabhraigh siad le seasamh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ina leith a chur in iúl. Ina theannta sin, d'óstáil Comhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann cruinniú oscailte ar phacáistíocht bhia i Samhain 2019. Bhí an cruinniú oscailte an-rathúil agus an-tairbheach san fheachtas chun cothromaíochta a bhaint amach idir sábháilteacht bia agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Réimse eile a bhfuil aird á díriú ag an Údarás air is ea rochtain. Tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann eolach ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh le cách; mar sin, tá sé ag déanamh athbhreithniú ar a chumarsáid chun cabhrú le cinntiú go mbeidh siad chomh so-aimsithe agus is féidir dóibh siúd atá ag baint leas as seirbhísí an Údaráis.

## Tá an tÚdarás tiomanta freisin do thacú le pobail go háitiúil agus go náisiúnta araon.

Le linn 2019, chuaigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i mbun tionscnaimh thiomsaithe airgid le haghaidh roinnt carthanachtaí, ceann de na cinn is suntasaí is ea bailiúchán éadaí le haghaidh Brú do Dhaoine gan dídean de chuid Crosscare, Cedar House. Ina cheann sin, ghlac Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Dr Pamela Byrne, páirt i Shine A Light Night de chuid Fhócas Éireann chun codladh amuigh faoin aer i ndlúthpháirtíocht le daoine gan dídean agus leo sin atá i mbaol bheith gan dídean. Rinne an Dr Byrne giolcaireacht bheo ar an eispéireas seo d'fhonn feasacht bhreise a ardú agus airgead breise a thiomsú i gcomhair Fhócas Éireann.

Is éiteas croílárnach don Údarás é feidhmiú ar bhealach freagrach ó thaobh cúrsaí sóisialta de, agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tógáil ar an obair seo in 2020 agus ina dhiaidh.



**Ghlac an tÚdarás páirt in imeachtaí ar dhramhbhia, inbhuanaitheacht agus úsáid pacáistíochta bia le Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath i gColáiste na Tríonóide.**





**Ghlac Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Dr Pamela Byrne, páirt i Shine A Light Night de chuid Fhócas Éireann nuair a thiomsaigh sí airgead nuair a bhí sí ag codladh amuigh faoin aer i ndlúthpháirtíocht le daoine gan dídean agus leo sin atá i mbaol bheith gan dídean.**

## Rialachas agus bainistíocht

**Tá Bord neamhfheidhmiúcháin ag an Údarás, arna cheapadh ag an Aire Sláinte, atá freagrach as ceapachán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus as maoirseacht rialachais chorparáidigh faoi réir treoirlínte an Rialtais. Cuireann dhá chomhlacht neamhspleácha comhairle ar an mBord: an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia, ar a bhfuil páirtithe leasmhara sa bhiashlabhra (e.g. tionscal an bhia, tomhaltóirí), agus an Coiste Eolaíoch, ar a bhfuil eolaithe. Tá léiriú air seo i bhFigiúr 5.**

Tá 14 eolaí neamhspleácha ar an gCoiste Eolaíoch arna gceapadh ag an Aire Sláinte i gcomhairle leis an mBord. Ní mór do Chathaoirleach an Choiste Eolaíoch bheith ina bhall den Bhord. Tugann an Coiste Eolaíoch comhairle don Bhord maidir le cúrsaí eolaíocha a chuireann taca faoi shábháilteacht bia agus faoi chothú, agus ní fhéadfaidh an tÚdarás gníomhú ar cheist ar bith a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoiste Eolaíoch go dtí go soláthraítear a thuairim don Bhord. Bunaíonn an Coiste Eolaíoch fochoistí eolaithe neamhspleácha chun a chomhairle a chur chun cinn; dá réir sin, tugtar comhairle don Údarás as obair tuairim is 83 eolaí.




**Figiúr 5** Cairt Eagrúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

## Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 2019

**An tUasal Martin Higgins (Cathaoirleach)**

**An tUasal Ciaran Byrne**

**An tUasal Mary Cullen**

**An tUasal Derek Cunningham**

**An tOllamh Albert Flynn**

**An tUasal Margaret Moran**

**An tUasal Ros O'Shea**

**An Dr Susan Quinn (Comhalta Boird go dtí Deireadh Fómhair 2019)**

**An tUasal Gerry McCurdy**

**An Dr Cliodhna Foley Nolan**

**An tOllamh Francis Butler**

**An tOllamh Patrick Wall**

## An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia, 2019

**An tUasal Ray Bowe (Cathaoirleach)**
Musgraves Retail Partners

**An tUasal Maree Gallagher**
Aturnae Dlí Bia

**An tUasal Dermot Gates**
Boxmore Plastics Ltd

**An tUasal Cormac Healy**
Meat Industry Ireland

**An tUasal Dermot Jewell**
Cumann Tomhaltóirí na hÉireann

**An tUasal Jamie Knox**
Britvic Ireland

**An tUasal Siobhan Murphy**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal James McCrudden**
Country Markets

**An tUasal Tim O Brien**
Restaurateur

**An tUasal Eamonn Quinn**
Kelsius

**An tUasal Martin Roper**
Comhairleoir Sábháilteachta Bia

**An tUasal Annette Sweeney**
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Coiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 2019

**An tOllamh Albert Flynn (Cathaoirleach)**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr Paula Barry Walsh**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tOllamh Kevin Cashman**
An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr PJ Cullen**
Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**An Dr Geraldine Duffy**
Teagasc

**An Dr Mark Fenelon**
Teagasc

**An tUasal John Keegan**
Saotharlanna an Anailísí Phoiblí, Baile Átha Cliath (ar scor)

**An tOllamh Brian McKenna**
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (ar scor)

**An Dr Eleanor McNamara**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Michael O Keeffe**
Saineolaí ar Iarmhair

**An Dr Margaret O Sullivan**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal Ray Parle**
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Donal Sammin**
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal Ita Saul**
Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn (ar scor)


# Príomh-bhuaicphointí ghníomhaíochtaí an Údaráis

## An córas oifigiúil um rialú bia: sracfhéachaint ar na huimhreacha

### Forfheidhmiú

**Le linn 2019, sheirbheáil cigirí bia 108 Ordú Dúnta, 4 Ordú Feabhsúcháin agus 13 Ordú Toirmisc, agus cuireadh 2 ionchúiseamh ar aghaidh i gcoinne gnólachtaí bia ar fud na tíre (Figiúr 3)**

Is iad seo a leanas na cineálacha ceisteanna um shábháilteacht bia athfhillteacha as a dtagann na hOrduithe Forfheidhmiúcháin agus Fógraí Feabhsúcháin (Tábla 1): drochghlanadh agus drochshláintíocht an áitribh; drochshláinteachas pearsanta; easpa uisce reatha; saoráidí ní lámh neamhleora; stóráil mhícheart bhia; easpa clár um rialú lotnaidí nó ceann neamhéifeachtach; fadhbanna struchtúracha de bharr easpa cothabháil leanúnach; agus easpa córas bainistíochta sábháilteachta bia nó ceann neamhleor.




**Figiúr 6** Orduithe Forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh, de réir contae, 2019

| Beartas um Fhorfheidhmiú | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ordú Dúnta** | 90 | 94 | 64 | 95 | 108 |
| **Fógra Feabhsúcháin** | 265 | 263 | 262 | 230 | 236 |
| **Ordú Feabhsúcháin** | 0 | 3 | 1 | 5 | 4 |
| **Ordú Toirmisc** | 16 | 9 | 4 | 10 | 13 |
| **Ionchúiseamh** | 13 | 13 | 11 | 9 | 2 |
| **Iomlán** | **384** | **382** | **342** | **349** | **363** |

**Tábla 1 Orduithe Forfheidhmiúcháin a Seirbheáladh, 2015–2019**

## Cigireachtaí gnólachtaí bia

In 2019, bhí 49,501 gnólacht bia faoi mhaoirseacht gníomhaireachtaí oifigiúla a bhfuil conarthaí seirbhíse acu leis an Údarás (Tábla 2). Is méadú beag (0.47%) é seo ar 2018. Ar na gnólachtaí bia cláraithe a ndearnadh cigireacht orthu, rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte cigireacht ar beagnach 92% díobh; rinne an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara cigireacht ar 6% díobh; rinne an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cigireacht ar 2% díobh; agus rinne na húdaráis áitiúla cigireacht ar 1% díobh. Tá dáileadh sciar na ngnólachtaí beaga a ndearna gach ceann de na gníomhaireachtaí oifigiúla cigireacht orthu mórán mar an gcéanna le sé bliana anuas. Déanann na gnólachtaí bia seo raon fairsing gníomhaíochtaí, ó ghníomhaíochtaí iompórtála agus déantúsaíochta go gníomhaíochtaí dáilte, miondíola agus lónadóireachta.

**Tábla 2 Líon agus cineál na ngnólachtaí bia faoi mhaoirseacht ag gníomhaireachtaí oifigiúla, 2015– 2019**

| Gníomhaireacht Oifigiúil | Cineál Áitribh | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | Táirgeoirí Príomhúla | 311 | 114 | 123 | 337 | 340 |
| | Déantóirí agus Pacálaithe | 383 | 297 | 352 | 441 | 428 |
| | Dáileoirí agus Iompróirí | 120 | 411 | 419 | 236 | 132 |
| | **Iomlán** | **814** | **822** | **894** | **1014** | **900** |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | An Earnáil Seirbhíse | 29 222 | 28 933 | 29 177 | 28 676 | 28 832 |
| | Níor Sainíodh | 39 | 23 | 46 | 46 | 36 |
| | Iompróirí | 105 | 123 | 132 | 144 | 130 |
| | Mórdhíoltóirí/dáileoirí | 1183 | 1138 | 1158 | 1183 | 1194 |
| | Pacálaithe | 108 | 117 | 121 | 120 | 112 |
| | Miondíoltóirí | 11 362 | 12 950 | 13 529 | 13 336 | 13 373 |
| | Iompórtálaithe/easpórtálaithe | 57 | | | | |
| | Déantóirí | 3110 | 2109 | 1437 | 1436 | 1400 |
| | Iompórtálaithe/easpórtálaithe tríú tír | | 37 | 41 | 41 | 42 |
| | Riarachán gnólachtaí bia | | 102 | 162 | 208 | 263 |
| | **Iomlán** | **45 186** | **45 532** | **45 803** | **45 190** | **45 382** |
| **Údaráis Áitiúla** | Seamlais | 205 | 201 | 195 | 182 | 175 |
| | Gléasraí Beaga Déantúsaíochta Feola | 200 | 204 | 209 | 211 | 217 |
| | Gléasraí Éanlaithe Clóis | 38 | 40 | 38 | 40 | 32 |
| | Fuarstórais | 31 | 36 | 43 | 45 | 38 |
| | Siopaí Búistéara | 8 | 9 | 8 | 9 | 9 |

| Gníomhaireacht Oifigiúil | Cineál áitribh | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gnólachtaí soghluaiste | 16 | 21 | 33 | 34 | 23 |
| | **Iomlán** | **498** | **511** | **526** | **521** | **494** |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | Árthaí iascaireachta | 2077 | 2195 | 2079 | 1912 | 2077 |
| | Forais fhaofa ar talamh | 195 | | | | |
| | Limistéir tháirgthe moileascach | 141 | 2 | 182 | 185 | 187 |
| | Gnólachtaí bia cláraithe ar talamh (lena n-áirítear gléasraí oighir) | 110 | 8 | 10 | 11 | 15 |
| | Bróicéir bia | | | | 1 | 1 |
| | Reoiteoir agus árthaí monarchan | 52 | 40 | 60 | 65 | 67 |
| | Gléasraí próiseála | | 111 | 121 | 124 | 116 |
| | Gléasra táirgí iascaigh úra | | 60 | 60 | 72 | 72 |
| | iompórtálaithe | | 53 | 58 | 64 | 62 |
| | Fuarstórais | 16 | 15 | 16 | 15 | 4 |
| | Feirmeoirí Sliogiasc | | 17 | 33 | 35 | 30 |
| | Gléasraí Íonúcháin | | 16 | 17 | 20 | 28 |
| | Ionaid Seolta | | 12 | 14 | 15 | 14 |
| | Gnólachtaí soghluaiste | | 9 | | 7 | |
| | Iompróirí | | | | 8 | 9 |
| | Mórdhíoltóirí/dáileoirí | | | | 8 | 42 |
| | Hallaí ceantála | | | | 1 | 1 |
| | **Iomlán** | **2591** | **2539** | **2651** | **2543** | **2725** |
| **Líon Iomlán na nÁitreabh Bia** | | **49 089** | **49 404** | **49 873** | **49 268** | **49 501** |

## Cigireachtaí bia

Oibríonn na gníomhaireachtaí oifigiúla uile cláir bunaithe ar riosca maidir le rialuithe oifigiúla agus déanann gach gníomhaireacht an riosca a aicmiú i gcomhaontú leis an Údarás. Déantar na gnólachtaí sin a gcuireann na gníomhaíochtaí a dhéanann siad an riosca féideartha is mó os comhair shláinte an duine a iniúchadh ar dtús. Tá cigireachtaí gan fógra i ngnólachtaí bia ina bpríomhghné sna rialuithe oifigiúla, mar aon le gníomhaíochtaí eile amhail, sampláil bhia, agus imscrúdú ar theagmhais agus ar ráigeanna. Tháinig laghdú ó 2015 go 2018 ar líon na gcigireachtaí (Tábla 3) a rinneadh. Mar sin féin, rinneadh 86 cigireacht bhia pleanáilte breise in 2019 ná in 2018. Chomh maith le cigireachtaí

pleanáilte, déantar líon mór cigireachtaí neamhphleanáilte a thagann chun cinn mar thoradh ar theagmhais bhia; imscrúduithe; fiosrú ar ghearáin ón bpobal; agus cuairteanna comhairleacha ar ghnólachtaí bia. In 2018, rinne Seirbhís Sláinte Comhshaoil Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 11,035 cigireacht neamhbheartaithe ar ghnólachtaí bia.

### Tábla 1 Líon na gCigireachtaí a rinne Gníomhaireachtaí Oifigiúla, 2015–2019

| Gníomhaireacht Oifigiúil | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)** | 36 353 | 35 786 | 33 193 | 32 254 | 31 189 |
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Cigireacht)** | 15 011 | 11 985 | 11 569 | 10 826 | 12 214 |
| **Údaráis áitiúla** | 5033 | 4870 | 4891 | 4582 | 4320 |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 2015 | 2228 | 2245 | 2122 | 2121 |
| **An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann** | 61 | 72 | 84 | 62 | 88 |
| **Líon iomlán na gcigireachtaí gnólachtaí bia** | **58 473** | **54 941** | **51 982** | **49 846** | **49 932** |

## Baill foirne ag obair i rialú oifigiúil

Tuairiscíonn na gníomhaireachtaí oifigiúla gach bliain don Údarás maidir le hacmhainní foirne a thug siad i gcomhair rialuithe oifigiúla, faoi na conarthaí seirbhíse. In 2019, bhí 1,271 coibhéis lánaimseartha bainteach le rialuithe oifigiúla a dhéanamh i ngnólachtaí bia na hÉireann (Tábla 4). Tháinig méadú 121 ar na coibhéisí lánaimseartha in 2019 le hais 2018. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an líon coibhéisí lánaimseartha i gcigireacht na sábháilteachta bia in Éirinn chomh gar le hocht mbliana anuas don líon foirne coibhéisí lánaimseartha a bhí ann in 2011 (1,280). Leanann na cigirí bia lena saineolas a fhorbairt trí chúrsaí oiliúna. In 2019, rinne na cigirí 704 cúrsaí.

### Tábla 4 Coibhéis Lánaimseartha de réir na Gníomhaireachta Oifigiúla, 2015–2019

| Gníomhaireacht Oifigiúil | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | | | | | |
| Seirbhís Cigireachta | 319 | 319 | 338 | 345 | 407 |
| Seirbhís Saotharlainne | 84 | 79 | 82 | 82 | 90 |
| **Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 304 | 336 | 339 | 339 | 377 |
| Seirbhís Saotharlainne | 128 | 104 | 130 | 124 | 125 |
| **Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann** | 72 | 70 | 73 | 79 | 79 |
| **Údaráis áitiúla** | 101 | 116 | 104 | 101 | 106 |
| **Foras na Mara** | 38 | 41 | 41 | 41 | 41 |
| **An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann** | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 43 | 42 | 36 | 40 | 45 |
| **Líon Iomlán na gCigirí Coibhéise Lánaimseartha** | **1090** | **1108** | **1144** | **1150** | **1271** |

## Sampláil Bhia

Áirítear sna conarthaí seirbhíse cláir arna ndéanamh ag na gníomhaireachtaí oifigiúla le haghaidh bia a shampláil agus a thástáil do chomhlíonadh gach gné sa reachtaíocht faoi bhia. Déanann líonra Saotharlanna Tagartha Oifigiúla agus Náisiúnta arna n-oibriú ag na gníomhaireachtaí oifigiúla anailís ar na samplaí a thógann na cigirí sábháilteachta bia. In 2019, rinneadh 56,755 sampla a shampláil agus a thástáil, laghdú 11.1% ar an bhfigiúr ó 2018 (Tábla 5).

### Tábla 5 Líon na samplaí a rinne gníomhaireacht oifigiúil, 2015–2019

| Gníomhaireacht samplála | 2015 | % den iomlán | 2016 | % den iomlán | 2017 | % den iomlán | 2018 | % den iomlán | 2019 | % den iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara** | 30 333 | 54% | 31 456 | 56% | 32 947 | 57% | 35 983 | 56% | 32 035 | 56% |
| **FSS (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)** | 13 744 | 24% | 13 220 | 23% | 11 699 | 20% | 11 678 | 18% | 11 217 | 20% |
| **An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** | 8229 | 15% | 9004 | 16% | 8353 | 14% | 8386 | 13% | 8463 | 15% |
| **Údaráis áitiúla** | 3107 | 5% | 2388 | 4% | 3306 | 6% | 3195 | 5% | 2524 | 4% |
| **Gníomhaireachtaí eile** | 1262 | 2% | 520 | 1% | 1335 | 2% | 4597 | 7% | 2516 | 4% |
| **Iomlán** | **56 675** | | **56 588** | | **57 640** | | **63 839** | | **56 755** | |





## Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



### Dr Pamela A Byrne

### An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as gnáthreáchtáil laethúil an Údaráis chomh maith le ceannaireacht a léiriú i measc a comhpháirtithe i ngníomhaireachtaí sábháilteachta bia ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. Tá sí tacaithe ag Foireann Ceannaireachta Sinsearaí, a dhéanann maoirseacht ar oibríochtaí thar lear laistigh de chúig réimse fheidhmiúla an Údaráis. Tá Oifig an POF freagrach freisin as idirchaidreamh a dhéanamh le Bord an Údaráis agus an fheidhm chumarsáide a chomhordú, chomh maith le bainistíocht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara; imeachtaí a eagrú; foilseacháin an Údaráis a dhearadh agus a fhoilsiú; agus obair an Údaráis a chur chun cinn sna meáin; agus ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Líonra Saineolaithe Cumarsáide an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia.

Tá foireann an Bheartais um Chothú do Shláinte Phoiblí freagrach as an rúnaíocht a sholáthar d'Fhochoiste Eolaíoch um Chothú na Sláinte Poiblí de chuid an Údaráis agus do ghrúpaí oibre náisiúnta i réimse an chothaithe. Déanann foireann an Bheartais um Chothú do Shláinte Phoiblí cathaoirleacht freisin ar Ghrúpa Oibre Leictreonach Codex Alimentarius chun caighdeán idirnáisiúnta um chothú le haghaidh naíonáin níos sine agus páistí níos óige. Tuairiscíonn foireann Brexit Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann d'Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin; chuir an fhoireann seo roinnt tionscnaimh Brexit i bhfeidhm chun tacú leis na hullmhúcháin náisiúnta do Brexit.

Is í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ionadaí na hÉireann ar Fhóram Comhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa agus ar ghrúpa na gCeann um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa. Is comhalta de chuid thoscaireacht na hÉireann ar Choimisiún Codex Alimentarius í; is comhalta de Choiste Comhairleach Taighde na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara í; agus is cathaoirleach de Bhord Comhairleach Institiúid Bia agus Sláinte UCD. Tá an PFO ina Cathaoirleach freisin ar Bhord Chumann Phríomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí Stáit.



# Cumarsáid

Tá an tÚdarás tiomanta do chumarsáid ghníomhach a dhéanamh le páirtithe leasmhara maidir le gach gné a bhaineann le sábháilteacht agus sláinteachas bia agus faisnéis a sholáthar ina leith. Spreagann an tÚdarás tomhaltóirí freisin chun dul i dteagmháil leis le haon ghearáin a bhíonn acu maidir le sábháilteacht bia.

Déantar cumarsáid dhá threo an Údaráis a éascú trína Líne Chomhairle, a shuíomh gréasáin, a eislíon, a leathanaigh sna meáin shóisialta, agus a imeachtaí. Le linn 2019, bhí an tÚdarás ina chomhpháirtí le Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath i gColáiste na Tríonóide agus reáchtáil sé roinnt imeachtaí sa ghailearaí, ar a n-áirítear lainseáil a Straitéis 2019–2023 agus Cruinniú Oscailte na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia.




An Dr Pamela Byrne ag bronnadh ghradam Eolaí Óg BT ar RIan Byrne sa thionscadal ar mhil

Ghlac sé páirt freisin in imeachtaí a d'óstáil Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath, is é sin, lainseáil a thaispeántais ar fhoirfeacht (díospóireacht phoiblí ar phlaistigh) agus imeacht a phléigh cultúir bhia orgánacha 'ghlana' agus 'amha' atá ag teacht chun cinn. Mar chuid dá rannpháirtíocht dhíreach leanúnach lena pháirtithe leasmhara, d'óstáil an tÚdarás comhdháil idirnáisiúnta eolaíochta, seimineár ar Brexit a rinne cíoradh ar na hathruithe a bheidh ar na riachtanais rialála bia; 'Blúirín am Bricfeasta' a chlúdaigh lipéadú bia; fóram oideachasóirí; agus ceardlann le haghaidh siopaí búistéara.




Helen Crowley agus Carol Heavey i láthair ag Taking Care of Business 2019

Chuaigh an tÚdarás i mbun comhpháirtíochta le breis agus 30 gníomhaireacht Stáir freisin don taispeántas Taking Care of Business, a bhí mar ionad ilfhreastail le haghaidh gnólachtaí, fiontraithe agus gnólachtaí nua-thionscanta chun eolas agus comhairle a fháil ó oifigí agus gníomhaireachtaí Stáit. Rinne sé urraíocht freisin ar Ghradam Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2019 agus d'fhreastail sé ar CATEX, an t-imeacht seirbhíse bia agus fáilteachais is mó in Éirinn.

**Thug an fhoireann Cumarsáide freagra ar 228 fiosrú sna meáin agus d'eisigh sé 24 preaseisiúint in 2019, a raibh sé mar thoradh díreach orthu go raibh**

### 585 aschur meán i gcló, ar líne thar na haerthonnta.

Tugadh cuireadh rialta d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun labhairt ar stáisiúin náisiúnta agus áitiúla ar feadh na bliana. Lean an fhoireann ar aghaidh lena obair ar thionscadal rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, ar bealach é chun feabhas a chur le comhoibriú, tuiscint níos fairsinge a chruthú i dtaobh ról an Údaráis, agus athrú a spreagadh agus a chruthú ar aon dul le forbairtí eolaíochta agus athruithe rialúcháin, ach ag tacú san am céanna leo siúd atá páirteach go díreach maidir le córas rialála bia láidir oifigiúil a sholáthar.

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtíocht ghníomhach lena pháirtithe leasmhara trí Facebook agus Twitter, le méadú ar líon na leantóirí go 14,512 agus 8,579, faoi seach. Mar fhreagairt ar Brexit, chruthaigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann físeáin faisnéise le haghaidh gnólachtaí bia trí úsáid a bhaint as a chainéal YouTube. Ghlac an tÚdarás páirt go gníomhach freisin ar LinkedIn, a raibh sé mar thoradh air gur tháinig méadú ar a leantóirí ó 12,272 in 2018 go 16,984 in 2019. Foilsíodh 24 foilseachán nua san iomlán, agus rinneadh nuashonrú ar 11 fhoilseachán. Foilsíodh iad seo ar fad ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann lena n-áirítear nótaí treorach don tionscal, tuarascálacha iniúchóireachta, tuarascálacha an Choiste Eolaíoch, suirbhéanna, agus ábhair eile chun tacú le fís an Údaráis a bhaint amach maidir le bia sábháilte agus iontaofa do chách.

## Mionscrúdú ar roinnt imeachtaí de chuid an Údaráis in 2019:



### Comhdháil eolaíochta bia idirnáisiúnta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2019

Mar cheiliúradh ar 20 bliain a bhunaithe, bhí an-áthas ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a chomhdháil eolaíochta bia idirnáisiúnta [Eolaíocht na Sábháilteachta Bia – Cad atá i ndán dúinn?]() a óstáil. Dhírigh an t-imeacht dhá lá ar shábháilteacht mhicribhitheolaíoch agus ar shábháilteacht cheimiceach bia. Ghlac ceimiceoirí rialála; tocsaineolaithe; micribhitheolaithe; lucht déanta beartas; cleachtóirí forfheidhmiúcháin dlí faoi bhia; acadóirí agus a bhfoireann ag obair i sábháilteacht bia cheimiceach agus mhicribhitheolaíoch; eolaithe i dtionscal an bhia; comhairleoirí eolaíoch; eagraíochtaí neamhrialtasacha ó Éirinn, ón Eoraip agus ó thíortha níos faide i gcéin páirt i gclár imeachtaí ar leith agus luachmhar a bhí deartha chun daoine a ghríosú, a chur ar an eolas agus smaointe a mhúscailt a bhaineann le sábháilteacht bia. D'fhreastail breis agus 300 páirtí leasmhar ar an imeacht.

## Imeachtaí *Perfection* agus *The Full Package* i gcomhar le Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath

Ba chontrárthacht chruthaitheach é taispeántas *Perfection* maidir le turgnamhaíocht eolaíoch agus léiriú ealaíonta. Lainseáil POF Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann an Dr Pamela Byrne é i gcomhar le Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath i gColáiste na Tríonóide. Bhí sé de chuspóir ag an taispeántas feasacht a ardú i dtaobh dramhbhia, ag spreagadh an lucht freastail chun féachaint taobh thall d'aeistéitic an bhia agus chun díriú ar ghnéithe sábháilteachta. Is éard a bhí sa taispeántas *The Full Package* díospóireacht phainéil agus rinneadh cíoradh ar úsáid na pacáistíochta plaistí. Orthu siúd a bhí ar an bpainéal bhí POF Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an Dr Pamela Byrne; Comhbhunaitheoir agus Stiúrthóir Díolachán Ecostraws, Sarah Keyes; Stiúrthóir ionad taighde AMBER agus Ollamh i Scoil na Ceimice i gColáiste na Tríonóide, Michael Morris; agus léachtóir i Roinn an Dearaidh Táirgí i gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Enda O'Dowd.







## Bia mara agus micreaphlaistic

D'óstáil an tÚdarás cruinniú de pháirtithe leasmhara chun cíoradh a dhéanamh ar cheist na micreaphlaistice aigéan-iompartha agus a bpoitéinseal mar cheist sábháilteachta bia le haghaidh bia mara. D'fhreastail daoine ó ghníomhaireachtaí éagsúla Stáit a bhfuil baint acu leis an gceist ar an gcruinniú, lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo. Tá páirt ghníomhach á glacadh ag an Institiúid i monatóireacht agus in anailís a dhéanamh ar mhicreaphlaistic san aigéan, a bhfuil méadú ag teacht ar a bpróifíl mar cheist chomhshaoil agus sábháilteachta bia. Rinne an cruinniú athbhreithniú ar staid reatha na heolaíochta agus an obair atá á déanamh ag Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar mhicreaphlaistic faoi Choinbhinsiún Oirthuaisceart na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil Mhuirí ('Coinbhinsiún OSPAR').

## Brexit – D'Oibleagáidí Rialála Bia

Dhírigh an seimineár saor in aisce seo ar Brexit agus an éifeacht a d'fhéadfadh bheith aige ó thaobh comhlíontacht dlí faoi bhia. Thug sé a aghaidh freisin ar cheisteanna a bhaineann le rialuithe bia Bhí cainteoirí i láthair ó Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus ó ghníomhaireachtaí eile Rialtais. D'fhreastail breis agus 200 páirtí leasmhar ar an imeacht seo.




### Cruinniú Oscailte na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia: Bia agus Plaisteach – an é an Blas bun agus barr an scéil?

Ba é cuspóir an chruinnithe oscailte ról an phlaistigh in earnáil an bhia a athbhreithniú agus a phlé. Thug Bia agus Plaisteach – an é an Blas bun agus barr an scéil? ardán do shaineolaithe chun úsáid na pacáistíochta bia in earnáil an bhia agus dearcthaí atá ag athrú i dtaobh úsáid ábhar plaisteach a phlé. D'fhreastail breis agus 140 páirtí leasmhar ar an imeacht.

## Brexit

In 2019, mar chuid de phleananna Brexit an Rialtais, chuir an tÚdarás roinnt tionscnaimh Brexit i bhfeidhm chun tacú leis an ullmhúchán náisiúnta do Brexit. Orthu sin bhí gnólachtaí bia a ullmhú chun cloí leis na hathruithe rialála agus comhlíontachta a bhaineann le Brexit agus obair le gníomhaireachtaí oifigiúla agus leis an Rialtas chun a chinntiú go bhfuil córais, infreastruchtúr, soláthar foirne, acmhainn córais teicneolaíochta faisnéise (TF) réidh do Brexit. Bhunaigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann grúpa trasghníomhaireachtaí chun comhordú agus comhpháirtíocht a threisiú agus a mhéadú idir na gníomhaireachtaí oifigiúla i gcomhthéacs éifeacht fhéideartha Brexit ar shábháilteacht bia agus sláinte phoiblí.

Ghlac an tÚdarás páirt freisin in ullmhúchán agus teagmhais an Rialtais do Brexit trí Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte, d'oibrigh Cinn an Údaráis freisin le Rann Rialtais agus gníomhaireachtaí chun cur chuige idirghníomhaireachtaí bunaithe ar riosca a fhorbairt chun sruthanna tráchta earraí optamacha a chinntiú i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus i gCalafort Ros Láir.

I Márta 2019, reáchtáil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann imeacht páirtithe leasmhara chun aird a tharraingt ar cheisteanna rialála a bhí de dhíth ar ghnólachtaí bia chun go mbeidís ar an eolas maidir le hullmhú do Brexit. D'fhreastail breis agus 200 ionadaí ó mheascán leathan páirtithe leasmhara tionscail ar an seimineár, *Brexit – D'Oibleagáidí Rialála Bia*.

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtíocht le gnólachtaí bia agus a ngrúpaí ionadaíocha chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le Brexit agus chun iad a phlé i gcaitheamh na bliana, bhí cuir i láthair ann in 16 imeacht tionscail agus cruinnithe de chuid fhóraim thionscail Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Bhí breis agus 9,400 amharc leathanaigh ar rannóg Brexit shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann in 2019.

Lig seoladh ríomhphoist tiomnaithe an Údaráis do thionscal an t-eolas is déanaí a bhí ar fáil a fháil. D'fhreagair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann breis agus 270 fiosrú ar Brexit in 2019, a tháinig go príomha ó earnálacha an mhiondíoltóra/an mhórdhíoltóra agus na déantúsaíochta.

Chuir an tÚdarás tús le feachtas meán sóisialta i Meitheamh a dhírigh ar ghnólachtaí bia meánmhéide go mórmhéide, inar tugadh tús áite do topaicí Brexit is tábhachtaí dóibh féin, chomh maith le treoir a sholáthar i dtaobh teachtaireachtaí ábhartha ó Ranna Rialtais. Forbraíodh an tsraith Brexit agus do ghnólacht bia mar chuid den fheachtas seo, le cúig fhíseán a lainseáladh in 2019 a raibh sé mar thoradh orthu go bhfuarthas 19,135 amharc sna meáin shóisialta faoi dheireadh na bliana. Mar thoradh ar an bhfeachtas bhí 2,765 cuairt ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus shroich Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 258,879 fotha nuachta san iomlán le haghaidh Brexit in 2019.

**Lainseáil an tÚdarás ríomh-nuachtlitir in Iúil 2019, agus faoi dheireadh na bliana bhí breis agus 320 síntiúsóir ann a thug le fios go raibh raon leathan páirtithe leasmhara i gceist.**

Dhírigh na cúig eagrán de *FSAI Brexit Ezine* a foilsíodh in 2019 ar ullmhacht do Brexit agus ar chuidiú le gnólachtaí bia fáil faoi réir do Brexit. Bhí ionchur ón Údarás freisin maidir le feachtas an Rialtais *Ag Ullmhú do Ghnólacht le haghaidh Brexit* chun cuidiú le gnólachtaí chun ullmhú do na rioscaí a bhaineann le Brexit.

Chun tacú le hobair na nOifigeach Sláinte Comhshaoil maidir le rialú iompórtála, d'fhorbair an tÚdarás, i gcomhar le Seirbhís Sláinte Comhshaoil, modúl ríomhfhoghlama ar rialuithe oifigiúla le haghaidh iompórtálacha tríú tír a bhaineann le bianna nach de bhunús ainmhithe iad. Ina theannta sin, thacaigh an tÚdarás le Seirbhís Sláinte Comhshaoil in oiliúint 50 Oifigeach Sláinte Comhshaoil ar cuireadh ag obair ar Brexit iad le fócas ar reachtaíocht faoi bhia, rialuithe oifigiúla agus na sainriachtanais i gcomhair rialuithe iompórtála. Cuireadh ceardlann lae ar fáil do chigirí tréidliachta de chuid an údaráis áitiúil i dtaca le héifeacht Brexit ar a n-obair rialaithe oifigiúil agus ar na gnólachtaí bia a ndéanann siad maoirseacht orthu.

## Nochtuithe Cosanta

Is duine ainmnithe é POF Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Le linn 2019, rinneadh cúig nochtadh cosanta don POF, rinneadh foireann Iniúchóireachta agus Imscrúduithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann iniúchadh orthu go léir. I ngach cás, fíoraíodh na líomhaintí éagóra a bhí ar fáil sna nochtuithe cosanta, agus uaireanta cuireadh gníomhaíochtaí suntasacha forfheidhmiúcháin i bhfeidhm ar na gnólachtaí bia a bhí i gceist. Tharla an fiosrúchán ilghníomhaireachtaí, ildisciplíneach ba mhó a rinne an tÚdarás mar thoradh ar fhaisnéis a bhí ar fáil i nochtadh cosanta amháin.






## Gnóthaí Corparáideacha



**Kevin Roantree**

**Stiúrthóir, Gnóthaí Corparáideacha**


Cinntíonn réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha, atá faoi stiúir ag an Uasal Kevin Roantree, caighdeán agus ailíniú oibríochtaí corparáideacha an Údaráis chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir, próisis agus córais tacaíochta i bhfeidhm chomh héifeachtach agus is féidir chun an leas agus an tairbhe is fearr a bhaint as straitéis Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá Gnóthaí Corparáideacha freagrach as acmhainní daonna, airgeadas, TF, bainistíocht faisnéise agus sonraí, forbairt eagrúcháin, Saoráil Faisnéise, rialachas corparáideach, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus bainistíocht saoráidí ginearálta na heagraíochta. Tá an réimse feidhmiúil seo lárnach chun a chinntiú go mbainfidh an tÚdarás a chuspóirí gnó amach go hinmheánach agus go seachtrach, agus go mbaineann sé leas as cuir chuige nuálacha chun síorfheabhas a chur ar a sheirbhísí agus chun a chinntiú go mbainfear lánleas as acmhainní.

Mar thoradh ar fhoireann na nGnóthaí Corparáideacha freisin comhlíonann an tÚdarás ISO 9001:2015 dá chóras bainistíochta cáilíochta agus oibríonn sé le comhghleacaithe ar fud na heagraíocht chun pleanáil ghnó agus meicníocht tuairiscithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a fhorbairt agus a sheachadadh.




Le linn 2019, chinntigh Gnóthaí Corparáideacha comhlíonadh a Chóid *Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016), agus rinne sé tuairisciú air, agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú Maoirseachta/a Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte. Lean sé ar aghaidh le clár fairsing a chur chun cinn chun cultúr an Údaráis a fhorbairt, bhain sé deimhniú chuig caighdeán ISO 9001:2015 amach, sholáthair sé raon leathan cláir oiliúna, agus bhain sé an leibhéal dearbhaithe ab airde amach maidir le héifeachtúlacht a chóras rialuithe inmheánacha airgeadais i ndiaidh athbhreithniú a chur i gcrích.



Imríonn réimse feidhmiúil Ghnóthaí Corparáideacha an Údaráis ról lárnach chun a chinntiú go bhfuil an acmhainn agus an inniúlacht, na córais, agus na próisis ag an Údarás chun seachadadh éifeachtach a sheirbhísí a éascú i gcás a pháirtithe leasmhara uile agus go mbaineann sé lánleas agus lántairbhe ag an straitéis a sheachadann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Tá réimse feidhmiúil na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as airgeadas, Acmhainní Daonna, forbairt eagrúcháin, bailiú agus anailís sonraí, faisnéis, TF, agus saoráidí a bhainistiú, chomh maith le comhlíonadh a dhualgas a bhainistiú agus a chinntiú maidir le rialachas, soláthar, Saoráil Faisnéise agus cosaint sonraí. Ina theannta sin, déanann sé maoirseacht ar phleanáil ghnó agus meicníocht tuairiscithe an Údaráis.



## Comhlíontacht eagrúcháin

Le linn 2019, chinntigh an tÚdarás comhlíonadh a *Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*, agus rinne sé tuairisciú air, agus chomhaontaigh sé a Chomhaontú Maoirseachta/a Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte. Lena chois sin, sholáthair sé an t-eolas ba dhéanaí uair in aghaidh na ráithe don Roinn Sláinte ar dhul chun cinn i gcoinne an Chomhaontaithe Maoirseacht/an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta mar chuid den socrú comhaontaithe rialachais agus rinne sé amhlaidh laistigh de phleanáil ghnó fheabhsaithe agus creat tuairiscithe a tharraing aird shoiléir ar dhul chun cinn, chomh maith le haon athrú ó obair phleanáilte agus na bearta atá á ndéanamh chun é a bhainistiú.

## Cultúr eagrúcháin

In 2019, d'oibrigh Gnóthaí Corparáideacha le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta

maidir le clár suntasach a chur chun feidhme a d'fhéach le cultúr an Údaráis a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil sé comhlíontach, ardfheidhmiúil agus bunaithe ar obair foirne dhearfach. Chuimsigh sé seo rannpháirtíocht leanúnach maidir leis na réimsí i gcomhair forbartha ar tugadh tús áite dóibh a bheachtú, ag neadú luachanna na heagraíochta i ngach rud a dhéanann sé, agus na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a d'fheabhsódh a thimpeallacht oibre tuilleadh.



## Bainistíocht cháilíochta

Tá an tÚdarás tiomanta do chóras bainistíochta cáilíochta láidre a chur i bhfeidhm, atá bunaithe go bunúsach ar chustaiméirí agus a riachtanais a shainaithint, ag pleanáil conas na riachtanais sin a chomhlíonadh, nósanna imeachta a thaifeadadh mar is cuí, ag leagann cuspóirí intomhaiste síos do gach réimse feidhmiúil agus do gach ball foirne, agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an méid a bhaintear amach.

In 2019, bhain an tÚdarás deimhniú chuig caighdeán ISO 9001:2015 amach.

## Forbairt eagrúcháin

Dhírigh foireann Acmhainní Daonna laistigh de réimse feidhmiúil Ghnóthaí Corparáideacha ar na hinniúlachtaí, scileanna agus eolas riachtanach a chinntiú i measc na foirne chun riachtanais eagrúcháin agus forbartha pearsanta a chomhlíonadh. Cuireann an tÚdarás béim láidir ar fhoghlaim agus ar fhorbairt leanúnach, agus spreagann sé an fhoireann chun leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí gairmiúla agus forbartha pearsanta. Le linn 2019, seachadadh raon leathan cláir oiliúna chun tacú leis seo, agus thacaigh an tÚdarás freisin le roinnt baill foirne trí chláir forbartha agus bhreisoideachais.

## Airgeadas

Tá feidhm éifeachtúil airgeadais fós i bhfeidhm laistigh den Údarás ann chun bainistíocht agus rialú iomchuí ar na hacmhainní a chinntiú, a chinntiú go ndéantar na caighdeáin chuntasaíochta ábhartha a chomhlíonadh agus go bhfuil córais agus rialuithe éifeachtacha bainistíochta airgeadais i bhfeidhm. Le linn 2019, rinne na hiniúchóirí inmheánacha athbhreithniú ar na córais um rialuithe airgeadais inmheánacha agus bhí an leibhéal dearbhaithe a fuarthas 'suntasach' agus ar an leibhéal is airde atá ar fáil. Déanann an tÚdarás cinnte freisin go gcuirtear bearta buiséadta na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm maidir le tuarastal, rátaí taistil, soláthar agus coigiltis chaiteachais eile.



## Beartas um Fhorfheidhmiú



### An Dr Bernard Hegarty

### Stiúrthóir, Beartas um Fhorfheidhmiú

Tá réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú, faoi stiúir an Dr Bernard Hegarty, freagrach as reachtaíocht bia a chur i bhfeidhm in Éirinn. Príomhghníomhaíocht is ea bainistiú na gconarthaí seirbhíse le gníomhaireachtaí oifigiúla an Údaráis, a chuireann na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcrích.


Rinneadh sainordú ar mheicníocht conartha seirbhíse maidir le reachtaíocht sábháilteachta bia a chur i bhfeidhm faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, tá 20 bliain ann in 2019 ó achtaíodh an saothar tábhachtach cosanta seo, a tháinig i bhfeidhm in 1999. Tá conarthaí seirbhíse i bhfeidhm leis na 31 gníomhaireacht oifigiúla. Tá formhór gníomhaíochtaí fhoireann an Bheartais um Fhorfheidhmiú dírithe ar thacú leis an gcuspóir straitéiseach maidir le reachtaíocht bia a chur i bhfeidhm le comhpháirtithe rialála Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Cuireann foireann an Bheartais um Fhorfheidhmiú comhairle freisin ar Ranna Rialtais i dtaca le reachtaíocht mholta agus oibríonn sé ceann d'fhóraim chomhairleacha an Údaráis (An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach). Tá ceithre phríomhghníomhaireacht oifigiúla ann, agus tá struchtúr réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú le feiceáil sa tsamhail oibriúcháin seo. Eagraíonn an fhoireann an t-ullmhú agus an t-iarchúram freisin maidir leis na hiniúchtaí trasghníomhaireachtaí a dhéanann an Coimisiún Eorpach agus comhlachtaí eile.



In 2019, d'fhoilsigh an tÚdarás 125 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 108 Ordú Dúnta, 13 Ordú Toirmisc agus 4 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh do ghnólachtaí bia le haghaidh sáruithe ar reachtaíocht sábháilteachta bia, méadú 14% ar 2018.

Leanadh de na príomhchonarthaí seirbhíse leis na 31 gníomhaireacht oifigiúla a oibriú le linn 2019. Tháinig deireadh leis na hidirbheartaíochtaí ar chéad chonradh seirbhíse Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leis an tSaotharlann Stáit nuair a síníodh an conradh ar an 1 Márta 2019. Rinneadh athnuachan ar an gconradh seirbhíse leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara ar feadh tréimhse cúig bliana, agus cuireadh síneadh leis na conarthaí seirbhíse leis an FSS, le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go dtí go bhforbraítear rialacháin um rialuithe oifigiúla nua.



## Rialachán (AE) 2017/625


Le linn 2019, lean an tÚdarás ar aghaidh lena ullmhúchán do reachtaíocht nua Eorpach i leith rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625, a tháinig i bhfeidhm ar an 14 Nollaig 2019. Leagann an Rialachán seo rialacha síos maidir le feidhmíocht Bhallstáit an AE i dtaobh rialuithe san earnáil agraibhia, tá sé ann in ionad reachtaíocht reatha rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 854/2004.

Cuireadh tús le clár oibre chun an Rialachán a chur i bhfeidhm le linn 2019, agus tá na nithe seo a leanas san áireamh ann:

- Rannpháirtíocht i gcoiste stiúrtha ar a bhfuil an tÚdarás, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Roinn Sláinte
- Ionchur i bhforbairt reachtaíochta treasaí (ag cur Achtanna AE ainmnithe i bhfeidhm) i dtaca le Rialachán (AE) 2017/625 ag leibhéal AE.
- Réamhoiliúint a sholáthar do na gníomhaireachtaí oifigiúla de réir riachtanais an Rialacháin
- Comhairle a sholáthar don Roinn Sláinte agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar na príomhcheisteanna chun aghaidh a thabhairt orthu agus reachtaíocht náisiúnta á forbairt chun éifeacht a thabhairt do riachtanais an Rialacháin.
- Eagrú comhairliúcháin phoiblí don Roinn Sláinte ar shuíomh gréasáin an Údaráis chun tuairimí páirtithe leasmhara a lorg ar mhodhanna ginearálta chun na táillí éigeantacha a mheas le haghaidh rialuithe oifigiúla áirithe
- Críochnú Suirbhé ar ullmhacht na saotharlann oifigiúil agus na saotharlann tagartha náisiúnta chun cloí leis na rialacha níos doichte a bhaineann leo mar thoradh ar an Rialachán.

## Éifeacht Brexit ar rialuithe oifigiúla

Téama seasmhach do na gníomhaireachtaí oifigiúla le linn 2019 ba ea an éifeacht a bheadh ag ullmhúchán do Breixt ar ghnéithe eile de na rialuithe oifigiúla a dhéanann gníomhaireachtaí oifigiúla agus an tÚdarás. Cruthaíonn an t-ullmhúchán, go háirithe maidir le rialuithe feabhsaithe iompórtála i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus Europort Ros Láir, dúshláin phraiticiúla maidir le gnáthleibhéil rialuithe oifigiúla a sheachadadh.



San áireamh sna gníomhaíochtaí fairsinge rannpháirtíochta agus tacaíochta leis na gníomhaireachtaí tá na nithe seo a leanas:

- Óstáladh ceardlann oiliúna maidir le huisce buidéil i gcomhair oifigigh sláinte comhshaoil agus foireann saotharlainne ó FSS. Thug an cheardlann forléargas dóibh siúd a bhí i láthair ar athruithe ar reachtaíocht AE agus náisiúnta, na hathruithe ar Nóta Treorach an Údaráis ar an ábhar, agus prótacal nua samplála.
  I measc na gcur i láthair bhí cinn a bhain le ceachtanna foghlama ó theagmhais bhia le deireanas, cosaint foinse do screamhuisce, reachtaíocht faoi ábhair theagmhála bia, agus paraiméadair mhicribhitheolaíocha agus cheimiceacha le haghaidh uisce buidéil.
- Bhí ceardlann ar thásca geografacha ar siúl do na gníomhaireachtaí a bhí páirteach sna rialuithe seo, lena n-áirítear baill foirne Custam agus na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Bhí imeacht Oiliúna ar siúl do chigirí tréidliachta údarás áitiúil i dtaobh sampláil mhicribhitheolaíoch i bhFeabhra, roimh thús a bplean samplála.

## Ordú Forfheidhmiúcháin

In 2019, d'fhoilsigh an tÚdarás 125 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 108 Ordú Dúnta, 13 Ordú Toirmisc agus 4 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh do ghnólachtaí bia le haghaidh sáruithe ar reachtaíocht sábháilteachta bia, arb ionann é agus méadú 14% ar 110 Ordú Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh in 2018.

## Rinne an FSS dhá ionchúiseamh le linn 2019 le haghaidh sáruithe ar reachtaíocht faoi bhia agus rinneadh poiblíocht orthu freisin.

Foilsíodh téacs iomlán na nOrduithe Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh do ghnólachtaí bia chun feabhas a chur ar thrédhearcacht na bpróiseas rialuithe oifigiúla agus chun gnólachtaí bia eile a chur ar an eolas faoi chleachtais atá le seachaint.



## Saotharlanna

Leanann an FSS ar aghaidh le seirbhísí anailíse ceimicí agus micribhitheolaíochta a sholáthar faoi théarmaí a chonartha seirbhíse. Tá an tseirbhís á soláthar ag trí shaotharlann anailíseora poiblí agus sé shaotharlann mhicribhitheolaíochta. Ina cheann sin, soláthraíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara roinnt mhaith seirbhísí anailíseacha saotharlainne. Mar an gcéanna le gach Ballstát AE, tá Plean Náisiúnta Rialaithe ag Éirinn, ar riachtanas é maidir leis na rialacháin Eorpacha um rialuithe oifigiúla bia. Clúdaíonn sé seo sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe, bia ainmhithe, agus sláinte plandaí. Tá an tÚdarás freagrach as na gnéithe bia den phlean.

## Iniúchtaí

Chomhordaigh an tÚdarás an t-ullmhúchán do dhá iniúchadh ón gCoimisiún Eorpach (DG-Santé), agus an méid a tháinig ina dhiaidh, chun measúnú a dhéanamh ar na rialuithe oifigiúla i dtaobh táirgeadh feoil chapaill agus úsáid na dtásc geografach (a úsáidtear chun cáilíochtaí na mbianna ó cheantair faoi leith, amhail uisce beatha Éireannach a ainmniú). Foilsítear na tuairiscí ar na hiniúchtaí seo ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus is slat tomhais mhaith iad maidir le córais rialuithe oifigiúla in Éirinn, le moltaí le haghaidh forbairt bhreise.





## Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála



### Raymond Ellard

### Stiúrthóir, Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála


Stiúrann an tUasal Raymond Ellard réimse feidhmiúil na Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála, a bhfuil sé mar fhreagracht air cinntí ar bhainistíocht riosca atá riachtanach i ndáil le teagmhais bhia a stiúradh, agus fógraí rabhaidh a eisiúint don phobal faoi tháirgí a bhaintear agus a aistarraingítear den mhargadh. Tá na cinntí bainistíochta riosca a dhéanann an tÚdarás bunaithe ar mheasúnuithe riosca a dhéanann foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia go minic.

Lena chois sin, is é grúpa Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála an pointe teagmhála náisiúnta don Chóras MearRabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, ar líonra é atá faoi bhainistíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun faisnéis a mhalartú idir baill an ghréasáin – lena n-áirítear Ballstáit AE, an Coimisiún Eorpach agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia – faoi ghuaiseacha i mbia, i mbia ainmhithe, agus in ábhair theagmhála bia. Is é an pointe teagmhála chomh maith le haghaidh Fhoras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe/Líonra Idirnáisiúnta um Údaráis Sábháilteachta Bia na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Tá an fhoireann freagrach chomh maith as straitéis rialála an Údaráis a fhorbairt, ag tacú le hobair na foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla; agus obair le saineolaithe tréidliachta, talmhaíochta, iascaireachta, déiríochta, eolaíochta agus shláinte an chomhshaoil laistigh den Údarás agus lasmuigh de. Bainistíonn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála córas fógartha forbhia.

Cinntíonn an fhoireann oiliúna um chomhlíonadh go bhforbraítear na huirlisí cearta chun go mbeidh cigirí na sábháilteachta bia agus an tionscal tuisceanach ar an dlí agus ábalta cloí leis an dlí. Tá an fhoireann freagrach chomh maith as bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar fhóraim na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia, na dTáirgeoirí Bia, an Fhóraim Mhiondíola agus na Seirbhíse Bia. Ar an mbealach sin, déanann an fhoireann Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí Rialála cúram de theagmháil agus rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara laistigh d'éiceachóras na sábháilteachta bia.



Is é príomhról an ghrúpa Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála obair i gcomhar leis na gníomhaireachtaí oifigiúla chun an dochar poitéinsiúil do thomhaltóirí a mhaolú ó bhianna contúirteacha, bianna a d'fhéadfadh bheith contúirteach nó bianna mídhleathacha. Déanann an grúpa comhordú ar theagmhais nuair a chaithfear bia contúirteach a aistarraingt nó a bhaint den mhargadh; déanann sé monatóireacht agus gníomhaíonn sé nuair is gá maidir le forbhianna a chur ar an margadh; tacaíonn sé le hobair na foirne sna gníomhaireachtaí oifigiúla trí idirghabhálacha díreacha ar threoir i leith cúrsaí rialála; forbraíonn sé agus eagraíonn sé uirlisí oiliúna agus oiliúint; agus déanann sé caidreamh díreach le grúpaí páirtithe leasmhara Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, lena n-áirítear an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia. Is í foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála an grúpa in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a dhéanann caidreamh le grúpaí "rialaithe", is é sin, go díreach le gnólachtaí aonair nó trína n-eagraíochtaí trádála agus rannpháirtíocht réamhghníomhach trí na fóraim éagsúla san áireamh.




**Cruinniú Oscailte na Comhairle Comhairlí um Shábháilteacht Bhia de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann**

Déanann foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála caidreamh go díreach le grúpaí páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bhia. Bainistíonn an fhoireann grúpaí earnáil tionscail agus bhia Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann – an Fóram Miondíola, Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia agus an Fóram Seirbhíse Bia agus tháinig siad ar fad le chéile go minic i gcaitheamh na bliana. Socraíodh roinnt cruinnithe ad hoc chun ullmhacht do Brexit a phlé. Tionóladh cruinnithe idirghabhála freisin leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus le grúpaí ionadaithe tionscail.

## Teagmhais bhia

In 2019, dhéileáil foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála le 679 teagmhas bia, i gcomparáid le 799 teagmhas in 2018. Is é an fáth iomlán go bhfuil laghdú ann go raibh ísliú sealadach ar ghníomhaíochtaí i ndiaidh fógraí i leith forbhianna de bharr folúntais san fhoireann. Mar sin féin, tá líon na dteagmhas níos airde ná na blianta eile go léir ó 2006, nuair a bhí 206 teagmhas bia. Eisíodh 107 fógra poiblí san iomlán faoi bhia a aistarraingt nó a bhaint den mhargadh i bhfoirm foláirimh bhia (55) agus foláirimh ailléirgine bia (52), rud is ionann agus méadú beag ar na 102 foláireamh bia/ailléirgine bia in 2018. Cé is moite de na foláirimh phoiblí, príomhfheidhm chomhordúcháin i gcás Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann is ea na teagmhais seo a bhaineann le bia a bhainistiú leis an bhfoireann sna seirbhísí iniúchóireachta agus saotharlainne sna gníomhaireachtaí oifigiúla, agus leis na gnólachtaí bia atá páirteach.

Is é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann an pointe teagmhála náisiúnta le haghaidh Córas MearRabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe an AE. Oibríonn sé seo de réir 24 uair an chloig, 7 lá in aghaidh na seachtaine, 365 lá in aghaidh na bliana (de réir an dlí), agus mar sin ní mór don Údarás bheith ar fáil 24/7/365 chun na hionchuir ábhartha a dhéanamh nó chun freagairt.

Oibríonn an córas seo go han-mhaith chun faisnéis thábhachtach a roinnt i dtaca le dáileadh bianna contúirteacha. In 2019, dhéileáil an Córas MearRabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe le 3,997 teagmhas. Orthu sin, níor thug Éire (Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann) fógra ach do 34. Bhain tuairim is 21 teagmhas le bia a tháinig ó Éirinn i dtosach agus bhain 13 theagmhas le bianna a dáileadh in Éirinn. De bharr go ndéanann Éire lear mór bia a easpórtáil agus a iompórtáil, tugann na huimhreacha sin léiriú maith ar an leibhéal cuibheasach ard maidir lenár soláthar bia.

## Foláirimh bhia agus ailléirgine

Tá ailléirge bhia ag gabháil do thriúr as gach 100 duine in Éirinn. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé tábhachtach go gcuirtear ar an eolas iad faoi aon táirge a bhfuil ailléirgin ann, ach nach bhfógraítear i gceart é. Ar an meán, eisíonn an tÚdarás foláireamh ailléirgine uair amháin in aghaidh na seachtaine. Tarlaíonn sé seo nuair a shainaithnítear bianna nach bhfuil an lipéadú ceart orthu agus nuair nach gcuirtear in iúl go soiléir agus go feiceálach é go mb'fhéidir go bhfuil ceann de na 14 chatagóir ailléirgine ar fáil iontu nach mór a fhógairt de réir an dlí. Le haghaidh bia réamhphacáilte, ciallaíonn sé seo go luaitear gach ailléirgin i liosta na gcomhábhar, le tagairtí soiléire ar fáil maidir le hainm na hailléirgine agus é aibhsiú ar bhealach a ndéanann níos feiceálaí é ná na comhábhair eile. Le haghaidh bia a dhíoltar go scaoilte, ciallaíonn sé sin go bhfuil an t-eolas ar fáil i scríbhinn ag an bpointe a gcuirtear i láthair é, ag pointe a dhíola nó ag pointe a sholáthair. In 2019 sholáthair an tÚdarás 52 foláireamh ailléirgine.




Cuirtear na foláirimh seo in iúl do shíntiúsóirí chóras foláirimh an Údaráis trí theachtaireachtaí téacs.

## Foláirimh bhia

Eisíodh caoga cúig foláireamh bia in 2019 inar cuireadh comhairle ar an bpobal agus ar earnáil an bhia maidir leis an ngá le bia a aistarraingt (ón mbiashlabhra) nó bia a bhaint den mhargadh (ó thomhaltóirí). Is iad na príomhchúiseanna leis na foláirimh seo bagairt dhíreach nó indíreach ar thomhaltóirí mar gheall ar ábhar coimhthíoch, ar mhiocróib phataigineacha amhail *Salmonella* nó *Listéire,* nó ar shriantaí ceimiceacha amhail arsanaic bheith ar fáil iontu.




## Forbhianna

Is riachtanas dlíthiúil in Éirinn go gcaithfidh siad siúd a chuireann forbhianna (mar a shonraítear i dTreoir 2002/46/AE) ar an margadh é seo a chur in iúl d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Oibríonn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála an córas fógartha. In 2019, cuireadh 2,894 fógra ar aghaidh. Orthu sin, chinn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála gurbh fhiú 38 teagmhas a fhiosrú – bhain a bhformhór acu sin le vitimíní agus mianraí ag leibhéil chontúirteacha. D'fhorbair foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála prótacal le haghaidh Shuirbhé Náisiúnta ar Fhorbhianna a scrúdaigh táirgí bia cannaibidé-óil/ forbhia ar an margadh chun na leibhéil éagsúla channaibidé-óil, lena n-áirítear cannaibidé-ól agus teitrihidreacannaibionól (THD, nó D-teitrihidreacannaibionól) a dheimhniú i dtáirgí raithneachbhunaithe agus cannabasbhunaithe (olaí cannaibidé-óil agus táirgí leachtbhia/forbhia uiscebhunaithe). Fuarthas go raibh tuairim is 37% (14 as 38) de na samplaí contúirteach de bharr go raibh teitrihidreacannaibionól ar fáil iontu agus baineadh de mhargadh na hÉireann iad. Tá tuairisc ar leith de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann á scríobh faoin suirbhé.

## Ceisteanna rialála

Rinne foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála bainistiú ar thart ar 26 teagmhas rialála. Chlúdaigh siad seo ábhair amhail éilimh shláinte neamhúdaraithe ar lipéid bhia, leibhéil mhíshásúla cothaitheach a fuarthas sa tástáil i gcomparáid leis na leibhéil a fógraíodh ar lipéid, agus gan cloí go ginearálta leis an lipéadú (e.g. lipéid nach raibh i mBéarla, nó lipéid raibh eolas míthreorach ar fáil iontu). Déanann foireann na líne tosaigh sna gníomhaireachtaí oifigiúla tromlach na gceisteanna rialála a aimsiú agus a bhainistiú. Chun tacú leis an obair seo, cinntíonn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála go bhfuil rochtain ag na páirtithe leasmhara uile ar na hathruithe rialála is déanaí; lena chois sin, tugann sé an t-eolas is déanaí ar athruithe ar an reachtaíocht.

Cinntíonn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála gur acmhainn é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann do chách, sa mhéid is go bhfuil bunachar sonraí ar furasta teacht air ar fáil maidir le dlí faoi bhia náisiúnta agus AE. D'fhonn oscailteacht agus trédhearcacht a chinntiú, tá foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála freagrach as comhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú, rud a thugann deis do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl. In 2019, d'fhoilsigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ceann amháin thar ceann na Roinne Sláinte



ar lipéadú molta i leith foláireamh alcóil agus ceann amháin ar áireamh táillí éigeantacha le haghaidh rialuithe oifigiúla.

**Cruinniú de Líonra Oiliúnóirí Bia Nollaig 2019**

## An foirgneamh oiliúna agus comhlíontachta


Lainseáladh dhá líonra ó fhoireann oiliúna agus comhlíontachta de chuid fhoireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála in 2019. Ba é an chéad cheann acu seo líonra le haghaidh oiliúnóirí sábháilteachta bia, arb é a chuspóir naisc a bhunú, tacaíocht a sholáthar agus an caighdeán oiliúna sábháilteachta atá á sholáthar in Éirinn a ardú. Ba é an dara líonra Fóram na nOideoirí.

Is é aidhm an fhóraim fóram struchtúrtha a sholáthar do mhalartú oifigiúil eolais idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus na hinstitiúidí ardoideachais.

Is cuid iad an dá líonra seo d'fhorbairt straitéise oiliúna agus comhlíontachta. Le linn 2019, lean foireann oiliúna Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála ar aghaidh le forbairt modúl ríomhfhoghlama i gcomhair na foirne gníomhaireachta oifigiúla agus gnólachtaí bia. Rinne sé bainistiú freisin ar chuid de rannpháirtíocht na hÉireann i gclár Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia Níos Sábháilte an Choimisiúin Eorpaigh; lena chois sin, sholáthair foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála roinnt oiliúna duine le duine.

## Sláinte phoiblí tréidliachta

Tá foireann saineolaithe ar shláinte phoiblí tréidliachta ag foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála a sholáthraíonn tacaíocht d'fhoireann tréidliachta in údaráis áitiúla trí fhiosruithe teicniúla agus dlíthiúla a freagairt; oiliúint a sholáthar; páirt a ghlacadh i gcruinnithe bainistíochta agus idirghabhála; agus cuairt a thabhairt ar an láthair. Le linn 2019, cuireadh 'Treoir um Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Bia le haghaidh Seamlais Íseal-thréchuir Eallach, Caorach, Gabhar agus Muc' agus forbraíodh plean oiliúna gaolmhar. Sholáthair an fhoireann tacaíocht theicniúil ar cheisteanna iomadúla, amhail fotháirgí ainmhithe, rialuithe iarmhair, agus lotnaidicídí, chomh maith le tacaíocht rúnaíochta teicniúla a sholáthar d'Fhochoiste Ad-hoc na Comhairle Eolaíche ar Mycobacterium avium paratuberculosis agus Galar Crohn. Cinntíonn foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála go nglacann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann páirt i dtionscnaimh pháirtithe leasmhara an tionscail, amhail scéimeanna dearbhaithe cáilíochta Bhord Bia, Scéim Printíseachta Bhúistéara Ceirde Náisiúnta de chuid Chumann Búistéirí Ceirde na hÉireann, agus anailís ghuaise agus pointe rialúcháin criticiúil Chumann Ghrán agus Bhia Ainmhithe na hÉireann. Lena chois sin, d'oibrigh foireann Bainistíochta Riosca agus Cúrsaí Rialála ar an siollabas nua a fhorbairt le haghaidh traenáil sealgaire géim (Spóirt Tuaithe Éireann).




**Le linn 2019, cuireadh 'Treoir um Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Bia le haghaidh Seamlais Íseal-thréchuir Eallach, Caorach, Gabhar agus Muc' agus forbraíodh plean oiliúna gaolmhar.**





## Iniúchóireacht agus Imscrúduithe



### Peter Whelan

### Stiúrthóir, Iniúchóireacht agus Imscrúduithe

Tá an tUasal Peter Whelan i gceannas ar réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe atá freagrach as iniúchtaí a dhéanamh agus nochtuithe cosanta agus calaois bhia a imscrúdú. Déanann an fhoireann san Iniúchóireacht agus Imscrúduithe iniúchtaí ar an gcóras rialuithe oifigiúla iniúchtaí spriocdhírithe ar ghnólachtaí bia d’fhonn sainordú dlíthiúil an Údaráis a chomhlíonadh.

Soláthraíonn an fhoireann tacaíocht chomh maith ar iniúchtaí tríú tíortha agus F-Santé in Éirinn. Tá an clár bliantúil iniúchóireachta bunaithe ar riosca deartha chun cumhdach dóthanach réimsí ábhartha uile na gníomhaíochta agus na ngníomhaireachtaí oifigiúla a chinntiú thar thréimhse nach faide ná cúig bliana. Déantar tuarascálacha maidir le hiniúchtaí agus a bpleananna gníomhaíochta ceartaithí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Déanann an fhoireann imscrúduithe speisialta chomh maith i gcomhar le gníomhaireachtaí oifigiúla agus le gníomhaireachtaí Stáit sa chás gur maíodh sáruithe tromchúiseacha ar an dlí faoi bhia nó gur braitheadh calaois bhia. Tá na himscrúduithe sin deartha chun cineál agus méid na neamh-chomhlíontachta maidir leis an dlí faoi bhia agus/nó calaois bhia ghaolmhar a dhearbhú.

D’fhéadfadh gníomhartha forfheidhmiúcháin agus imeachtaí coiriúla i gcoinne ciontóirí a bheith mar thoradh ar na torthaí ar na himscrúduithe sin. Déanann foireann na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe iniúchadh ar fhógraí chuig an PFO, atá ina d(h)uine ainmnithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.



In 2019, chuir an tÚdarás tús le hiniúchadh spriocdhírithe ar éilimh halal i dtaca le feoil agus éineoil. Déanann iniúchtaí spriocdhírithe iniúchadh ar chomhlíonadh gnólachtaí bia i dtaca le gné ar leith de dhlí faoi bhia agus d'fhéadfaidís éifeachtúlacht agus oiriúnacht rialuithe oifigiúla a iniúchadh. Lena chois sin, cuireadh tús le hiniúchadh rialaithe oifigiúil ar an slabhra soláthair uibhe boird chun éifeachtúlacht agus oiriúnacht gach gné de na rialuithe oifigiúla a iniúchadh de mar a chuireann gníomhaireachtaí oifigiúla chun feidhme iad i ndáil le dlí faoi bhia agus riachtanais conartha seirbhíse.

Le linn 2019, foilsíodh na tuarascálacha iniúchóireachta agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha seo a leanas ar shuíomh gréasáin an Údaráis:

- *Iniúchadh ar rialuithe oifigiúla a rinne Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil (Rialachán 2073/2005)*
- *Iniúchadh Spriocdhírithe ar Tháirgeadh Súísí agus Saoráidí Próiseála*
- *Iniúchadh ar Chomhlíonadh Seirbhísí Anailíseacha Saotharlann le Rialachán (AE) Uimh. 882/2004 agus Oibleagáidí Conartha Seirbhíse*
- *Iniúchadh ar Rialuithe Oifigiúla a rinne an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara i dtaca le hAicmiú Micribhitheolaíoch na nUiscí Sliogiasc*
- *Iniúchadh ar Bhiashlabhra Soláthair an Ghéim Fhiáin*

Rinneadh nuashonrú ar phleananna gníomhaíochtaí ceartaitheacha de réir mar a rinneadh dul chun cinn maidir leis na torthaí iniúchóireachta aonair a chríochnú.

## Iniúchtaí idirnáisiúnta

Rinneadh dhá iniúchadh F-Santé in Éirinn chun measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na rialuithe oifigiúla Rinne an chéad iniúchadh measúnú ar an gcóras rialála a bhí i bhfeidhm chun táirgeadh feola capaill a rialú, lena n-áirítear inrianaitheacht. Ba é cuspóir an dara hiniúchadh measúnú a dhéanamh ar na córais rialaithe a bhaineann le hainmniú cosanta tionscnaimh, tásc cosanta geografach agus speisialtacht thraidisiúnta faoi ráthaíocht le haghaidh táirgí talmhaíochta agus bia-ábhar agus tásc geografach. Déanann an tÚdarás ionadaíocht ar son na hÉireann ar Líonra na gCóras Iniúchóireachta Náisiúnta a ndearna an Coimisiún Eorpach cathaoirleacht air.



**Foilsíodh roinnt tuarascálacha iniúchóireachta agus pleananna gníomhaíochtaí ceartaitheacha le linn 2019**

Leanann Údarás Bia agus Drugaí na Stát Aontaithe ar aghaidh le hiniúchtaí faireachais eachtrannaigh a dhéanamh in Éirinn chun a chinntiú go gcomhlíonann gnólachtaí bia riachtanais an Achta um Nuachóiriú Sábháilteachta Bia. I Márta, Aibreán agus Meán Fómhair 2019, rinne foirne Údarás Bia agus Drugaí na Stát Aontaithe 20 iniúchadh in Éirinn. Tá monatóireacht á déanamh ag pearsanra gníomhaireachta oifigiúla ar fhorfheidhmiú gníomhaíochtaí ceartaitheacha ar neamhchomhlíontachtaí a d'ardaigh cigirí Údarás Bia agus Drugaí na Stát Aontaithe sa mhéid agus a bhaineann na gníomhaíochtaí ceartaitheacha le reachtaíocht AE nó reachtaíocht náisiúnta bia.

## Iniúchtaí

Le linn 2019, rinne oifigigh údaraithe ón Údarás, i gcomhar le húdaráis rialála eile an Stáit agus gníomhaireachtaí oifigiúla, 52 iniúchadh nuair a bhíothas amhrasach faoi sháruithe ar dhlí faoi bhia nó nuair a d'eascair roinnt de na sáruithe ó nochtuithe cosanta a fuarthas. Bhí na himscrúduithe sin deartha chun cineál agus méid na neamh-chomhlíontachta maidir leis an dlí faoi bhia agus calaois bhia ghaolmhar a dhearbhú. Theastaigh siad cuir chuige éagsúla, ó bharántais chuardaigh a fuarthas sa Chúirt Dúiche go monatóireacht ar leathanaigh ó na meáin shóisialta i gcásanna nuair a bhíothas amhrasach faoi oibríocht na ngnólachtaí bia neamhúdaraithe. Ba é toradh na bhfiosrúchán i roinnt cásanna gur eisíodh Orduithe Forfheidhmiúcháin. Ghlac an tÚdarás páirt chomh maith in oibriúchán faoi stiúir na nGardaí a dhírigh ar soláthraíodh capaill i gcomhair marú.

I gcaitheamh na bliana, ghlac foireann an Údaráis páirt in éineacht le foireann na gníomhaireachta oifigiúla i seicphointí ilghníomhaireachtaí ar thaobh an bhóthair, a bhí á reáchtáil ag an nGarda Síochána.

## D'fhreastail foireann réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe ar dhá chruinniú an Fhóraim Seicphointe Ilghníomhaireachtaí i Réigiún an Tuaiscirt, a ndearna an Garda Síochána cathaoirleacht orthu.

Déanann an tÚdarás cathaoirleacht ar Thascfhórsa na Calaoise Bia, agus le linn 2019, tionóladh trí chruinniú den tascfhórsa. Leanann an fóram ilghníomhaireachtaí, ildisciplíneach ar aghaidh le ceisteanna a mheas agus a thuairisciú ar dóchúil go mbeidh éifeacht shuntasach acu ar ionracas/bharántúlacht bhia. In 2019, d'fhreastail foireann réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúdithe ar thrí chruinniú den Tascfhórsa Trasteorann ar Bhia agus ar Choiriúlacht Tuaithe.




Iniúchóireacht agus Imscrúduithe

## Calaois bhia – comhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta

Thar ceann an Údaráis, gníomhaíonn réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúdithe mar an pointe teagmhála i dtaobh calaois bhia náisiúnta le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh.

Le linn 2019, ghlac ionadaithe réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe páirt i dtrí chruinniú de chuid Líonra Calaoise Bia AE. Ina theannta sin, rinne an tÚdarás monatóireacht ar Chúnamh agus Comhoibriú Riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh/bhunachar sonraí Líonra Calaoise Bia; d'fhoilsigh Éire ceithre chás in 2019 a bhain le halcól, mairteoil agus iasc, agus thug sí freagra ar chásanna Ballstát eile nuair ba ghá. In 2019 cuireadh críoch le measúnú leochaileachta faoi stiúir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar shlabhra na déiríochta ar Oileán na hÉireann.

Leanann an tÚdarás ar aghaidh lena rannpháirtíocht i Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia agus bíonn cruinnithe aige leis an mbord bainistíochta uair in aghaidh na ráithe. Déanann Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia ionadaíocht ar lear mór cuideachtaí thionscal an bhia in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is éard a bhíonn i gceist le cruinnithe Líonra Faisnéise Thionscal an Bhia plé ar an tuarascáil faisnéise ráithiúil agus roinnt eolais ábhartha ar chalaois bhia. In Éirinn, suíonn an tÚdarás ar an bhFóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn a ndéanann



Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann comhchathaoirleacht air.

Oibriúchán Europol/INTERPOL ar a dtugtar Oibriúchán OPSON VIII a dhírigh ar bhia góchumtha agus calaoiseach. I measc na dtuairisceán a chuir Éire faoi bhráid Europol bhí urghabháil bhia de bhunús ainmhithe (feoil/déiríocht) agus alcóil.

In 2018, bhunaigh Ionad Comhthaighde an Choimisiúin Eorpaigh an tIonad Faisnéise um Chalaois agus Cáilíocht Bhia. Ghlac ionadaithe ó réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe páirt in dhá cheann dá gceardlann bhliantúil chun plé a dhéanamh ar réimse leathan tionscnamh, lena n-áirítear córais luathfholáirimh i leith calaois bhia agus bunachair sonraí chomhdhéanaimh a fhorbairt.

**I gcomhar le hOllscoil Manchester, tá an tÚdarás ag glacadh páirt i dtionscadal a mholann go bhforbrófar tacar oibriúcháin le haghaidh cleachtóirí sábháilteachta bia atá tiomanta do neamhchomhlíontacht a laghdú i dtionscal an bhia.**

Beidh sé ina thacar follasach a mbeidh cleachtóirí, rialtóirí agus pearsanra forfheidhmiúcháin ábalta leas a bhaint as chun anailís a dhéanamh ar chlaonaíocht i gcóras an bhia, agus chun meicníochtaí idirghabhála a dhearadh d'fhonn claonaíochtaí mar seo a chur ina gceart.

Tá an tÚdarás ag glacadh páirt chomh maith i dtionscadal FoodSmartphone, a fhéachann le bearnaí eolaíochta agus nuálaíochta a shainaithint agus míniú a thabhairt ar conas a bhaineann siad le bithaitheantas éilleán

ardluais agus nua. Forbrófar tacair ar féidir iad a ghreamú do fhóin chliste chun anailís a dhéanamh ar bhianna láithreach.

Tá ionadaíocht ón Údarás ar bhord comhairleach thionscadal Ionracas Bia an AE, agus ghlac sé páirt sa chomhdháil a reáchtáil an comhlacht sin.

## Treoir ar chleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha

Cuireadh béim bhreise ar riachtanais rialála a bhaineann le cleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha sa bhiashlabhra nuair a tugadh Rialachán (AE) 2017/625 isteach ar rialuithe oifigiúla. Mar fhreagairt, choimisiúnaigh Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann Grant Thornton chun athbhreithniú a dhéanamh ar Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus soiléire a sholáthar dó ar oibleagáidí rialála an Údaráis sa réimse sin agus a ról i gcomhthéacs cur chuige ilghníomhaireachtaí. I ndiaidh tuarascáil agus páipéar an Ghrúpa Boird Stiúrtha a tháinig ina dhiaidh a mheas, *Cleachtais Chalaoiseacha agus Mhealltacha sa Bhiashlabhra: Roghanna Scrúdaithe*, comhaontaíodh gur shamhail a mbeadh meascán roghanna a mhol Grant Thornton an ceann b’iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais reachtúla le haghaidh córas rialaithe oifigiúil atá inniúil ar chleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha a thaifead agus a rialú. Ba phointe fíorthábhachtach claochlaithe é seachadadh na rogha molta maidir le ról Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann sa réimse sin, agus an pointe tosaithe maidir le tionscadal riachtanach agus suntasach.









## Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia

### An Dr Wayne Anderson

### Stiúrthóir, Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia

Díríonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia a shaothar ar a bhonn fianaise a leathnú agus anailís a dhéanamh air seo agus soláthraíonn sé saineolas eolaíochta chun measúnuithe riosca a dhéanamh, chun treoir theicniúil a dhréachtú le haghaidh thionscal an bhia, chun tacú le hobair na ngníomhaireachtaí oifigiúla, chun rialuithe oifigiúla díreacha a dhéanamh, agus chun tacaíocht saineolaithe a sholáthar d'oifigigh sa Roinn Sláinte, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le reachtaíocht faoi bhia a fhorbairt ag leibhéal Eorpach.

Bainistíonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia Coiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chomh maith agus soláthraíonn sé ionchur teicniúil maidir le hobair mheasúnaithe riosca an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus an Choimisiúin Codex Alimentarius a leagann síos caighdeáin idirnáisiúnta bhia.

Tá obair eolaithe i réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia agus sa Choiste Eolaíoch á thacú ag foireann thiomanta riarthóirí a mbaineann a n-obair lánleas as éifeachtacht agus éifeachtúlacht réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia agus cinntíonn sé cáilíocht aschur, chomh maith le seirbhísí fíorthábhachtacha intí a sholáthar do réimsí feidhmiúla eile.



Imríonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ról fíorthábhachtach maidir le tacaíocht eolaíoch agus theicniúil a sholáthar d'obair forfheidhmiúcháin sábháilteachta bia i gcás na ngníomhaireachtaí oifigiúla, déantar é seo go minic i gcomhar le réimse feidhmiúil an Bheartais um Fhorfheidhmiú. Cuireadh moltaí eolaíocha mionsonraithe ar fáil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte dá chlár monatóireachta ceimicí 2020 agus don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir lena chláir mhonatóireachta i dtaca le leigheas tréidliachta agus lotnaidicídí in 2019. Rinneamar athbhreithniú chomh maith ar threoirlínte na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus rinneamar moltaí ina leith maidir le mapaireacht conablach faoi reachtaíocht critéar micribhitheolaíochta. Sholáthair réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ionchur breise teicniúil do 27 cruinniú idirghabhála gníomhaireachta, le hocht gcur i láthair le linn laethanta oiliúna gníomhaireachta. Rinneadh nuashonrú ar fhógraí eolais ar bhianna do ghrúpaí sainiúla agus tacaíocht eolaíoch do Bhia le haghaidh Sainchuspóirí Leighis ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun cuidiú le hoifigigh forfheidhmiúcháin maidir leis an dlí sna réimsí sin a léiriú. Soláthraíodh ionchur teicniúil mionsonraithe do thrí dhoiciméad gníomhaireachta ar rialú seadán in éisc, ar rialú *Clostridium botulinum* in éisc dheataithe agus ar thástáil le haghaidh *Escherichia coli* a tháirgeann tocsain Shiga i mairteoil.



I gcomhar le haonad oiliúna na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, d'fhorbair agus sheachaid réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia oiliúint le haghaidh chigirí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar chritéir mhicribhitheolaíochta mar aon le seimineár gréasáin a sholáthar ar bhlasóirí le haghaidh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ionchur teicniúil a sholáthar do mhodúl ríomhfhoghlama Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, *Why Food Safety Matters.*

## Riosca a mheasúnú agus a bhainistiú

Cuireann réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia feidhmeanna inniúla údaráis i gcrích chomh maith maidir le réimse fógraí agus faofa bianna áirithe. In 2019, rinneadh trí shainchomhad éileamh sláinte a phróiseáil agus cuireadh ar aghaidh chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Rinneadh measúnú ar 308 fógra bia le haghaidh sainchuspóirí leighis (arb ionann é agus méadú ó 104 ar fhigiúirí 2018) agus ar 10 mbainne foirmle do naíonáin/mbainne foirmle leantacha ó thaobh sábháilteachta agus chomhlíonadh na reachtaíochta. Rinneadh seiceáil ar éilimh shláinte míochaine i gcás 1,219 forbhia, agus rinneadh seiceáil ar bhreiseáin i gcás 227 de na forbhianna sin. Faoi rialacháin na mbianna núíosacha, rinne réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia measúnú ar ocht bhfógra le haghaidh bianna traidisiúnta ó thríú tíortha, nocht sé tuairim réasúnach ar stádas bianna núíosacha na gceithre iarratas comhairliúcháin, agus chuir sé eolas ar aghaidh faoi 10 n-iarratas bianna núíosacha chuig an Roinn Sláinte le haghaidh vótála ag leibhéal AE.

Ina theannta sin, bhí 13 athbhreithniú ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe le haghaidh bia agus bia ainmhithe i ndiaidh mheasúnú an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia.

Imríonn réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ról tábhachtach maidir le tacú le foireann na dteagmhas bia i réimse feidhmiúil fhoireann Bainistíocht Riosca agus Cúrsaí

Rialála trí chomhairle eolaíoch a sholáthar agus measúnuithe riosca a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, rinne réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia 205 measúnú riosca in 2019, bhí 108 díobh i réimse na sábháilteachta ceimicí amháin, agus chuir sé comhairle ní ba mhine le haghaidh 10 dteagmhas bia agus ráig shuntasach amháin den *Salmonella*. D'imir réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ról suntasach chomh maith i gcleachtadh ionsamhlúcháin ghéarchéime, maidir le suíomh féideartha a fhorbairt, a phleanáil agus a athbhreithniú, agus trí ghníomhú i ról bhainistiú an teagmhais le linn an ionsamhlúcháin. Bhí ualach oibre ní ba throime ann in 2019 chomh maith maidir le tacú le réimse feidhmiúil na hIniúchóireachta agus na nImscrúduithe ina obair ar nochtuithe cosanta, agus bhí sé rannpháirteach san obair allamuigh agus san obair a tháinig ina diaidh maidir le dhá fhiosrúchán mhóra. Sholáthair réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia tacaíocht leathan theicniúil chomh maith maidir leis an obair a tháinig i ndiaidh iniúchadh na Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fhorfheidhmiúchán dlí faoi bhia i gcás déantóirí bainne foirmle do naíonáin.

I réimse na rioscaí atá ag teacht chun cinn, bhunaigh réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia grúpa intí, Grúpa Seiceála na Rioscaí atá ag teacht chun cinn chun nótaí mionteagaisc a chur chun cinn atá forbartha i dtaca le ceisteanna poitéinsiúla atá ag teacht chun cinn. Lean foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ar aghaidh lena bhunachar sonraí maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn a fhorbairt i litríocht phiarmheasúnaithe agus rinne sí iniúchadh ar uirlisí meán sóisialta le haghaidh córais luathfholáirimh. Lean an fhoireann ar aghaidh leis na ceisteanna seo a roinnt leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus le teagmhálaithe maidir le riosca náisiúnta atá ag teacht chun cinn, ag dhá chruinniú den Fhóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn. Go tábhachtach, bhí foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ábalta obair le hIonad Eolais na Nimheanna Náisiúnta in Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath chun córas cothfhaireachais a mheas. Chomhaontaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le clár píolótach a mhaoiniú in 2020, agus tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag súil le go soláthróidh córas luathfholáirimh maidir le rioscaí tocsaineolaíocha atá ag teacht chun cinn.

## Taighde agus treoir

Feidhm thábhachtach de réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia is ea bainistiú agus éascú obair an Choiste Eolaíoch agus a fhochoistí agus a ghrúpaí oibre a bhfuil 83 eolaí orthu. Tháinig an Coiste Eolaíoch le chéile cúig huaire in 2019 agus ghlac sé le roinnt tuairimí agus iarratais thábhachtacha le haghaidh comhairle. Foilsíodh trí thuarascáil ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann *Comhairle ar Escherichia coli a tháirgeann tocsain Shiga* a aimsiú i mbia, mar aon le grafaic eolais i dteanga shoiléir a chuireann síos ar na himpleachtaí a bhaineann leis an tuarascáil i gcomhair gnólachtaí; *Samhail Rangaithe Riosca Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i gcomhair Éilleáin Cheimiceacha i mBia; agus Eolas atá riachtanach le haghaidh measúnú riosca ar ailléirginí bia neamhdhearbhaithe in Éirinn.*




**Foilsíodh trí thuarascáil eolaíocha in 2019**

Ghlac an Coiste Eolaíoch le trí thuairim bhreise le foilsiú in 2020: Moltaí Eolaíocha i gcomhair Treoirlínte Aiste Bia Biabhunaithe i gcomhair páistí 1 bhliain go 5 bliana d'aois;Ábhar luibheolaíoch a úsáidtear i bhforbhianna; agus Measúnú ar theicneolaíochtaí próiseála i leith bia núíosach agus bia atá ag teacht chun cinn agus a rioscaí poitéinsiúla do shábháilteacht bia. Lena chois sin, leanadh ar aghaidh le hobair ar cheithre thuairim bhreise: *Moltaí eolaíochta ar threoirlínte bia shláintiúil do dhaoine aosta; An t-eolas is déanaí maidir le tuairim an Choiste Eolaíoch i leith Mycobacterium avium paratuberculosis agus Ghalar Crohn; Rangú riosca guaiseacha bitheolaíocha; agus Sábháilteacht na feamainne*.

**Lean foireann fheidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia lena rannpháirtíocht a mhéadú i dtaighde, ag freastal i gcáil chomhairleach ar thionscadail taighde náisiúnta i réimsí na sábháilteachta bitheolaíche agus na sábháilteachta ceimicí, lena n-áirítear obair chun caidmiam i nglasraí fréimhe a mhaolú agus obair chun Campylobacter in éineoil a mhaolú.**

Sholáthraíomar liosta cuimsitheach tosaíochtaí taighde don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus bhí rath orainn maidir le go leor tosaíochtaí taighde a fhaomhadh faoi bhabhta maoinithe an Bhirt um Thaighde Institiúideach Bia. I gcomhar le *safe*food, chuir an tÚdarás maoiniú taighde ar fáil i dtaca le sábháilteacht chócaireachta *sous* vide agus maoiniú díreach chomh maith i dtaca le staidéar ar athfhoirmliú gránach bricfeasta. Phleanáil agus chomhordaigh réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia staidéir fhócasaithe faoi rialuithe oifigiúla leis na gníomhaireachtaí oifigiúla ar chomhdhéanamh ola cannaibidé-óil, ar shábháilteacht bhaictéarach maidir le torthaí agus glasraí reoite, agus ar leibhéil suilfítí agus nítrítí i dtáirgí feola. Ag leibhéal Eorpach, rinneadh comhpháirtí de réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia i dtairiscint tionscadail Fhís 2020 chun córais sábháilteachta bia don todhchaí a fhorbairt. Lena chois sin, chomhaontaigh sé ar bheith ina bhall de ghrúpa stiúrtha maidir le tairiscint tionscadal eile de chuid Fhís 2020 atá dírithe ar chomhoibriú sábháilteachta bia idir an tSín agus an tAE. Ba chuid é réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia de ghrúpa Ballstáit a bhí ag cur ar son clár tocsaineolaíochta Eorpach atá á mhaoiniú ag ionstraim na Físe Eorpaí.

In 2019 freisin, d'fhreastail eolaithe na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ar 42 cruinniú saineolaithe chun dréachreachtaíocht bia a forbairt a reáchtáil an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle Eorpach agus ansin chuir sé treoracha faisnéise teicniúla ar fáil don Roinn Sláinte chun cur ar a gcumas seasamh Rialtas na hÉireann a fhorbairt ar thabhairt isteach na reachtaíochta. Chuir baill foirne na hEolaíochta agus Caighdeán Bia 12 aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar sholáthar sonraí monatóireachta agus nochta ar bhreiseáin bhia, éilleáin agus ábhair theagmhála bia. Is cuid den chomhoibriú leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia iad na cruinnithe líonra saineolaithe, agus ina fhianaise sin, ghlac foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia páirt ghníomhach i naoi gcruinniú líonra i réimsí na rioscaí atá ag teacht chun cinn, na zónóisí, an mheasúnaithe riosca micribhitheolaíochta, na n-orgánach géinmhodhnaithe, na mbianna núíosacha. Rinne eolaithe na hEolaíochta agus Caighdeán Bia dhá chur i láthair do

ghrúpa oibre an Chórais Mhear-Rabhaidh Eorpaigh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe an Choimisiúin Eorpaigh. Ó thaobh cúrsaí idirnáisiúnta de, chuir baill foirne na hEolaíochta agus Caighdeán Bia aighneachtaí mionsonraithe teicniúla faoi bhráid roinnt grúpaí oibre leictreonacha. Ghlac siad páirt freisin i gcruinniú iomlánach de na coistí faoi Choimisiún Codex Alimentarius, ina ndéantar caighdeáin bhia dhomhanda a chomhaontú.

## Rannpháirtíocht tionscail agus phobail

Soláthraíonn an tÚdarás líne chomhairle den scoth dá pháirtithe leasmhara. Faigheann foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia go leor fiosruithe díreacha freisin. San iomlán, thug baill foirne na hEolaíochta agus Caighdeán Bia freagra ar 1,034 fiosrú seachtracha go díreach nó trí líne chomhairle an Údaráis, orthu sin, bhain 329 fiosrú le cúrsaí sábháilteachta ceimicí, bhain 232 fiosrú le cothú, bhain 117 fiosrú le sábháilteachta bhitheolaíoch, agus bhain 356 fiosrú le bianna núíosacha agus ceisteanna sábháilteachta eolaíocha eile. I gcomhar leis an Aonad Oiliúna, rinne réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia nuashonrú ar ábhar teicniúil an *Phacáiste Féinfhreastail* agus bhí sé ábalta faisnéis a chur san áireamh maidir le táirgeadh súisí shábháilte, mar aon le bainistiú ailléirgine agus srianadh aicriolaimíde. Cuireadh ionchur teicniúil ar fáil do nuashonrú an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann dá I.S. maidir le caighdeán sláinteachais. 342 le haghaidh próiseálaithe bia. Forbraíodh treoir freisin le hionchur thionscal na n-éilleán bia chun na moltaí a chur chun feidhme i dtuarascáil an Choiste Eolaíoch ar uasteorainneacha sábháilte le haghaidh vitimíní agus mianraí i mbreiseáin bhia, a fhoilseofar in 2020. Cuireadh tús le píosa mór oibre comhlíontachta in 2019; is éard a bhí i gceist leis seo gur féachadh ar na bacainní ar chomhlíonadh reachtaíocht na n-éileamh sláinte, agus leanfar ar aghaidh leis seo in 2020 le forbairt cuir chuige forfheidhmiúcháin chomhlíontachta.

Cuireadh le tiomantas an Údaráis i dtaobh rannpháirtíocht leis pobal na heolaíochta, nuair cuireadh naoi bpáipéar i láthair ag ceithre chruinniú idirnáisiúnta agus 10 gcur i láthair bhreise ag cruinnithe náisiúnta. Chuir réimse feidhmiúil na hEolaíochta agus Caighdeán Bia trí phóstaer agus sé achoimre ar fáil do chruinnithe eolaíochta freisin. I gcomhar le safefood, sheachaid Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia seacht máistir-rang ailléirgine i roinnt institiúidí tríú leibhéal atá i mbun gairmithe lónadóireachta a oiliúint. Mar chuid den Straitéis Eolaíochta, lean eolaithe Eolaíochta agus Caighdeáin Bhia ar aghaidh le tacú le hinstitiúidí tríú leibhéal trí 22 léacht a sheachadadh do mheascán de mhic léinn bunchéime agus iarchéime i sé ollscoil agus institiúid teicneolaíochta. Reáchtáil agus sheachaid foireann Eolaíochta agus Caighdeáin Bhia, mar aon le comhghleacaithe eile an Údaráis, clár oiliúna dhá lá ar chúrsaí rialála le haghaidh mic léinn mháistreachta atá ag staidéar sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ina theannta sin, lean an fhoireann ar aghaidh lena tiomantas fadtéarmach chun oiliúint a sholáthar do mhic léinn leighis tréidliachta i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

## Treo eolaíochta


Tá foireann Eolaíochta agus Caighdeáin Bhia tiomanta do dhea-rialú corparáideach agus do luachanna an Údaráis a fhíorú.Tá foireann Eolaíochta agus Caighdeáin Bhia tiomanta do dhea-rialú corparáideach agus do luachanna an Údaráis a fhíorú. Tá foireann Eolaíochta agus Caighdeáin Bhia páirteach in obair foirne agus comhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, ó fhorbairt agus ó sheachadadh oiliúna go dtí anailís

riosca agus forbairt comhlíontachta, sa phlean forfheidhmiúcháin. Dheimhnigh an próiseas athbhreithnithe gur baineadh an sprioc 82% amach.

Tacaíonn foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia le comhghleacaithe trí chomhairle theicniúil agus eolaíoch d'ardchaighdeán a sholáthar faoi dhlí bia agus sábháilteachta bia. Cloíonn foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia lena gcaighdeáin ghairmiúla trí fhreastal ar chomhdhálacha eolaíochta agus sainoiliúint theicniúil faoi chlár Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia Níos Sábháilte an Choimisiúin Eorpaigh. Le linn 2019, d'óstáil monarcha táirgeachta bainne foirmle do naíonáin i Muinchille imeacht le haghaidh eolaithe an Údaráis a dhírigh ar thuiscint a fháil ar na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht bia a chur chun feidhme i dtimpeallacht monarchan.

In 2019, lean foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia ar aghaidh leis an mbonn eolaíoch san Údarás a fhorbairt, agus Straitéis Eolaíochta trí bliana ar glacadh léi in 2016 á treorú. Le linn 2019, an bhliain dheireanach den tréimhse straitéise, rinne foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia athbhreithniú ar 71 ghníomhaíocht sa phlean forfheidhmiúcháin. Dhearbhaigh an próiseas athbhreithnithe gur baineadh an sprioc iomlán 82% amach maidir leis na gníomhaíochtaí agus an sprioc pháirteach maidir le 11% de na gníomhaíochtaí, ní raibh ach 7% de na gníomhaíochtaí ar ceapadh iad bheith neamhiomlán nó neamhriachtanach. Forbraíodh Straitéis Eolaíochta úr don tréimhse 2020-2024 i ndiaidh comhairliúchán inmheánach agus comhairliúchán leis an gCoiste Eolaíoch. Is é a sprioc "Tógáil ar ár saineolas eolaíochta agus teicniúil chun tacú le cosaint tomhaltóirí agus chun í a threisiú."

Thar aon ní eile i réimse na heolaíochta, in 2019, sheachaid foireann na hEolaíochta agus Caighdeán Bia an chéad chomhdháil eolaíochta idirnáisiúnta de chuid an Údaráis – Cad atá i ndán dúinn?, imeacht dhá lá in Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath ar fhreastail breis agus 300 rannpháirtí ann. Bhí an t-aiseolas ó na rannpháirtithe dearfach. Lena chois sin, cuireadh an t-imeacht ar siúl ar chostas beag don Údarás, nuair a íocann na rannpháirtithe táille chlárúcháin.





**Chuir an tÚdarás a chead chomhdháil eolaíochta idirnáisiúnta, Eolaíocht na Sábháilteachta Bia – Cad atá i ndán dúinn?, in 2019.**

## Rialachas corparáideach

I gcomhlíonadh an *Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016), tá Creat Rialachais Chorparáidigh i bhfeidhm ag an Údarás. Forbraíodh an creat sin d'fhonn cuidiú le héifeachtacht, oscailteacht agus trédhearcacht a fheabhsú. Soláthraítear treoir sa chreat sin don eagraíocht faoi chúrsaí amhail: gnó an Bhoird a stiúradh; pleanáil straitéiseach; próisis oibriúcháin; bainistíocht riosca; rialú airgeadais agus caighdeáin iompraíochta. Le linn, 2019, d'oibrigh an tÚdarás ar an gCód *Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016) a chomhlíonadh go hiomlán.

## An Bord

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Bhoird an treo straitéiseach a athbhreithniú agus a threorú, mórphleananna gníomhaíochta, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó bliantúla, cuspóirí feidhmíochta a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme fheidhmíocht an Údaráis, agus maoirseacht a dhéanamh ar mhórchinntí caiteachais infheistíochta caipitil. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord maidir le cúrsaí a choimeádtar dó, chun cinneadh a dhéanamh orthu. Cuireann an Bord tús le gach cruinniú le seisiún príobháideach den Bhord gan comhaltaí ar bith den Údarás i láthair.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca lánfheidhmiúil ag an Údarás a rinne na hiniúchtaí seo a leanas i rith 2019: rialuithe inmheánacha airgeadais, staidéar bia, agus bainistíocht riosca. Le linn 2019, lean an Bord ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Chinntigh sé gur achtaíodh na gníomhaíochtaí a sainaithníodh in athbhreithniú 2018 agus chuir sé tús freisin le próiseas maidir leis an dara hathbhreithniú ar éifeachtúlacht ag deireadh 2019. Cuireadh é seo i gcrích agus breithneoidh an Bord é ag tús 2020. Bhí na ráitis airgeadais, arna bhfaomhadh ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird, faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tionóladh cúig chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird in 2019. Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le dearbhú a sholáthar don Bhoird maidir le rialú inmheánach, bainistíocht riosca, cúrsa iniúchóireachta agus dearbhaithe, mar chuid den athbhreithniú córasach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an Údaráis. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi chairt chomhaontaithe agus ullmhaíonn sé tuarascáil bhliantúil fhoirmiúil don Bhord.

**Líon cruinnithe:** Cúig

**Cathaoirleach:** An tUasal Margaret Moran

**Ballraíocht:** An tUasal Ros O'Shea, an tUasal Mary Cullen agus an tUasal Raymond Dolan

## An Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair

Tá an Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair ceaptha chun meicníocht iomchuí a cheapadh agus chur chun feidhme le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus tríd an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht Fhoireann Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Mar a éilítear, comhaontaíonn an Fochoiste luach saothair le Ranna Rialtais, forbraíonn sé na sainchuntais phoist, sainaithníonn sé na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl iarrthóra is fearr don phost, comhaontaíonn sé an próiseas earcaíochta agus cuardaigh agus leagan sé amach amchlár sonrach. Tagann an Coiste Ainmniúchán agus Luach Saothair le chéile mar a éileoidh an Bord é.

**Líon cruinnithe:** Dhá cheann

**Cathaoirleach:** An tUasal Martin Higgins

**Ballraíocht:** An tOllamh Albert Flynn agus An tUasal Ros O'Shea

## Coiste Forbartha na bPáirtithe Leasmhara

Comhairlíonn Coiste Forbartha na bPáirtithe Leasmhara don Bhord ar cheisteanna a bhaineann le sainaithint páirtithe leasmhara, anailís agus comhairliúchán. Tionólann sé mar a éilíonn an Bord agus tuairiscíonn sé don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

**Líon cruinnithe:** Dhá cheann

**Cathaoirleach:** An tUasal Ciaran Byrne

**Ballraíocht:** An tUasal Martin Higgins, An tUasal Derek Cunningham agus An tUasal Gerry McCurdy

## Fógraí reachtúla agus fógraí eile

De réir Alt 41 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 agus na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na nAchtanna um Caighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, ceanglaítear ar chomhaltaí de Bhord an Údaráis, den Choiste Eolaíoch, de na Fochoistí Eolaíocha agus d'fhoireann ainmnithe an Údaráis dearbhú leasanna a sholáthar gach bliain. Cuireann an tÚdarás na dearbhuithe sin ar aghaidh chuig an Aire Sláinte nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Chuir fostóirí nó iarfhostaithe de thionscal an bhia cúig nochtadh cosanta faoi bhráid an Údaráis in 2019.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Is é beartas an Údaráis a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á déanamh, i gcomhréir le le nósanna imeachta airgeadais iomchuí, lena chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh de na hamchláir a theastaíonn, de réir na ndea-chleachtas. Foilsíonn an tÚdarás tuarascálacha ráithiúla maidir le comhlíonadh ar a shuíomh gréasáin.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Deimhnítear san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ceart bhaill an phobail faisnéis oifigiúil a rochtain a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus an ceart chun príobháideachta i measc daoine aonair. Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, agus foilsíonn sé de réir Alt 8 den Acht. Soláthraítear san fhoilseachán sin faisnéis faoi sheirbhísí an Údaráis a soláthraíodh nó atá le soláthar don phobal, lena n-áirítear logaí nochtuithe agus faisnéis airgeadais. Le linn 2018, fuarthas 41 fiosrúchán i dtaca le Saoráil Faisnéise.

## Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol), 2007

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol), 2007. (I.R. Uimh. 133/2007) cearta dlíthiúla dóibh siúd atá ag lorg rochtana ar fhaisnéis ar an gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Le linn 2019, ní dhearnadh aon iarratas faoi reachtaíocht i dtaca le Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol.

## Cairt Custaiméirí

D’fhoilsigh an tÚdarás Cairt Custaiméirí ina dtugtar eolas faoina thiomantas iomlán maidir le seirbhís éifeachtach, thráthúil, ghairmiúil agus chúirtéiseach a chur ar fáil dá chustaiméirí. Leagtar amach na caighdeáin seirbhíse a bhféadfadh custaiméirí bheith ag súil lena bhfáil ón Údarás.

## Spriocanna straitéiseacha agus an méid a baineadh amach

### Sprioc 1 Forfheidhmiúchán agus comhlíonadh

Sábháilteacht bia a chur chun feidhme agus comhlíonadh a mhéadú, i gcomhar lenár bpáirtithe rialála eile, trí chóras rialála den chéad scoth um shábháilteacht bia

**Cuspóir 1.1** Rialtóirí sábháilteachta bia na hÉireann a threorú agus tacú leo chun córas forfheidhmiúcháin cóir, comhsheasmhach agus éifeachtach a chur i bhfeidhm

- Forbraíodh doiciméid treorach ar shampláil mhicribhitheolaíochta agus ar bhianna le haghaidh sainghrúpaí chun cuidiú le cigirí an reachtaíocht sin a léirmhíniú.
- Cuireadh moltaí mionsonraithe ar fáil maidir le Iotnaidicídí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus cláir rialuithe oifigiúla um shábháilteachta bia 2020 an FSS.
- Soláthraíodh ionchur teicniúil mionsonraithe do thrí dhoiciméad gníomhaireachta ar rialú seadán in éisc, ar rialú *Clostridium botulinum* in éisc dheataithe, agus ar thástáil le haghaidh Escherichia coli a tháirgeann tocsain Shiga i mairteoil.
- Soláthraíodh oiliúint do chigirí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ar chritéir mhicribhitheolaíochta.
- Comhaontaíodh an chéad chonradh seirbhíse leis an tSaotharlann Stáit chun a gníomhaíochtaí a chumhdach mar shaotharlann oifigiúil le haghaidh anailís cheimiceach ar bhianna.
- Rinneadh athnuachan ar an gconradh seirbhíse leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara ar feadh tréimhse cúig bliana, agus cuireadh síneadh leis na conarthaí seirbhíse leis an FSS, le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go dtí go bhforbraítear rialacháin um rialuithe oifigiúla nua.
- Maoiníodh na rialuithe sábháilteachta bia a rinne údaráis áitiúla agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.
- Glacadh páirt in athbhreithniú le Cumann na Bainistíochta Contae agus Cathrach ar riachtanais mhaoinithe na n-údarás áitiúil.
- Mar chuid den ullmhúchán don Rialachán úr AE maidir le Rialuithe Oifigiúla (AE) 2017/625, cuireadh réamhoiliúint ar fáil do na gníomhaireachtaí oifigiúla ar na riachtanais Rialála, agus rinneadh suirbhé ar ullmhacht na saotharlann oifigiúil agus na saotharlann tagartha náisiúnta le haghaidh rialacha níos géire a bhaineann leo sa Rialachán.
- Lean Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar aghaidh le forbairt modúl ríomhfhoghlama i gcomhair na foirne gníomhaireachta oifigiúla agus gnólachtaí bia. Rinne sé bainistiú freisin ar rannpháirtíocht na hÉireann i gclár Oiliúint Níos Fearr i gcomhair Bia Níos Sábháilte an Choimisiún Eorpaigh, mar aon le hoiliúint duine le duine a sheachadadh do chigirí agus gnólachtaí bia.
- San áireamh sna gníomhaíochtaí fairsinge rannpháirtíochta agus tacaíochta leis na gníomhaireachtaí tá na nithe seo a leanas:
    - Óstáladh ceardlann oiliúna maidir le huisce buidéil i gcomhair oifigigh shláinte chomhshaoil agus foireann saotharlainne an FSS. Thug an cheardlann forléargas dóibh siúd a bhí i láthair ar athruithe ar reachtaíocht AE agus náisiúnta, na hathruithe ar Nóta Treorach an Údaráis ar an ábhar, agus prótacal nua samplála. I measc na gcur i láthair bhí cinn a bhain le ceachtanna foghlama ó theagmhais bhia le deireanas, cosaint foinse do screamhuisce, reachtaíocht faoi ábhair theagmhála bia, agus paraiméadair mhicribhitheolaíocha agus cheimiceacha le haghaidh uisce buidéil.

- bhí ceardlann ar thásca geografacha ar siúl do na gníomhaireachtaí a bhí páirteach sna rialuithe seo, lena n-áirítear baill foirne Custam agus na gCoimisinéirí Ioncaim.
- bainistiú fiosrúchán teicniúil agus dlíthiúil ó fhoireann na gníomhaireachta agus an údaráis
- bhí imeacht oiliúna ar siúl do chigirí tréidliachta údarás áitiúil i dtaobh sampláil mhicribhitheolaíoch i bhFeabhra, roimh thús phlean samplála na gcigirí.
- cuireadh *Treoir um Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Bia le haghaidh seamlais íseal-thréchuir feola deirge* agus forbraíodh plean oiliúna gaolmhar.

## **Cuspóir 1.2** Rioscaí a bhainistiú sa bhiashlabhra agus freagairt go héifeachtach d'aon teagmhas bia nó géarchéim bhia náisiúnta nó idirnáisiúnta

- Próiseáladh 11 Fhógra um Chúnaimh agus Chomhoibriú Riaracháin i leith Calaois Bhia de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.
- Téama seasmhach do na gníomhaireachtaí oifigiúla le linn na bliana ba ea an éifeacht a bheadh ag ullmhúchán do Brexit ar ghnéithe eile de na rialuithe oifigiúla a dhéanann gníomhaireachtaí oifigiúla agus an tÚdarás. Cruthaíonn an t-ullmhúchán, go háirithe maidir le rialuithe feabhsaithe iompórtála i gCalafort Bhaile Átha Cliath agus Europort Ros Láir, dúshláin phraiticiúla maidir le gnáthleibhéil rialuithe oifigiúla a sheachadadh.
- In 2019 dhéileáil an t-údarás le 679 teagmhas bia.
- Shainaithin agus thuairiscigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (le tacaíocht óna ghníomhaireachtaí oifigiúla) 29 táirge do Chóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe an Choimisiúin Eorpaigh. Oibríonn sé seo ar bhonn 24/7/365.
- In 2019, rinneadh 2894 fógra forbhia, b'fhiú 38 acu seo a fhiosrú – mar gheall go príomha ar vitimíní agus mianraí a bhí ar fáil ag leibhéil chontúirteacha.
- Forbraíodh prótacal le haghaidh an tsuirbhé náisiúnta ar fhorbhianna a scrúdaigh táirgí bia/ forbhia cannaibidé-óil ar an margadh chun na leibhéil éagsúla channaibidé-óil, lena n-áirítear cannaibidé-ól agus teitrihidreacannaibionól (THD, nó D-teitrihidreacannaibionól) a dheimhniú i dtáirgí raithneachbhunaithe agus cannabasbhunaithe (olaí cannaibidé-óil agus táirgí leachtbhia/forbhia uiscebhunaithe). Fuarthas go raibh (14/38) tuairim is 37% de na samplaí contúirteach de bharr go raibh teitrihidreacannaibionól ar fáil iontu.

## **Cuspóir 1.3** Sábháilteacht, ionracas agus barántúlacht an bhiashlabhra a chinntiú trí sáruithe ar an dlí faoi bhia a aimsiú, a dhíspreagadh agus a sheachaint, agus beart a dhéanamh chun tomhaltóirí a chosaint

- Eisíodh 107 fógra poiblí san iomlán faoi bhia a aistarraingt nó a bhaint den mhargadh i bhfoirm Foláirimh Bhia (55) agus foláirimh ailléirgine bia (52), rud is ionann agus méadú beag ar na 102 foláireamh in 2018.
- Mar thacú leis na teagmhais bhia, rinne an tÚdarás 205 measúnú riosca, lena n-áirítear 108 measúnú i réimse na sábháilteachta ceimicí amháin, agus chuir sé comhairle ní ba mhine maidir le 10 dteagmhas bia agus ráig shuntasach amháin den *Salmonella*.
- Rinneadh caoga dó fiosrúchán.
- Rinneadh cúig nochtadh chosanta.
- In 2019, d'fhoilsigh an tÚdarás 125 Ordú Forfheidhmiúcháin (lena n-áirítear 108 Ordú Dúnta, 13 Ordú Toirmisc agus 4 Ordú Feabhsúcháin) a seirbheáladh do ghnólachtaí bia le haghaidh sáruithe ar reachtaíocht sábháilteachta bia, méadú 14% ar 2018. Rinne an FSS dhá ionchúiseamh le linn 2019 le haghaidh sáruithe ar reachtaíocht faoi bhia agus rinneadh poiblíocht orthu freisin.

**Cuspóir 1.4** Ár ndícheall a dhéanamh chun córas rialaithe bia oifigiúil den chéad scoth d'Éirinn a sholáthar a sheachadann na torthaí is fearr le haghaidh tomhaltóirí

- Próiseáladh trí shainchomhad éileamh sláinte agus cuireadh ar aghaidh chuig an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia iad. Rinneadh measúnú ar 308 fógra bia le haghaidh sainchuspóirí leighis (arb ionann é agus méadú ó 100 ar fhigiúirí 2018) agus ar 10 mbainne foirmle do naíonáin/mbainne foirmle leantacha ó thaobh sábháilteachta agus chomhlíonadh na reachtaíochta.
- Rinneadh seiceáil ar éilimh shláinte míochaine i gcás 1,219 forbhia, agus rinneadh seiceáil ar bhreiseáin i gcás 227 de na forbhianna sin.
- Faoi rialacháin na mbianna núíosacha, rinne an tÚdarás measúnú ar ocht bhfógra le haghaidh bianna traidisiúnta ó thríú tíortha, nocht sé tuairim réasúnach ar stádas bianna núíosacha na gceithre iarratas comhairliúcháin, agus chuir sé faisnéis ar aghaidh faoi 10 n-iarratas bianna núíosacha chuig an Roinn Sláinte le haghaidh vótála ag leibhéal AE.
- Rinne an tÚdarás trí mheasúnú ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe le haghaidh bia agus bia ainmhithe i ndiaidh mheasúnú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia.
- Foilsíodh cúig thuarascáil iniúchóireachta agus phlean gníomhaireachta.
- Cuireadh tús le dhá thionscadal iniúchóireachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe oifigiúla.
- Le linn 2019, lean an tÚdarás ar aghaidh lena ullmhúchán do reachtaíocht nua AE i leith rialuithe oifigiúla, Rialachán (AE) 2017/625, a tháinig i bhfeidhm ar an 14 Nollaig 2019. Leagann an Rialachán seo rialacha síos maidir le feidhmíocht Bhallstáit an AE i dtaobh rialuithe san earnáil agraibhia agus tá sé ann in ionad reachtaíocht reatha rialuithe oifigiúla (Rialachán (AE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (AE) Uimh. 854/2004). Áirítear i measc na hoibre rannpháirtíocht i ngrúpa stiúrtha ar a bhfuil an tÚdarás, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus an Roinn Sláinte.
- Glacadh páirt sna Cinn um Ghníomhaireachtaí Bia na hEorpa ar Rialachán (AE) 2017/625, lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpa oibre inar soláthraíodh treoirlínte ar ghnéithe saotharlainne den dlí nua.
- Chomhordaigh an tÚdarás an t-ullmhúchán do dhá iniúchadh ón gCoimisiún Eorpach (DG-Santé), agus an méid a tháinig ina dhiaidh, chun measúnú a dhéanamh ar na rialuithe oifigiúla i dtaobh táirgeadh feoil chapaill agus úsáid na dtásc geografach (a úsáidtear chun cáilíochtaí na mbianna ó cheantair faoi leith, amhail uisce beatha Éireannach a ainmniú). Foilsítear na tuairiscí ar na hiniúchtaí seo ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus is slat tomhais mhaith iad maidir le córais rialuithe oifigiúla in Éirinn, le moltaí le haghaidh forbairt bhreise.

## Cuspóir 2 Eolaíocht, saineolas agus saineolas

### Chun sábháilteacht agus ionracas bia a chur chun cinn trí eolaíocht neamhspleách, saineolas agus bonn láidir fianaise

**Cuspóir 2.1** Tacú le cinnteoireacht agus beartas bunaithe ar riosca le saineolas neamhspleách ar ardchaighdeán

- Tháinig an Coiste Eolaíoch le chéile chúig huaire in 2019.

- Foilsíodh trí thuarascáil ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann: *Comhairle ar Escherichia coli a tháirgeann tocsain Shiga* a aimsiú i mbia, mar aon le grafaic eolais i dteanga shoiléir a chuireann síos ar na himpleachtaí a bhaineann leis an tuarascáil i gcomhair gnólachtaí; *Samhail rangaithe riosca Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i gcomhair éilleáin cheimiceacha i mbia; Eolas atá riachtanach le haghaidh measúnú riosca ar ailléirginí bia neamhdhearbhaithe in Éirinn.*
- Ghlac an Coiste Eolaíoch le trí thuairim bhreise le foilsiú in 2020: Moltaí Eolaíocha ar bhia sláintiúil i gcomhair lapadán agus páistí réamhscoile; ábhar luibheolaíoch a úsáidtear i bhforbhianna; agus measúnú ar theicneolaíochtaí próiseála i leith bia núíosach agus bia atá ag teacht chun cinn agus a rioscaí poitéinsiúla do shábháilteacht bia.
- Cuireadh comhairle fhairsing ar an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar na príomhcheisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu le linn fhorbairt na reachtaíochta náisiúnta chun éifeacht a thabhairt don Rialachán nua um Rialuithe Oifigiúla (AE) 2017/625.

## **Cuspóir 2.2** An bonn fianaise a mhéadú trí thaighde, staidéar comhordaithe agus comhoibriú eolaíochta

- Tháinig méadú ar rannpháirtíocht i dtaighde, ag freastal i gcáil chomhairleach ar chúig thionscadal taighde náisiúnta i réimsí na sábháilteachta bitheolaíche agus na sábháilteachta ceimicí, lena n-áirítear obair chun caidmiam i nglasraí fréimhe a mhaolú agus obair chun *Campylobacter* in éineoil a mhaolú.
- Soláthraíodh liosta cuimsitheach tosaíochtaí taighde don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus bhí rath orainn maidir le go leor tosaíochtaí taighde a fhaomhadh faoi bhabhta maoinithe an Bhirt um Thaighde Institiúideach Bia.
- I gcomhar le *safe*food, chuir an tÚdarás maoiniú taighde ar fáil i dtaca le sábháilteacht chócaireachta sous vide agus maoiniú díreach chomh maith i dtaca le staidéar ar athfhoirmliú gránach bricfeasta.
- Ag leibhéal Eorpach, rinneadh comhpháirtí den Údarás i dtairiscint tionscadail Fhís 2020 chun córais sábháilteachta bia don todhchaí a fhorbairt. Chomhaontaigh sé freisin go mbeadh sé ina bhall de ghrúpa stiúrtha tairiscint tionscadail eile de chuid Fhís 2020 atá dírithe ar chomhoibriú sábháilteachta bia idir an tSín agus an tAE. Lena chois sin, bhí an tÚdarás ina chuid de ghrúpa Ballstát a bhí ag cur ar son clár Eorpach tocsaineolaíochta faoi ionstraim na Físe Eorpaí.

## **Cuspóir 2.3** Cleachtas measúnú ar riosca a chur chun cinn chun iontaoibh agus rannpháirtíocht a chur chun tosaigh

- Glacadh páirt ghníomhach i naoi gcruinniú líonra Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa i réimsí na rioscaí atá ag teacht chun cinn, na zónóisí, measúnú ar riosca micribhitheolaíochta, na n-orgánach géinmhodhnaithe, agus na mbianna núíosacha; ghlac sé páirt freisin leis an gCóras Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe maidir le dhá chur i láthair a sheachadadh.
- In 2019, d'fhoilsigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2 chomhairliúchán thar ceann na Roinne Sláinte ar lipéadú molta i leith foláireamh alcóil agus ceann eile ar áireamh táillí éigeantacha le haghaidh rialuithe oifigiúla.

## **Cuspóir 2.4** Ár n-inniúlacht a fhorbairt chun rioscaí agus bagairtí don bhiashlabhra a shainaithint

- Glacadh páirt in dhá chruinniú an Airmheáin Comhpháirtigh Thaighde de chuid an Choimisiún Eorpaigh i dtaca le calaois bhia agus cáilíocht bhia.

- Bunaíodh grúpa intí, Grúpa Seiceála na Rioscaí atá ag teacht chun cinn chun nótaí mionteagaisc a chur chun cinn atá forbartha i dtaca le ceisteanna poitéinsiúla atá ag teacht chun cinn. Leanamar ar aghaidh lenár mbunachar sonraí maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn a fhorbairt i litríocht phiarmheasúnaithe, agus rinneamar iniúchadh ar uirlisí meán sóisialta le haghaidh córais luathfholáirimh.
- Roinneadh sonraí maidir le ceisteanna i dtaobh rioscaí atá ag teacht chun cinn leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; agus roinneadh sonraí freisin maidir le ceisteanna mar sin agus teagmhálaithe riosca náisiúnta atá ag teacht chun cinn le tionscal an bhia ag dhá chruinniú den Fhóram um Rioscaí agus Bagairtí atá ag Teacht chun Cinn.
- Rinneadh comhoibriú le hIonad Eolais na Nimheanna Náisiúnta in Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath chun córas cothfhaireachais a mheas. Ré achtálfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte scéim phíolótach den chóras in 2020 d’fhonn córas luathfholáirimh a sholáthar maidir le rioscaí tocsaineolaíocha atá ag teacht chun cinn.

## **Cuspóir 2.5** Imir tionchar ar fhorbairt caighdeán bia agus cur chuige forfheidhmiúcháin ag leibhéal Eorpach agus idirnáisiúnta

- Freastalaíodh ar 42 cruinniú saineolaithe ar fhorbairt reachtaíochta a bhí á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an gComhairle Eorpach, mar aon le faisnéis a thabhairt don Roinn Sláinte le haghaidh vótaí ar an obair chríochnaithe.
- Cuireadh 12 aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar shonraí monatóireachta agus nochta ar bhreiseáin bhia, éilleáin agus ábhair theagmhála bia.
- Cuireadh aighneachtaí mionsonraithe teicniúla faoi bhráid seacht ngrúpa oibre leictreonach agus glacadh páirt i gcruinniú iomlánach amháin de na coistí faoi Choimisiún Codex Alimentarius, ina ndearnadh caighdeáin bhia dhomhanda a chomhaontú.
- Leanadh ar aghaidh le páirt a ghlacadh i líonra Ballstát eile agus sa Choimisiún Eorpach, ag obair ar fhormáid chaighdeánach chun Pleananna Rialuithe Náisiúnta a tháirgeadh le haghaidh rialuithe oifigiúla trasna an AE agus chun tuairisciú orthu.
- Glacadh páirt i ngrúpa oibre AE i dtaca le cloí le rialacha AE i dtaobh monatóireacht agus tuairisciú ar ola olóige.
- Soláthraíodh ionchur i bhforbairt reachtaíochta treasaí (ag cur Achtanna AE ainmnithe i bhfeidhm) i dtaca le Rialachán Rialuithe Oifigiúla (AE) 2017/625.
- Le tacaíocht ó Chúnamh Éireann agus le comhoibriú freisin ó na gníomhaireachtaí oifigiúla, d’óstáil an tÚdarás cuairt seachtaine staidéir ó thoscairí ó ghníomhaireacht sábháilteachta bia Vítneam (An Rannóg Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta Agrafhoraoiseachta agus agus Agrai-iascaigh, (NAFIQAD)) chun taithí agus saineolas na hÉireann a roinnt i dtaca le rialú bia oifigiúil.
- I nDeireadh Fómhair d’óstáil an tÚdarás toscaireacht 13 chomhalta foirne sinsearaí ón Albáin mar chuid den Tionscadal Sábháilteachta Bia, a bhí á mhaoiniú ag EuropeAid. D’fhreastail an fhoireann ó cheithre ghníomhaireacht Stáit de chuid na hAlbáine ar phleananna rialuithe náisiúnta agus pleanáil bunaithe ar riosca, chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le plean rialála níos comhtháite a chuireann síos ar ghníomhaíochtaí na n-údarás ábhartha éagsúil san Albáin agus na socruithe le haghaidh comhordú eatarthu.

## Cuspóir 3: Rannpháirtíocht agus Cumarsáid

### Le bheith ina cheannaire ar an tsábháilteacht agus ionracas bia trí chumarsáid, comhpháirtíocht, comhoibriú agus abhcóideacht

**Cuspóir 3.1** Comhairle agus faisnéis shoiléir agus bunaithe ar fhianaise chun sábháilteacht bia a chur chun cinn agus chun comhlíonadh na sábháilteachta bia a fhorbairt

- Rinneadh nuashonrú agus cothabháil rialta ar shuíomh gréasáin an Údaráis, www.fsai.ie, chun inrochtaineacht a chinntiú do gach úsáideoir ar gach gléas. Tiomsaíodh aiseolas ó chustaiméirí le linn 2019; baineadh úsáid as an aiseolas chun taithí úsáideoirí an tsuímh gréasáin a fheabhsú agus rachaidh sé i gcion ar fhorbairt bhreise a dhéanfar in 2020. Foilsíodh Iarraidh ar Thairiscint ar shuíomh gréasáin e-Tenders chun Córas Bainistíochta Ábhair a fhorbairt agus athdhearadh an tsuímh gréasáin, bunaithe ar athbhreithniú mionsonraithe ar an aiseolas sin.
- Le linn 2019, ghin suíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 2,724,816 amharc leathanaigh, méadú 16.5% ar 2018. Is iad seo a leanas na rannóga is mó tóir ar an suíomh fós, gnó bia, foilseacháin, reachtaíocht, orduithe forfheidhmiúcháin agus Ceisteanna Coitianta. Cuireadh rannóg nua Brexit leis an suíomh gréasáin i gcaitheamh na bliana.
- Dáileadh ríomhirisí rialta ar ghrúpaí síntiúsóirí i gcaitheamh na bliana. Leanann an tÚdarás ar aghaidh le seimineáir ghréasáin agus uirlisí ríomhfhoghlama a úsáid chun tacú le comhlíonadh méadaithe na reachtaíochta faoi bhia.
- Baineadh rannpháirtíocht ghníomhach ar an dá thaobh lenár bpáirtithe leasmhara. Thaifeadamar méadú ar líon na leantóirí ar ardáin meán sóisialta, le 14,512 leantóir ar Facebook (2018: 12,114); 8,579 leantóir ar Twitter (2018: 7,663); agus 16,984 leantóir ar LinkedIn (2018: 12,272).
- Éascaíodh rannpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí oifigiúla trí SafetyNet, eislíon idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus foireann na gníomhaireachta oifigiúla. Roinneadh doiciméid agus faisnéis faoi chruinnithe tríd an tairseach sin, sholáthair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann rochtain freisin ar theagasc ar líne le haghaidh úsáideoirí inmheánacha agus seachtracha.
- Thug an tÚdarás freagra ar 1,034 ceist teicniúla a d'eascair as teagmháil dhíreach nó as Líne Chomhairle Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; bhain 329 de na ceisteanna le cúrsaí sábháilteachta ceimicí, bhain 232 ceist le cothú, bhain 117 ceist le sábháilteacht bhitheolaíoch agus bhain 356 ceist le bianna núíosacha agus le ceisteanna eolaíochta bia eile.
- Rinneadh nuashonrú ar ábhar teicniúil an Phacáiste Féinfhreastail agus bhí sé ábalta faisnéis a chur san áireamh maidir le táirgeadh súisí shábháilte, mar aon le bainistiú ailléirgine agus srianadh aicriolaimíde.
- Mar chuid de thabhairt isteach an Rialacháin nua um Rialuithe Oifigiúla (AE) 2017/625, reáchtáil an tÚdarás comhairliúchán poiblí don Rainn Sláinte ar shuíomh gréasáin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, d'fhonn tuairimí páirtithe leasmhara a lorg ar na modhanna ginearálta a úsáidtear chun na táillí éigeantacha a áireamh le haghaidh rialuithe oifigiúla áirithe.

**Cuspóir 3.2** Obair i gcomhpháirtíocht leis an Rialtas, le gníomhaireachtaí Stáit eile, leis an saol acadúil agus le heagraíochtaí ón tsochaí shibhialta chun sábháilteacht bia laistigh d'Éirinn a chosaint

- Rinne an tÚdarás cathaoirleacht ar thrí chruinniú den tascfhórsa ilghníomhaireachtaí, an Tascfhórsa um Chalaois Bhia.
- Freastalaíodh ar Food Industry Intelligence Network agus cruinn-the uair in aghaidh na ráithe.

- Cuireadh le tiomantas an Údaráis i dtaobh rannpháirtíocht le pobal na heolaíochta, nuair a cuireadh naoi bpáipéar i láthair ag ceithre chruinniú idirnáisiúnta agus deich gcur i láthair bhreise ag cruinnithe in Éirinn. Chuireamar trí phóstaer agus sé achoimre ar fáil do chruinnithe eolaíochta freisin.
- Chomhoibríomar ar thionscnamh safefood a sheachaid seacht máistir-rang ailléirgine i roinnt institiúidí tríú leibhéal atá i mbun gairmithe lónadóireachta a oiliúint.
- Mar chuid de Straitéis Eolaíochta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, lean eolaithe an Údaráis ar aghaidh le tacú le hinstitiúidí tríú leibhéal trí 22 léacht a sheachadadh do mheascán de mhic léinn bunchéime agus iarchéime i sé ollscoil agus institiúid teicneolaíochta. Sheachadamar clár oiliúna dhá lá ar chúrsaí rialála i gcomhair mic léinn mháistreachta Sábháilteachta Bia atá ag staidéar i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus táimid tiomanta i gcónaí d'oiliúint a chur ar mháinlianna tréidliachta atá ag staidéar i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.
- Lainseáil foireann oiliúna an Údaráis dhá líonra nua in 2019; ceann acu le haghaidh oiliúnóirí sábháilteachta bia agus ceann eile le haghaidh Institiúidí Oideachais.
- D'óstáil an tÚdarás cruinniú de pháirtithe leasmhara chun cíoradh a dhéanamh ar cheist na micreaphlaistice aigéan-iompartha agus a bpoitéinseal mar cheist sábháilteachta bia le haghaidh bia mara. D'fhreastail daoine ó ghníomhaireachtaí éagsúla Stáit a bhfuil baint acu leis an gceist ar an gcruinniú, lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo. Tá páirt ghníomhach á glacadh ag an Institiúid i monatóireacht agus in anailís a dhéanamh ar mhicreaphlaistic san aigéan, a bhfuil méadú ag teacht ar a bpróifíl mar cheist chomhshaoil agus sábháilteachta bia. Rinne an cruinniú athbhreithniú ar staid reatha na heolaíochta agus ar an obair atá á déanamh ag Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar mhicreaphlaistic faoi Choinbhinsiún Oirthuaisceart na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil Mhuirí ('Coinbhinsiún OSPAR').

### **Cuspóir 3.3** Comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun cultúr sábháilteachta bia agus comhlíonadh thionscal bia na hÉireann a chothú agus a chur chun cinn

- Glacadh páirt in oibriúchán faoi stiúir na nGardaí a dhírigh ar sholáthar capall i gcomhair marú.
- Soláthraíodh ionchur teicniúil le haghaidh nuashonrú an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann maidir lena chaighdeán sláinteachais I.S. 342 le haghaidh próiseálaithe bia.
- Soláthraíodh tacaíocht theicniúil do Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Campylobacter na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, atá ag obair ar shábháilteacht na héineola a fheabhsú in Éirinn.
- Tháinig an Coiste Conartha Seirbhíse um Chomhsheasmhacht Forfheidhmiúcháin idir an tSeirbhís Sláinte Comhshaoil agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le chéile trí huaire in 2019.
- Tacaíodh le hobair Bia Deochanna Éireann trí fhreastal ar chruinnithe cúrsaí rialála leis an tionscal déantúsaíochta, mar ar sheachadamar cúig chur i láthair ar cheisteanna sábháilteachta bia mar aon le nuashonruithe ar obair reachtaíochta AE agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Tagann grúpaí earnáil tionscail agus bhia Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann – an Fóram Miondíola, Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia agus an Fóram Seirbhíse Bia le chéile go minic i gcaitheamh na bliana.
- Socraíodh dhá chruinniú le Cumann Trádála Sláinte na hÉireann in 2019 chun cúrsaí a bhaineann le forbhianna a phlé.
- Tionóladh cruinnithe idirghabhála freisin leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus le grúpaí ionadaithe tionscail.
- Tháinig an coiste trasghníomhaireachtaí, an Coiste ar Iompórtáil Bia de Bhunús Neamhainmhíoch le chéile trí huaire in 2019 chun forfheidhmiúchán rialuithe iompórtála a chomhordú agus chun tacú leis sin.

- Rinneadh cathaoirleacht ar cheithre chruinniú den Choiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, fóram comhoibríoch le tionscal sliogiascaigh na hÉireann.

**Cuspóir 3.4** Ár n-inniúlacht agus ár gcumas a fheabhsú trí obair le daoine eile chun tacú le bia sábháilte agus iontaofa do chách

- Glacadh páirt i ngrúpa oibre na gCeann um Ghníomhaireacht na hEorpa ar Chalaois Bhia.
- Ghlac Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann páirt i dtionscnaimh páirtithe leasmhara tionscail amhail scéimeanna deimhnithe cáilíochta Bhord Bia, an Scéim um Printíseacht Bhúistéireachta de chuid Chumann Búistéirí Ceirde na hÉireann, Cumann Gránach agus Bia Ainmhithe na hÉireann HACCP agus d'oibrigh sé le Spóirt Tuaithe na hÉireann ar an siollabas nua le haghaidh traenáil sealgaire géime fiáine in 2019.

## Cuspóir 4 Barr feabhais eagrúcháin

### Chun cumhacht a thabhairt dár bpobal, chun ár gcórais a threisiú, agus chun ár gcultúr a fhorbairt chun barr feabhais eagrúcháin a bhaint amach agus chun lánleas a bhaint as ár dtionchar

**Cuspóir 4.1** Cultúr ardfheidhmíochta agus cumasaithe a chinntiú dár bpobal, atá tógtha ar nuálaíocht, comhluachanna agus obair forine

- Tionóladh roinnt seisiúin faisnéise tionscadail i gcaitheamh na bliana. Aithnítear seisiúin faisnéise tionscadail mar phríomhuirlis chumarsáide chun an fhoireann a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí eagrúcháin nach gá go mbeadh aon bhaint dhíreach acu leo.
- Leanadh ar aghaidh le hobair ar luachanna an Údaráis - is é sin, meas, díograis, trédhearcacht, obair foirne agus comhoibriú a neadú laistigh den fhoireann.
- Chuir an tÚdarás clár mionsonraithe chur cinn ag féachaint le timpeallacht oibre dearfach, comhoibríoch agus ardfheidhmíochta a fhorbairt tuilleadh. Áirítear leis seo freagrachtaí ó shuirbhé fhoireann 2018 a chur i bhfeidhm, ceardlanna téamúla a eagrú leis an bhfoireann ar fad, agus clár d'fhorbairt foirne, bainisteoirí agus cheannaireachta a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais earcaíochta an Údaráis, cuireadh earcaíocht chun cinn i gcaitheamh na bliana i gcomhréir le ceaduithe ón Roinn Sláinte. Rinneadh anailís ar bhearna scileanna chomh maith le foghlaim agus pleananna forbartha foirne d'fhonn riachtanais eagrúcháin amach anseo a phleanáil.
- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais Acmhainní Daonna chun comhlíonadh na reachtaíochta fostaíochta ábhartha agus dea-chleachtas a chinntiú.
- Cuireadh Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an Státseirbhís i bhfeidhm agus chuaigh an tÚdarás i mbun teagmhála go mór leis an bhfoireann chun treoir agus oiliúint a sholáthar chun a chinntiú go mbeidh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta neadaithe i gcóras Acmhainní Daonna an Údaráis agus mar sin feidhmíocht eagrúcháin, foirne agus aonair a mhéadú.

- D'óstáil an tÚdarás roinnt mic léinn i gcaitheamh na bliana trasna gach réimse feidhmiúil.
- Bhí roinnt tionscnamh faoi Chreat Sláinte agus Folláine Life@FSAI, a d'fhorbair an Coiste Foirne agus ar thacaigh an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí leo, ar siúl le linn 2019. Áirítear leis na tionscnaimh seo seisiúin aireachais don fhoireann, ióga, Clár Cúnaimh d'Fhostaithe, seiceálacha eirgeanamaíochta, dúshlán céimeanna, club leabhar agus gníomhartha neartaithe foirne.
- Tionóladh cruinnithe foirne rialta agus seimineáir foirne uair in aghaidh na ráithe i gcaitheamh na bliana. Lena chois sin, tháinig Foireann an Ceannaireachta Sinsearaí le chéile dhá uair in aghaidh na míosa ar an meán chun ceisteanna a phlé agus cinntí a dhéanamh ar réimsí fíorthábhachtacha don eagraíocht. Tionóladh cruinnithe réimse feidhmiúil, cruinnithe foirne agus cruinnithe tionscadail freisin leis na foirne uile ar bhonn míosúil. Tionóladh cruinnithe rialta den Choiste Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireadh an clár oibre bliantúil i bhfeidhm. Tionóladh cruinnithe Coiste Foirne go rialta le linn 2019, rud a d'éascaigh plé oscailte ar cheisteanna líonmhara a bhí ábhartha don fhoireann.
- Rinneadh dul chun breise maidir leis an straitéis cumarsáide i gcaitheamh na bliana agus tá sí ríthábhachtach maidir le forbairt na heagraíochta.

### **Cuspóir 4.2** Creat faisnéise láidir agus spriocdhírithe a sholáthar chun éifeachtúlachtaí inmheánacha a sheachadadh agus chun riachtanais páirtithe leasmhara agus custaiméirí a chomhlíonadh

- Rinneadh nuashonrú ar fheidhmeanna forbartha bogearraí chun tacú le gníomhaíochtaí gnó in 2019 chun riachtanais ghnó mhéadaithe agus atá ag athrú a chomhlíonadh.
- Rinneadh dul chun maidir le Straitéis Sonraí na heagraíochta in 2019, lena n-áirítear trádstóras sonraí cuimsitheacha a thógáil. Cuireadh roinnt tionscail TF i gcrích a thacaigh leis an Straitéis Sonraí. Rinneadh sonraí nua a bhailiú, a aicmiú agus a bhainistiú agus soláthraíodh tuarascálacha tráthúla do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa san áireamh.
- Rinneadh nuashonrú ar réitigh Cuspóirí Gnó SAP (soláthar anailíseach agus tuairisce) chun a bhfeidhmiúlacht a mhéadú agus chun riachtanais mhéadaithe ghnó a chomhlíonadh.
- Rinneadh nuashonrú ar na príomhbhunachair sonraí a theastaíonn ón Údarás chun a fheidhmeanna corparáideacha a chur i gcrích. Áiríodh leis seo an bunachar sonraí Iniúchóireachta Inmheánaí agus Feabhsúcháin Leanúnaigh, an bunachar sonraí le ceisteanna Líne Comhairlí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a bhainistiú agus bunachar Sonraí an Chórais Mear-Rabhaidh Eorpach um Bia don Duine agus d'Ainmhithe, a úsáidtear chun rabhaidh agus fógraí bia a bhainistiú agus a chur i dtoll a chéile. Rinneadh nuashonrú freisin ar MenuCal, uirlis nuálach ar líne le haghaidh gnólachtaí bia chun ailléirginí agus calraí a áireamh i mbiachláir. An toradh a bhí air seo gur tháinig feabhas ar fheidhmiúlacht agus éifeachtúlachtaí oibriúcháin ar fud na heagraíochta.
- Chuir an tÚdarás an córas fógartha bia i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a shainmhínítear laistigh de Straitéis Sonraí an Údaráis. Cuireann an córas nua fógartha bia feidhmiúlacht fheabhsaithe úsáideora deiridh ar fáil agus cuimsítear leis cúram níos leithne chun faisnéis fógartha a ghabháil maidir le forbhianna agus bianna le haghaidh sainghrúpaí.
- Rinneadh dul chun cinn breise ar fhorfheidhmiúchán chóras bainistíochta doiciméad leictreonach an Údaráis agus eislín, 'Ár Spás', le linn 2019. Cuireadh rannóga agus struchtúir bhreise le Ár Spás agus cuireadh oiliúint ar an bhfoireann maidir leis an gcóras a úsáid. Chuaigh comhoibriú agus rannpháirtíocht doiciméad go mór chun tairbhe don eagraíocht, agus tacaíonn an córas le beartas oifig gan pháipéar de chuid an Údaráis.

- Rinneadh athbhreithniú ar acmhainní leabharlainne an Údaráis, ina ndearnadh measúnú agus nuashonrú ar acmhainní i gcomhréir le riachtanais eagraíochta. Tháinig méadú ar úsáid acmhainní leictreonacha laistigh den eagraíocht.
- Le linn 2019, fuair Líne Chomhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 8,894 ceist ó dhaoine atá ag obair in earnáil na seirbhíse bia, chomh maith le déantóirí, miondíoltóirí, taighdeoirí, agus comhairleoirí. Ba laghdú tuairim is 5% é seo ar 2018. Bhain roinnt de na ceisteanna ba rialta le reachtaíocht i dtaobh riachtanais lipéadaithe bua; iarratais ar fhoilseacháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, mar aon le hiarratais ar fhaisnéis ó ghnólachtaí bia nua atá ag dul i mbun gnó.
- I measc na gceisteanna a fuarthas, tháinig breis agus 3,460 acu ó thomhaltóirí, bhain breis agus leath acu seo le gearáin faoi bhia neamhoiriúnach agus droch-chaighdeáin sláinteachais. Tríd is tríd, tháinig méadú beag líon na ngearán in 2019 seachas na 3,424 gearán a tuairiscíodh in 2018, le méadú suntasach (25%) ar an líon tuairiscí a bhain le faisnéis neamhfheiceálach i leith ailléirginí. Tugadh faoi deara go raibh méadú suntasach ar ghearáin, le ceisteanna a bhaineann le droch-chaighdeáin sláinteachais ar 19%, agus ardú 8% ar theagmhais nimhithe bia a raibh amhras fúthu.
- Tugadh freagra ar cheisteanna Líne Comhairlí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i gcomhréir leis an gCairt Custaiméirí.

### **Cuspóir 4.3** Cinntiú go dtacaíonn ár struchtúir rialála le cinnteoireacht eolach agus fhreagrach a bhfuil ceannaireacht fhreagrach, próisis agus comhlíonadh bainistíochta riosca mar bhonn agus mar thaca aici

- Lean an tÚdarás ar aghaidh lena straitéis 2019–2023 a chur i bhfeidhm, ag cinntiú gur dáileadh a acmhainní teoranta ar mhodh éifeachtach agus iomchuí d'fhonn lánleas a bhaint as tairbhí agus éifeachtaí na straitéise. Forbraíodh an plean gnó le haghaidh 2020 freisin agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte é le haghaidh comhairliúcháin agus comhaontú.
- Seachadadh plean gnó 2019 tríd is tríd faoi dheireadh na bliana agus tuairiscíodh ar aon athrú ón bplean bunaidh agus phléigh an Bord agus an Roinn Sláinte eatarthu iad le linn a gcruinnithe ráithiúla.
- Oibríonn an tÚdarás faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016). Faoi threoir an Bhoird, lean an tÚdarás ar aghaidh leis an gCód a athbhreithniú, agus le comhlíonadh an Chóid a chinntiú, agus le tuairisciú ar a chomhlíonadh iomlán maidir leis an gCód. Comhaontaíodh an Comhaontú Maoirseachta/Comhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Sláinte.
- Ghlac an tÚdarás le Beartas Bainistíochta Riosca nua agus Clár Riosca agus cuireadh i bhfeidhm iad, agus lean sé ar aghaidh le bainistíocht riosca a neadú i ngach gné dá phleanáil, dá seachadadh agus dá ailíniú gnó chun cinnteoireacht a ghabháil chuige féin.
- Le linn 2019, fuarthas 41 iarratas i dtaca le Saoráil Faisnéise agus 13 Cheist Pharlaiminte. Rinneadh cúig nochtadh chosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tugadh freagra ar gach iarratas ar mhodh tráthúil agus de réir na reachtaíochta ábhartha.
- Lean an tÚdarás ar aghaidh leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 a comhlíonadh agus phróiseáil sé ceithre Iarratas Rochtana Ábhair. Chuir gach ball foirne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann cúrsa oiliúna ar líne a bhain leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i gcrích.

## **Cuspóir 4.4** Cultúr cáilíochta a neadú trí chinntiú go mbaineann córais, próisis agus nósanna imeachta na caighdeáin is airde

- Oibríonn an tÚdarás córas bainistíochta gnó chun barr feabhais eagraíochta, cáilíocht seirbhíse agus comhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016) agus reachtaíochta ábhartha a chinntiú. Cinntíonn an córas bainistíochta gnó go sainaithnítear rioscaí agus deiseanna, go gcloítear le fócas ar chustaiméirí, agus go bhfuil cur chuige comhsheasmhach, bunaithe ar phróiseas mar bhonn agus mar thaca ag gníomhaíochtaí. I ndiaidh iniúchóireacht sheachtrach in 2019, cloíodh le deimhniú chuig an gcaighdeán cáilíochta idirnáisiúnta ISO 9001:2015.
- Rinneadh uasghrádú ar chroí-bhonneagar TF, rud a chinntíonn go bhfuil an tÚdarás ag baint úsáid as an mbogearra is sláine agus is cobhsaí laistigh dá thimpeallacht TF. Seachadadh tionscadail slándála TF d’fhonn aon bhagairtí cibearshlándála a mhaolú.
- Trí ríomhairí cliant nua a sheachadadh, soláthraíodh réitigh TF a ghlac le cleachtais oibre mhóibíleacha na foirne, a rinne cuíchóiriú ar rochtain ar shonraí corparáideacha agus ar theicneolaíocht, agus a bhí ag teacht le caighdeáin dea-chleachtais an tionscail.
- Cuireadh réiteach Wi-Fi corparáideach láidir i bhfeidhm le haghaidh fhoireann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cuairteoirí ar an Údarás. Rinneadh feabhsuithe freisin ar sheirbhísí closamhairc, lena n-áirítear córas áirithinte le haghaidh ríomhsheomra cruinnithe.
- Chuir an tÚdarás na teicneolaíochtaí is déanaí ann atá bunaithe ar néal i bhfeidhm chun uasghráduithe crua-earraí agus bogearraí a chur san áireamh. Mhéadaigh sé sin éifeachtúlacht agus iontaofacht agus laghdaíonn sé na costais oibríochta ach cuireann sé le rialachas ríomhaireachta san am céanna.
- Rinneadh athbhreithniú ar na 71 gníomhaíocht i bplean forfheidhmiúcháin na Straitéise Eolaíochta. Dhearbhaigh sé gur baineadh an sprioc iomlán 82% amach maidir leis na gníomhaíochtaí agus an sprioc pháirteach maidir le 11% de na gníomhaíochtaí, ní raibh ach 7% de na gníomhaíochtaí ar ceapadh iad bheith neamhiomlán nó neamhriachtanach.
- Forbraíodh Straitéis Eolaíochta don tréimhse 2020–2024 le foilsiú in 2020.

## **Cuspóir 4.5** Aitheantas a fheabhsú maidir le féiniúlacht, tionchar agus cáil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann i measc baill foirne, páirtithe leasmhara agus custaiméirí.

- Reáchtáil an tÚdarás a chéad chomhdháil eolaíochta idirnáisiúnta, Eolaíocht na Sábháilteachta Bia – Cad atá i ndán dúinn?, imeacht dhá lá in Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath ar ar fhreastail breis agus 300 rannpháirtí.
- D’óstáil monarcha táirgeachta bainne foirmle do naíonáin Abbot Nutrition i Muinchille imeacht le haghaidh eolaithe an Údaráis a dhírigh ar thuiscint a fháil ar na dúshláin a bhaineann le sábháilteacht bia a chur chun feidhme i dtimpeallacht monarchan.

# Aguisín 1 Comhaltaí na BhFóram Tionscail

## Fóram na dTáirgeoirí Ceardbhia, 2019

**An tUasal John Matthews (Cathaoirleach)**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Darina Allen**

Mallbhia Éireann, Scoil Chócaireachta Bhaile Mhaolmhuaidh

**An tUasal Sally Barnes**

Woodcock Smokery

**An tUasal Eoin Bird**

The Wooded Pig

**An tUasal John Brennan**

Ionad Orgánach Liatroma

**An tUasal Kevin Brennan**

Teagasc

**An tUasal William Cleary**

Beachaire

**An tUasal Jeffa Gill**

Durrus Cheese

**An tUasal Simone Kelly**

The Rocket Man Café

**An tUasal Sean Kent**

Saineolaí ar Éanlaith Chlóis

**An tUasal Donal Lehane**

Cathaoirleach ar Ghrúpa Bia Pobail

**An tUasal Hugh Maguire**

Cumann Búistéirí Ceirde na hÉireann

**An tUasal Jane Murphy**

Cáis

**An tUasal Mary Regan**

Regan's Organic Farm

**An tUasal Dearbhla Reynolds**

The Cultured Club

**An tUasal Declan Ryan**

Arbutus Breads

**An tUasal Elisabeth Ryan**

Independent Micro Breweries

## An Fóram Seirbhíse Bia, 2019

**An tUasal Dorothy Guina-Dornan (Cathaoirleach)**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Lana McGinn**

Gather and Gather

**An tUasal Louise Collins**

Eddie Rocket's (IRL) Limited

**An tUasal Pat Crotty**

Cónaidhm Fíoncheannaithe na hÉireann

**An tUasal Adrian Cummins**

Cumann Bialann na hÉireann

**An tUasal Martina Donohoe**

Aramark

**An tUasal Adam Heyes**

Subway Ireland

**An tUasal Louise Hickmott**

McDonald's Restaurants of Ireland

**An tUasal Mary Flynn**

Cumann na mBainisteoirí Lónadóireachta

**An tUasal Conor O'Kane**

Cónaidhm Óstán na hÉireann/ Clayton Hotels

**An tUasal Pat O'Sullivan**

Seirbhís Phríosúin na hÉireann

**An tUasal Manuela Spinelli**

Euro-Toques Ireland

**An tUasal Helen Statham**

*(a thosaigh i Meán Fómhair 2019)*

KFC

## An Fóram Miondíola, 2019

**An tUasal Dorothy Guina-Dornan (Cathaoirleach)**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Ray Bowe**

Musgrave Retail Partners Ireland

**An tUasal Stephen Browne**

Miondíol Éireann/Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

**An tUasal Katie Creamer**

Aldi

**An tUasal Tara Buckley**

Comhlachas Miondíoltóirí, Earraí Grósaeireachta agus Déiríochta agus a gComhthrádálaithe

**An tUasal Jenni O'Brien** *(a tháinig in ionad Rachel Moran Samhain 2019)*

Avoca

**An tUasal Gareth Coburn**

Pallas Foods

**An tUasal Mary Daly**

Dunnes Stores

**An tUasal Elaine Clohosey**

BWG Foods

**An tUasal Jonathan Halls**

Boots

**An tUasal Aoife Noonan**

Lidl Ireland

**An tUasal Lynda Kenny**

Musgrave Wholesale/Daybreak

**An tUasal Rob McEvoy**

Circle K

**An tUasal Aisling McGough**

Tesco Ireland

**An tUasal Sharon Murphy**

Barry Group

**An tUasal Ben McGinn** *(a tháinig in ionad Caroline O'Connor Bealtaine 2019)*

Gala Retail

**An tUasal Trish Twohig**

Iceland Foods

**An tUasal Peter Wight**

Marks & Spencer

## An Coiste Sábháilteachta Sliogiasc Moileascach, 2019

**An tUasal David Lyons (Cathaoirleach)**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Dave Clarke/An tUasal Conor Duffy/An Dr Jeffrey Fisher/An Dr Sinead Keaveney/An tUasal Joe Silke**

Foras na Mara

**An tUasal Patricia Daly/An tUasal Vicky Lyons**

Bord Iascaigh Mhara

**An tUasal Paul Duane/An tUasal Brian Nolan/An tUasal Bernard O'Donovan/Dr**

**Micheál O'Mahony/An tUasal Aileen O'Sullivan**

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

**An tUasal Teresa Morrissey/An tUasal John Harrington/An tUasal Ray Harty/ An tUasal Pat Mulloy/An tUasal Finian O'Sullivan**

Cumann Sliogéisc na hÉireann agus an Tionscal Próiseála

**An tUasal Valerie Hannon/An tUasal Kate Harrington/An tUasal Maeve O'Reilly**

Uisce Éireann

**An tUasal Paul Hickey**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal Sarah McLean**

Gníomhaireacht na Lochanna

**An tUasal Helen Carney**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Liam Ó Slleabháin**

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# Aguisín 2 Comhaltaí na bhfochoistí eolaíocha

## An Coiste Sábháilteachta Bitheolaíochta, 2019

**An Dr Geraldine Duffy (Cathaoirleach)**

Teagasc

**An Dr Declan Bolton**

Teagasc

**An tOllamh Martin Cormican**

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Dr Bill Doré**

Foras na Mara

**An tUasal Catherine Foye**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Patricia Garvey**

Ionad um Fhaireachas ar Chosaint Sláinte

**An Dr John Griffin**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal Bernadette Hickey**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Kieran Jordan**

Teagasc (ar scor)

**An Dr Eleanor McNamara**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Dr Joanne O'Gorman**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Dr Micheál O'Mahony**

An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara

**An Dr Helen O'Shea**

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

**Dr Margaret O'Sullivan**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal Ray Parle**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tUasal Kilian Unger**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Theo de Waal**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Paul Whyte**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An tUasal Vincent Young**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (ar scor)

## An Coiste Ceimiceach, 2019

**An Dr Michael O Keeffe (Cathaoirleach)**

Saineolaí ar Iarmhair

**An Dr Gabriel Beechinor**

An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte

**An tUasal Alan Breen**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Finbar Brown**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Nigel Brunton**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Claire Chambers**

Saineolaí Tocsaineolaí

**An tUasal Catherine Cosgrove**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Enda Cummins**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Martin Danaher**

Teagasc

**An Dr Edel Duggan**

Ospidéal Beaumont

**An tUasal John Keegan**

Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Baile Átha Cliath (ar scor)

**An tOllamh Joe Kerry**

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**Dr Ita Kinahan**

An tSaotharlann Stáit

**An Dr Evin McGovern**

Foras na Mara

**An Dr Declan McKernan**

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**An Dr Tara McMorrow**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Breige McNulty**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr John Moriarty**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal Joe Silke**

Foras na Mara

**An Dr Finbarr O'Regan**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## An Fochoiste um Chothú Sláinte Poiblí, 2019

**An tUasal Ita Saul (Cathaoirleach)**

Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn (ar scor)

**Dr Teresa Bennett**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Clare Corish**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An tOllamh Albert Flynn**

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr Eileen Gibney**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An tOllamh Mairead Kiely**

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An tOllamh Barbara Livingstone**

Ollscoil Uladh (ar scor)

**An tOllamh Fionnuala McAuliffe**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Sinéad McCarthy**

Teagasc

**An tOllamh Malachi McKenna**

Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann

**An tOllamh Helene McNulty**

Ollscoil Uladh

**An Dr Emeir McSorley**

Ollscoil Uladh

**An Dr Anne Nugent**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Claire O'Brien**

Cumann Ailse na hÉireann

**Dr Dilip Rai**

Teagasc

**An Dr Janette Walton**

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An tOllamh Mary Ward**

Ollscoil Uladh

**An Dr Katherine Younger**

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

## Fochoiste Ad Hoc ar Ailléirginí

**An tUasal Ray Parle (Cathaoirleach)**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An Dr Padraig Burke**

Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Gaillimh

**An Dr Orla Cahill**

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**An Dr Ruth Charles**

Diaitéiteach Péidiatrach Comhairleach

**An Dr James McIntosh**

*safe*food

**An Dr Ciara Walsh**

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**An Dr Cristina Arroyo-Casabona**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An Dr Pat O'Mahony**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

## Fochoiste Ad Hoc ar Theicneolaíochta atá ag Teacht chun Cinn i bPróiseáil Bia

**An Dr Mark Fenelon (Cathaoirleach)**

Teagasc

**An Dr PJ Cullen**

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

**An Dr Geraldine Duffy**

Teagasc

**An tOllamh Alan Kelly**

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An Dr James Lyng**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An tOllamh Brian McKenna**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (ar scor)

**An Dr Michael O Keeffe**

Saineolaí ar Iarmhair

**An Dr Seamus O'Mahony**

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**Dr Patrycja Zakrys**

An Coláiste Ollscoile, Corcaigh

**An tOllamh Brijesh Tiwari**

Teagasc

**Dr Karl McDonald**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An Dr Cristina Arroyo-Casabona**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An Dr Pat O'Mahony**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

## Fochoiste Ad Hoc ar Fheamainn

**An tOllamh Brian McKenna (Cathaoirleach)**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (ar scor)

**An Dr Dagmar Stengel**

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**An Dr Jenny Smith**

Foras na Mara

**An Dr Evin McGovern**

Foras na Mara

**Dr Liam Morrison**

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**An tUasal Lucy Watson**

Bord Iascaigh Mhara

**An Marco García-Vaquero**

Teagasc

**An Dr Maria Hayes**

Teagasc

**An tUasal Mary Cullen**

Saotharlann an Anailísí Phoiblí, Corcaigh

**Dr Willie Ryan**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal Máirtín Walsh**

Bord Iascaigh Mhara

**An Dr Pat O'Mahony**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal Faye Clarke**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An Dr Christina Tlustos**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An Dr Cormac McElhinney**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An Dr Cristina Arroyo-Casabona**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

## Fochoiste Ad Hoc ar Mycobacterium Avium Paratuberculosis agus Ghalar Crohn

**An Dr Donal Sammin (Cathaoirleach)**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Mark Fenelon**

Teagasc

**Dr Margaret O'Sullivan**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**An tOllamh Stephen Gordon**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**An Dr Glen Doherty**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann

**An tOllamh Tom Rogers**

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Saotharlann Tagartha Míceabhaictéir na hÉireann, Ospidéal San Séamas

**An Dr Kevin Kenny**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Mr Joe O'Flaherty**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An Dr Carina Brehony**

Saotharlann Sláinte Poiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**Dr Louise Britton**

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**An tUasal Timothy O'Donnell**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal John Matthews**

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

# Aguisín 3 Ráiteas faoi Leasanna na gComhaltaí Boird, an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Chomhaltaí an Choiste Eolaíoch (1/01/2019 – 31/12/2019)

| Comhalta boird | Leas tráchtála | | Leas neamhthráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | Ainm na heagraíochta | Cineál an leasa | Ainm na heagraíochta | Cineál an leasa |
| An tOllamh Francis Butler | Carroll's Cuisine, Tulach Mhór, Co Uíbh Fhailí<br>Saudi Food & Drug Authority, Riyadh, an Araib Shádach<br>Coiste Comhairleach ar Sábháilteacht Micribhitheolaíochta Bia, an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia, an Ríocht Aontaithe<br>Úinéireacht talún | Sainchomhairleoireacht (ceithre lá)<br>Sainchomhairleoireacht (10 lá)<br>Cúig chruinniú<br>Foraoiseacht | Nialas | – |
| An tUasal Ciaran Byrne | Nialas | – | Nialas | – |
| An tUasal Mary Cullen | Nialas | – | Nialas | – |
| An tUasal Derek Cunningham | Nialas | – | Nialas | – |
| An tOllamh Albert Flynn | Nialas | – | Institiúid Idirnáisiúnta Eolaíochtaí na Beatha, an Eoraip | Comhalta, an Bord Stiúrthóirí |
| An Dr Cliodhna Foley-Nolan | Nialas | – | Nialas | – |
| An tUasal Martin Higgins | Nialas | – | Nialas | – |
| An tUasal Gerard McCurdy | Nialas | – | Regulation and Quality Improvement Authority<br>Coimisiún Carthanachta le haghaidh Thuaisceart Éireann | Comhalta boird<br>Leas-Phríomhchoimisinéir |
| An tUasal Margaret Moran | Nialas | – | Arthur Cox Solicitors | Tá ball teaghlaigh amháin fostaithe faoi láthair mar chomhpháirtí ag Arthur Cox (Comhairleoirí Dlí d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann) |
| An tUasal Ros O'Shea | Nialas | – | Nialas | – |
| An Dr Susan Quinn | Nialas | – | Nialas | – |
| **An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | | | | |
| Dr Pamela A Byrne | Nialas | – | Cumann na bPríomhfheidhmeannach i nGníomhaireachtaí Stáit in Éirinn<br>An Foras Riaracháin | Cathaoirleach<br>Stiúrthóir |

| Comhalta boird | Leas tráchtála | | Leas neamhthráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | Ainm na heagraíochta | Cineál an leasa | Ainm na heagraíochta | Cineál an leasa |
| **An tUasal Paula Barry Walsh** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An tOllamh Kevin Cashman** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An Dr PJ Cullen** | Ollscoil Sydney<br>Plasma Equipment Providers<br>PlamaLeap Technologies | Fostaíocht<br>Stiúrthóir Cuideachta<br>POF | Plasma Equipment Providers | Tá ball teaghlaigh amháin fostaithe ag an gcuideachta seo |
| **An Dr Geraldine Duffy Nialas** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An tOllamh Albert Flynn** | Nialas | – | Institiúid Idirnáisiúnta Eolaíochtaí na Beatha, an Eoraip | Comhalta, an Bord Stiúrthóirí |
| **An Dr Mark Fenelon** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An tUasal John Keegan** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An tOllamh Brian McKenna** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An Dr Eleanor McNamara** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An Dr Michael O Keeffe** | Nialas | – | Nialas | – |
| **Dr Margaret B O'Sullivan** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An tUasal Redmond (Ray) Parle** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An Dr Dónal Sammin** | Nialas | – | Nialas | – |
| **An tUasal Ita Saul** | Nialas | – | Seirbhís Cúraim Leanaí, Réamhscoil, Seirbhís Iarscoile, Ionad Muire, Bóthar na Páirce Glaise, Bré, Co Chill Mhantáin | Cathaoirleach Oinigh, an Bord Bainistíochta |

# Aguisín 4 Beathaisnéisí na gComhaltaí Boird

1



2



3



4



5



6



7



8



9



10



11



12



1. **An tUasal Martin Higgins**
2. **An tUasal Ciaran Byrne**
3. **An tUasal Mary Cullen**
4. **An tUasal Derek Cunningham**
5. **An tOllamh Albert Flynn**
6. **An tUasal Margaret Moran**
7. **An tUasal Ros O'Shea**
8. **An Dr Susan Quinn**
9. **An tUasal Gerry McCurdy**
10. **An Dr Cliodhna Foley-Nolan**
11. **An tOllamh Francis Butler**
12. **An tOllamh Patrick Wall**

1. **An tUasal Martin Higgins (Cathaoirleach)**

Bhí Martin Higgins ina Príomhfheidhmeannach bunaidh de bhia sábháilte, an bord uile-oileáin um chur chun cinn na sábháilteachta bia, agus stiúir sé an eagraíocht óna bunú in 1998 go dtí gur éirigh sé as in 2014. Roimhe sin ba é an chéad Stiúrthóir ar na Seirbhísí Corparáideacha in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus bhí sé ina Phríomhoifigeach roimhe sin sa Roinn Sláinte, ag sainfheidhmiú i gcúrsaí airgeadais agus i rialachán gníomhaireachtaí sláinte. Tá cáilíochtaí gairmiúla aige sa chuntasaíocht, rialachán idirnáisiúnta agus rialachas agus is idirghabhálaí cáilithe agus cóitseálaí feidhmiúcháin agus ceannaireachta é. Tá sé ina Chomhalta ar an Institiúid Bainistíochta Cairte. San am a chuaigh thart bhí sé ina chomhalta boird ar Bhord Leigheasra na hÉireann agus ar Coru – rialtóir na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. In 2015 ceapadh é ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann. Déanann sé cathaoirleacht faoi láthair ar Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Pleanála, ar an mBord Taighde Sláinte, agus ar an bPríomh-Oifig Staidrimh.

2. **An tUasal Ciaran Byrne**

D'fhóin an tUasal Ciaran Byrne mar chomhalta d'Fhóram Sláinte Réigiúnach FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt (2009-2011), d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (2011-2014) agus den Choiste Bainistíochta Riosca. Agus é ina ionadaí poiblí ar Chomhairle Contae Fhine Gall (2001-2014), bhí sé ina Mhéara in 2009/10, ina chomhalta de Choiste Iniúchóireachta na Comhairle (2011-2014), agus ina chomhalta den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh. Bhí sé ina chathaoirleach ar Bhord Forbartha Contae Fhine Gall (2004-2009). Bhí sé ina Chathaoirleach chomh maith ar Chomhpháirtíocht Ceannairí Fhine Gall (2009-2011). Bhí sé ina chomhalta bunaidh ar Bhord Fhiontraíocht agus Ionad Oiliúna Bhaile Brigín (2000-2014). D'oibrigh sé sa tSeirbhís Dheonach Thar Lear (Voluntary Service Overseas) i Londain, in innealtóirí bogearraí Glockenspiel agus mar chomhpháirtí i gcomhairleoirí bainistíochta STS i mBaile Átha Cliath. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Staidéar Eacnamaíoch agus Sóisialta) é agus tá céimeanna mháistreachta aige san eolaíocht, sna dána agus sna meáin ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

3. **An tUasal Mary Cullen**

Cuntasóir Cairte is ea an tUasal Mary Cullen D'fhreastail sí ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar a ndearna sí staidéar ar Staidéar Gnó, Eacnamaíochta agus na Staidéir Shóisialta (BESS) agus thosaigh sí ag obair le Price Waterhouse, PwC anois, ina dhiaidh sin. Bhí roinnt róil bhainistíochta sinsearaí aici le PwC, lena n-áirítear freagracht as cúrsaí rúnaíochta comhpháirtíochta agus cuideachta agus gnóthaí páirtithe. Tá sí ina comhalta de Chistí Pinsean Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) agus tá sí ina hiarchomhalta de Bhord Forais an RDS. Roimhe sin, bhí sí ina Comhalta Boird ar Ospidéal Ollscolaíoch na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Bhord Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí, Baile Átha Cliath agus ina Comhalta Boird d'Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath.

4. **An tUasal Derek Cunningham**

Is comhairleoir cumarsáide é an tUasal Derek Cunningham. Roimhe sin, bhí sé ina Chomhairleoir Speisialta agus ina Cheann Cumarsáide le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann. Is iar-iriseoir é le

teilifís agus raidió RTÉ. Is céimí é de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá cáilíochtaí iarchéime aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'fhóin sé ar Ghrúpa Comhairleach de chuid Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhairle Lucht Féachana/Éisteachta RTÉ.

### 5. An tOllamh Albert Flynn

Tá an tOllamh Albert Flynn, B.Sc., Ph.D. (OÉ, Gaillimh), ina Ollamh le Cothú sa Roinn Eolaíochtaí Bia agus Cothaithe sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh. D'fhóin sé ar dhámh na hOllscoile ó 1981, agus ó 1993-1996 bhí sé ina Dhéan ar Dhámh na hEolaíochta & Teicneolaíochta Bia. Chuir sé a lán foilseachán amach ar chothú an duine, ar an tsláinte phoiblí agus ar shábháilteacht bia, maidir le raon topaicí lena n-áirítear iontógáil cothúcháin agus stádas grúpaí daonra, measúnú riosca um shábháilteacht bia, foirtiliú bia agus measúnú idir riosca is tairbhe ar chothaithigh. Tá taithí fhairsing aige maidir le comhairle eolaíoch a sholáthar ar cheisteanna i dtaca le cothú an duine agus sábháilteacht bia a bhaineann le beartas agus rialú bia. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. D'fhóin sé freisin mar chomhalta de Choiste Eolaíoch Údarás Sábháilteachta Bia na hEorpa, agus mar Chathaoirleach ar a Phainéal um Tháirgí Diaitéitice, Cothú agus Ailléirgí ó 2003 go 2012 agus mar chomhalta de Choiste Eolaíoch an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Bia ó 1997 go 2003. Athcheapadh an tOllamh Flynn ar an mBord ar an 21 Aibreán, 2015.

### 6. An tUasal Margaret Moran

Bhí Margaret Moran ina Ceann ar an Roinn Eacnamaíochta Baile agus ina Léachtóir ar an Staidéar Bia in iar-Choláiste Oideachais Naomh Caitríona um Eacnamaíocht Bhaile. Chuir sí seirbhísí comhairleacha ar fáil le blianta fada do Fáilte Éireann agus d'oibrigh sí mar Chomhairleoir Bia Réigiúnach le Bord Bia. Áirítear ar a cáilíochtaí iarchéime MSc i dTalmhaíocht (Eolaíocht Bhia) ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Teastas i Sábháilteacht Bia ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Dioplóma i mBeartas Bia ó City, Ollscoil Londan, agus Teastais Ardscileanna Cócaireachta ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá sí ina comhalta den Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Eacnamaíocht Bhaile agus bhí sí ina cathaoirleach roimhe seo ar an gCoiste um Chlár Slándála Bia agus Cothaithe. Cuireann sí seirbhísí comhairleachta ar fáil faoi láthair d'institiúidí agus d'eagraíochtaí éagsúla laistigh den oideachas do mhúinteoirí, breisoideachas agus oideachas do thomhaltóirí.

### 7. An tUasal Ros O'Shea

Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, neamhspleách í an tUasal Ros O'Shea a bhfuil a lán taithí aici ar earnálacha airgeadais, poiblí agus carthanachta, orthu sin tá seal le Bank of Montreal Ireland plc, cistí BlackRock na hÉireann agus Teach Pieta. Tá sí ina cathaoirleach ar Líonra Céimithe PwC in Éirinn. Tá sí ina comhpháirtí bunaidh ar Acorn Governance Solutions, comhlacht comhairliúcháin a sholáthraíonn oiliúint chomhairle agus cheannaireachta maidir le rialú, cultúr, riosca, comhlíonadh agus ionracas gnó, agus tá sí ina léachtóir ar na topaicí seo i Scoil Ghnó Iarchéime Smurfit UCD, tá sí ina gairm le beagnach 20 bliain, agus d'oibrigh sí le dhá cheann de na cuideachtaí is mó in Éirinn: CRH plc, mar a raibh sí ina Ceannaire ar Chomhlíonadh agus Eitic Grúpa, agus Smurfit Kappa Group plc

Tá céimeanna máistreachta céad onóracha sa ghnó aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, tá dioplóma aici sa Rialachas Corparáideach ó Scoil Ghnó Iarchéime Smurfit de chuid Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina comhlach san Institiúid Cánach agus tá sí ina comhalta in Institiúid na gCuntasóirí Cairte, i ndiaidh di a hoiliúint a fháil le PwC. Chríochnaigh sí Clár Oiliúnóra Máistir i bhForas Bainistíochta na hÉireann, tá dioplóma aici in Airgeadas Aerárthaí agus i Léasú ó Dhlí-Chumann na hÉireann, is céimí den chlár Value Creation through Effective Boards i Scoil Ghnó Harvard, agus is Stiúrthóir Deimhnithe Bainc í mar a shonraítear de réir Institiúid na Baincéireachta. Lena chois sin, is í údar an leabhair *Leading with Integrity*: *A Practical Guide to Business Ethics* agus scríobhann sí go rialta sna nuachtáin agus sna meáin chlóite ar thopaicí ábhartha.

### 8. An Dr Susan Quinn

Is léachtóir í an Dr Susan Quinn, MICI, MRSC i Scoil na Ceimice, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhain sí amach a céim onóracha B.Sc in 1997; agus PhD in 2002 ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus rinne sí staidéar iardhochtúireachta i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ó 2002-2005. D'fhóin an Dr Quinn roimhe seo ar údarás rialaithe agus ar choiste airgeadais an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. I Meán Fómhair 2009, thosaigh sí ag obair le Scoil na Ceimice agus bhain sí tionacht amach in 2012. Baineann a suimeanna taighde reatha le réimsí a bhaineann le nana-ábhair fheidhmiúla agus ceimic DNA. Tá sí ina comhairleoir idirnáisiúnta ar bhord na Saoráidí maidir le Central Laser Facility, Science and Technology Facilities Council (STFC) sa Ríocht Aontaithe agus is comhalta í freisin de Life Sciences and Soft Materials Advisory Pane de chuid STFC.

### 9. An tUasal Gerry McCurdy

Tá breis agus 40 bliain taithí ag an Uasal Gerry McCurdy ag obair i dtimpeallacht rialála agus é ag plé le sábháilteacht bia, sláinte phoiblí agus cosaint tomhaltóirí. Bhain sé a cháilíochtaí mar oifigeach sláinte comhshaoil amach in Ollscoil Uladh in 1978 agus bhain sé Máistreacht Eolaíochta amach in 1991. Bhí roinnt poist shinsearacha aige i rialtas áitiúil agus lárnach agus bhí ról fíorlárnach aige maidir leis an nGníomhaireacht Caighdeán Bia i dTuaisceart Éireann. Mar stiúrthóir Thuaisceart Éireann den Ghníomhaireacht Caighdeán Bia d'fhorbair sé dlúthchaidreamh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. I ndiaidh dó éirí as in 2013, d'oibrigh an tUasal McCurdy mar chomhairleoir sábháilteachta bia le haghaidh Fhoras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe sa Bhoisnia agus sa Bhanglaidéis. Tá taithí fhairsing ag an Uasal McCurdy ag leibhéal an Bhoird maidir le hobair leis an Údarás Rialála, Cáilíochta agus Feabhsúcháin agus is é an Leas-Phríomhchoimisinéir ar an gCoimisiún Carthanachta le haghaidh Thuaisceart Éireann. Tá sé ina chomhalta freisin ar a gcoiste Iniúchóireachta agus riosca faoi seach.

### 10. An Dr Cliodhna Foley-Nolan

Tá an Dr Cliodhna Foley-Nolan MB, BCh, BAO, DCH, DObs, MPH, FFPHM ina Comhairleoir i Leigheas Sláinte Poiblí. D'oibrigh sí mar Stiúrthóir um Shláinte an Duine agus Cothú in safefood (an Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia) agus mar Speisialtóir i Leigheas Sláinte Poiblí i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Tá céim sa leigheas ag an Dr Foley-Nolan

ón gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus tá Máistreacht i Sláinte Phoiblí aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá sí ina Comhalta le Roinn an Leighis Sláinte Poiblí i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. Tá an Dr Foley-Nolan ina Léachtóir Sinsearach sa Choláiste Ollscoile, Corcaigh agus is oiliúnóir agus scrúdaitheoir í i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. D'fhóin sí ar roinnt grúpaí comhairleachta náisiúnta, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach Náisiúnta ar SEIF, mar aon le grúpaí comhairleacha ar eitinn, sláinte i measc inimirceach, tearcrochtain bhia, agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach. D'fhóin sí ar Bhoird Chomhairle Tréidliachta na hÉireann, grúpaí beartais i leith murtaill i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann, Dámh an Leighis Sláinte Poiblí i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn; agus Ionad an Bhoird Taighde Sláinte um Taighde Sláinte agus Cothaithe.

### 11. An tOllamh Francis Butler

Is Príomhthaighdeoir é an tOllamh Francis Butler san Institiúid um Ghnó Bia agus Sláinte, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus san Ionad um Shábháilteacht Bia, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina Cheann Ábhair in Innealtóireacht Bithchóras i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Baineann a phríomhthaighde le sábháilteacht bia le fócas ar leith ar chórais thraidisiúnta agus ar mheasúnú riosca cainníochtúil i leith guaiseacha micribhitheolaíochta agus ceimiceacha i mbianna. Comhordaíonn an tOllamh Butler an MSc i Sábháilteacht Bia agus Anailís Riosca i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Stiúir sé roinnt measúnuithe ar riosca bia miocróbach cainníochtúil, agus chuir sé ábhar nuálach ar fáil maidir le tréithriú dáilte miocróbacha i mbia agus le forbairt straitéisí samplála nuálacha d'éilleáin i mbianna. Tá sé ag stiúradh tionscadail faoi láthair trí úsáid a baint as teicníochtaí micribhitheolaíochta móilíneacha chun foinsí agus cúrsaí a shainaithint maidir le tras-seoladh pataiginí tríd an mbiashlabhra. Áirítear i measc a suimeanna taighde eile ionracas an bhiashlabhra agus inrianaitheacht bianna. D'fhoilsigh an tOllamh Butler breis agus 150 foilseachán in irisí measúnaithe, mar aon le 100 páipéar measúnaithe i nósanna imeachta comhdhálacha idirnáisiúnta agus breis agus 150 cur i láthair breise ó chomhdhálacha náisiúnta agus cur i láthair ceardlainne eile. Chomardaigh sé nó bhí sé ina chomhpháirtí ar níos mó ná 30 tionscadal taighde, lena n-áirítear ceithre chreat-tionscadal an Aontais Eorpaigh. Chuir sé oiliúint ar fhoireann shuntasach taighdeoirí agus scoláirí, lena n-áirítear 20 mac léinn a bhain PhD amach agus 13 mac léinn máistreachta taighde, mar aon le 14 taighdeoir Iardhochtúireachta. D'fhóin sé ar roinnt cruinnithe saineolaithe de chuid Fhoras Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus na hEagraíocht Domhanda Sláinte ar mheasúnú riosca micribhitheolaíochta. Sular thosaigh sé ag obair le Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, d'oibrigh an tOllamh Butler i mbainistíocht táirgeachta i dtionscal déiríochta na hÉireann.

### 12. An tOllamh Patrick Wall

Is Ollamh ar an tSláinte Phoiblí é an tOllamh Patrick Wall i Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Spóirt, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba é an chéad Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) agus ba é an dara Cathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia. Tá sé ina chomhalta ar Choiste Idirnáisiúnta Comhairleach Eolaíoch Ionad Náisiúnta na Síne um Shábháilteacht Bia agus Riosca Measúnú.

Tá sé ina chomhalta de bhord bainistíochta Fhondúireacht Mater agus Agri Aware. Bhain sé cáilíocht amach i leigheas tréidliachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus i leigheas daoine i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn. Tá MSc aige i nGalair Thógálacha ó Ollscoil Londan agus MBA ó Scoil Ghnó Michael Smurfit agus tá Dioplóma aige sa Rialachas Corparáideach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sé ina thaidhleoir ar Choláiste na hEorpa um Shláinte Phoiblí Tréidliachta, tá sé ina Chomhalta de Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí in Éirinn, tá sé ina Ánra de Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí sa Ríocht Aontaithe agus ina Chomhalta de Choláiste Ríoga na Máinlianna Tréidliachta. Tá sé ina Chathaoirleach ar bhord bainistíochta na Saotharlann Bainne Neamhspleách.

# Innéacs a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Rialú agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 86 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 90 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 93 |
| An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 97 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019 | 98 |
| Ráiteas ar shreafaí airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 | 99 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 100 |

# Ráiteas maidir le Rialú agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

### Rialú

Bunaíodh Bord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 31 den Acht. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó go léir. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ceannasaíochta sinsearaí freagrach as gnáthbhainistiú, rialú agus treoir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Ní mór don POF agus don fhoireann ceannasaíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan a leagann an Bord amach a leanúint agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird go léir ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha a thiocfaidh chun cinn is dócha. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí gach duine a bhaineann le gníomhaíocht an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais i gcomhair comhaltaí Boird, an Chathaoirligh, an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Rúnaí.

Leagann an Cód amach freisin na ceisteanna atá le cinneadh ag an mBord. San áireamh sna ceisteanna buana a ndéanann an Bord iad a mheas tá:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais.
  cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair forchoimeádta.

Ceanglaítear ar Bhord an Údaráis leis an Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, Alt 26 (5), ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm agus modh a d'fhaomhadh an tAire Sláinte le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus gach cuntas airgid is cuí agus is gnách a fuair sé agus a chaith sé a choinneáil.

Ceanglaítear ar an Údarás Sábháilteachta Bia na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh sé i mbun oibre; agus

- a shonrú cibé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir aon neamhchomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Dearbhaíonn an Bord gur chomhlíon sé na riachtanais thuasluaite maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú. Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, a staid airgeadais lena cuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Tá freagracht ar an mBord as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí ar shuíomh gréasáin an Údarás Sábháilteachta Bia. Le linn 2019 tharraing an Bord aird ar dhúshláin shuntasacha maidir le cinntiú go gcomhlíonfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a dhualgais reachtúla agus rialála go léir, laistigh dá leithdháileadh maoinithe, don Roinn Sláinte, a bhfuil sé ag dul i mbun teagmhála léi fós ar an ábhar seo. Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Tá measúnú á dhéanamh go leanúnach ar fheidhmíocht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann trí thagairt dá phlean gnó bliantúil agus dá bhuiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar i ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2019 seachas i gcás neamhchomhlíontachta maidir le riachtanais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir, arna threorú ag an Aire Sláinte. D'fhaomh an Bord síniú an ráitis sin agus na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 ar 24 Meitheamh 2020.

Tá Cathaoirleach agus naonúr ngnáthchomhalta ar an mBord, ceapann/athcheapann an tAire Sláinte iad ar fad. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse 3 nó 5 bliana agus tagann siad le chéile 6 huaire in aghaidh na bliana.

Sonraíonn an tábla thíos an tréimhse cheapacháin i gcomhair comhaltaí a thug seirbhís i gcaitheamh na bliana:

| Comhaltaí Boird | Ról | Dáta Ceaptha | An dáta is déanaí | Sonra breise |
|---|---|---|---|---|
| **An tUasal Martin Higgins** | Cathaoirleach | Feabhra 2013 (gnáth chomhalta) | Ceapadh ina Chathaoirleach é i bhFeabhra 2018 | |
| **An tOllamh Patrick Wall** | Gnáthchomhalta | | Feabhra 2016 | Deireadh an téarma Feabhra 2019 |
| **An tOllamh Albert Flynn** | Gnáthchomhalta | Feabhra 2003 | Aibreán 2015 | |
| **An Dr Susan Quinn** | Gnáthchomhalta | Deireadh Fómhair 2013 | Deireadh Fómhair 2016 | Deireadh leis an téarma Deireadh Fómhair 2019 |
| **An tUasal Margaret Moran** | Gnáthchomhalta | Meitheamh 2014 | Meitheamh 2017 | – |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **An tUasal Ciaran Byrne** | Gnáthchomhalta | Iúil 2014 | Meitheamh 2017 | – |
| **An tUasal Derek Cunningham** | Gnáthchomhalta | Feabhra 2013 | Meitheamh 2016 | – |
| **An tUasal Ros O'Shea** | Gnáthchomhalta | Meitheamh 2016 | – | – |
| **An tUasal Mary Cullen** | Gnáthchomhalta | Meitheamh 2016 | – | – |
| **An tOllamh Francis Butler** | Gnáthchomhalta | Bealtaine 2019 | – | – |
| **An tUasal Gerard McCurdy** | Gnáthchomhalta | Bealtaine 2019 | – | – |
| **An Dr Cliodhna Foley-Nolan** | Gnáthchomhalta | Deireadh Fómhair 2019 | – | – |

Chuaigh an Bord i mbun teagmhála le speisialtóir neamhspleách go luath in 2018 chun athbhreithniú cuimsitheach a chur i gcrích maidir le héifeachtúlacht Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus a choistí – san áireamh leis seo bhí suirbhé agus agallaimh 1:1. In 2018 rinne an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil a tháinig dá bharr agus shainaithin sé gníomhaíochtaí chun a éifeachtúlacht a mhéadú, ar cuireadh chun cinn iad in 2019. Chuir an Bord athbhreithniú breise ar éifeachtúlacht i gcrích i ráithe 4 2019 agus rinneadh athbhreithniú ar an tuarascáil a tháinig dá bharr i Nollaig 2019.

Bhunaigh an Bord trí fhochoiste, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha agus an Coiste Forbartha Páirtithe Leasmhara.

Tá triúr comhaltaí boird agus comhalta neamhspleách ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh ceisteanna riosca, rialála agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais inmheánacha rialála lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: an tUas. Margaret Moran (Cathaoirleach), an tUasal Ros O'Shea, an tUasal Mary Cullen agus an tUasal Raymond Dolan (tháinig deireadh lena théarma in Eanáir 2020). Tionóladh 5 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2019.

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha. Is é ról an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha meicníocht iomchuí a cheapadh agus a chur chun feidhme le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus tríd an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht Fhoireann Feidhmiúcháin Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Mar a éilítear, comhaontaíonn an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha luach saothair le Ranna Rialtais, forbraíonn sé na sainchuntais phoist, sainaithníonn sé na hinniúlachtaí ábhartha agus an phróifíl iarrthóra is fearr don phost, comhaontaíonn sé an próiseas earcaíochta agus cuardaigh agus leagan sé amach amchlár sonrach. Tionólann an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha mar a éilíonn an Bord agus tuairiscíonn sé don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Forbartha: an tUasal Martin Higgins (Cathaoirleach), An tOllamh Albert Flynn agus an tUasal Ros O'Shea. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2019.

Is coiste ad hoc é an Coiste Forbartha Páirtithe Leasmhara a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird air. Is é ról an Choiste Forbartha Páirtithe Leasmhara comhairle a chur ar an mBord ar ábhair a bhaineann leis na nithe seo a leanas: sainaithint páirtithe leasmhara, anailís agus comhairliúchán. Tionólann an Coiste Forbartha Páirtithe Leasmhara mar a éilíonn an Bord agus tuairiscíonn sé don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Forbartha Páirtithe Leasmhara: an tUasal Ciaran Byrne (Cathaoirleach), an tUasal Martin Higgins, an tUasal Derek Cunningham agus an tUasal Gerry McCurdy. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste Forbartha Páirtithe Leasmhara in 2019.

## Sceideal tinrimh, táillí agus speansais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2019 leagtha amach i Nóta 4(c) de na Ráitis Airgeadais.

## Príomhathruithe Pearsanra

Tháinig deireadh le téarmaí an Ollaimh Patrick Wall agus an Dr Susan Quinn le linn 2019. Ceapadh an tOllamh Francis Butler, an tUasal Gerard McCurdy agus an Dr Cliodhna Foley-Nolan mar comhaltaí den Bhord chun folúntais a líonadh.

## Nochtuithe a éilítear faoin gCód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016)


Tá an Bord freagrach as cinntiú gur chomhlíon an tÚdarás riachtanais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:


- miondealú ar shochair gearrthéarmacha fostaí - a leagtar amach i nóta 4 (b) de na ráitis airgeadais,
- costais chomhairliúcháin - a leagtar amach i nóta 4 (h) sna Ráitis Airgeadais,
- costais agus socruithe dlí - a leagtar amach i nóta 4 (h) sna ráitis airgeadais,
- caiteachas taistil agus cothabhála - a leagtar amach i nóta 4 (a) agus 4 (c) sna ráitis airgeadais, agus
- caiteachas fáilteachais - a leagtar amach i nóta 4 (f) sna ráitis airgeadais.

## Ráiteas comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas i gComhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid an chinntiú. D’oibrigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán i gcomhair 2019.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:





**An tUasal Martin Higgins**
Cathaoirleach

**An Dr Pamela A. Byrne**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

19 Lúnasa 2020

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

### Raon freagrachta

Admhaímse, thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht sin riachtanais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

### Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal réasúnta seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus cloíodh leis suas go dtí an dáta ag tráth fhaomhadh na ráiteas airgeadais. Lena chois sin, tugtar dearbhú breise don Bhord maidir le cáilíocht rialú inmheánach an Údaráis de bharr go bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann deimhnithe chuig Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001:2015. Dearbhaíonn an Caighdeán seo go n-oibríonn an tÚdarás sraith beartas, próiseas agus nósanna imeachta atá iomchuí le haghaidh phleanáil agus fhorfheidhmiú a phríomhghnó.

### Acmhainn chun riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil taithí acu ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 5 huaire in 2019.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann mar a shainmhínítear i gCairt an Bhoird um Iniúchóireacht Inmheánach. Rinne an tÚdarás foinsiú allamuigh i leith na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí chuig BDO Éireann. Bíonn obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís a dhéanamh ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta air agus bíonn na pleananna bliantúla um iniúchóireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht d’anailís ar na rioscaí agus do na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus d’fhaomh an Bord iad. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil faoi bhráid an Bhoird faoin ngníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí.

D’fhorbair an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca a leagann amach nósanna imeachta bainistíochta riosca agus a shonraíonn na róil agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bhfoireann i dtaca le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad laistigh de beartais bhainistíochta riosca an Údaráis, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialála agus chun freagracht a ghlacadh i dtaca le rioscaí agus rialaithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat riosca agus rialachais

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na príomhghníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus, chomh maith agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí a bhaineann leis an Údarás agus sainaithníodh iad, rinneadh measúnú orthu agus rinneadh grádú orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Ceannasaíochta Sinsearaí an clár a nuashonrú agus cuirtear i láthair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Bhoird é mar mhír bhuan. Baintear leas as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí ag leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun rioscaí agus freagrachtaí a mhaolú maidir le hoibriú rialuithe a shainítear do bhaill foirne faoi leith. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta i gcomhair gach príomhphróisis gnó a dhoiciméadú,
- sainíodh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun acmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta a rialú maidir le húsáid airgid deontas agus leithdháileadh maoinithe ar ghníomhaireachtaí seachtracha chun rialú cuí a chinntiú ar airgead dá shamhail a fhaomhadh ionas go gcinnteofar go gcuirfear isteach ar maoiniú deontais chun na críocha dá raibh sé beartaithe.

Déanann an tÚdarás íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le soláthar seirbhísí tréidliachta. Comhaontaítear conarthaí seirbhíse bliantúla le húdaráis áitiúla. Tá íocaíochtaí bunaithe ar éilimh ráithiúla ó na húdaráis áitiúla bunaithe ar na leibhéil gníomhaíochta iarmhíre.

## Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla ar bunaíodh iad chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialála agus laigí a rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, ar mhodh tráthúil. Dearbhaímid go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis chun feidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun tuairisciú ar aon laigí sainaitheanta,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal nuair a shainítear freagracht maidir le bainistíocht airgeadais, agus

- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun comhlíonadh a chinntiú maidir leis na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair. Tugtar aird ar cheisteanna a tháinig chun cinn maidir le rialuithe i dtaca le soláthar faoi cheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bhainistíochta riosca agus a nósanna imeachta rialachais. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2019 i bhFeabhra 2020.

## Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

### Soláthar

Le linn 2019 tabhaíodh caiteachas €189,000 i dtaca le seacht gconradh le haghaidh seirbhísí nuair nár chloígh na nósanna imeachta leis na treoirlínte soláthair:

- Baineann tuairim is €35,000 le táillí gníomhaireachta le haghaidh foireann shealadach TF. Is ionann costas iomlán na gconarthaí sin agus €235,000, lena gcuimsítear costais tuarastail dar luach €202,500 (CBL san áireamh). Nochtadh é sin roimhe seo in 2018. Tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag súil leis na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta in 2020, mar chuid d’fhorbairtí tionscadal caipitil.
- Baineann tuairim is €11,000 le soláthar soláthairtí oifige. Táthar ag súil go mbunófar Creat na hOifige um Sholáthar Rialtais nua i ráithe 3 2020, a mbainfear leas as chun an conradh sin a thabhairt chun rialtachta.
- Baineann na suimeanna airgid eile, dar luach iomlán €143,000, le caiteachas a tabhaíodh ar chonarthaí éagtha. Bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais Creataí a d’fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar na seirbhísí sin. Tá an tÚdarás ag forbairt sceideal soláthair d’fhonn aghaidh a thabhairt ar na conarthaí sin in 2020.

Níor sainaithníodh aon laigí rialaithe inmheánaigh le linn 2019 seachas na cinn a nochtar thuas.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

| | |
|---|---|
| **An tUasal Martin Higgins**<br>Cathaoirleach | **An Dr Pamela A. Byrne**<br>An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |

19 Lúnasa 2020

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 mar a éillítear faoi fhorálacha alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus cuimsítear

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus na cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, seachas i gcás neamhchomhlíontachta maidir le riachtanais FRS 102 i dtaca le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, tugtar i ráitis airgeadais an Údaráis léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann amhail an Nollaig 31 2019 agus dá ioncam agus caiteachas i gcomhair 2019 de réir FRS 102.

### Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais


I gcomhréir le treoirlínte an Aire Sláinte, tugann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann cuntas ar costais na dteidlíochtaí sochair scoir ach amháin de réir mar a íoctar iad. Ní chloíonn sé seo le FRS 102 ina n-éilítear go sainaithníonn na ráitis airgeadais costas iomlán na dteidlíochtaí sochair scoir a thuilltear sa tréimhse agus an dliteanas fabhraithe ag dáta an tuairiscithe. Ní dhearnadh éifeacht na neamhchomhlíontachta ar ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann le haghaidh 2019 a mheas.

Déantar m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht i gcomhréir leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a gabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus chomhlíon mé mo riachtanais eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin. Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé leordhóthanach agus iomchuí chun go mbeadh bunús le mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis nach faisnéis sna ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faisnéis éigin eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear leis seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas maidir le rialú agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí don Bhord i dtaca le faisnéis dá samhail, agus le cúrsaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisc trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.



Andrew Harkin

**Thar ceann agus ar son an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

25 Lúnasa 2020

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas maidir le rialú agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as na nithe seo a leanas:

- ráiteas airgeadais a ullmhú san fhoirm a ordaítear faoi alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998
- cinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis, agus
- rialú inmheánach dá shamhail a úsáid ar leor iad chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 26 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998 chun ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a iniúchadh agus tuairisciú orthu lena chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam maidir leis an iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt, ach ní dearbhú é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireachta míráiteas ábhartha nuair is ann dó. Is féidir le míráitis éirí ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí bheith ag súil leis go mbeadh tionchar acu, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhiomlán, ar na cinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais sin.

- Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht agus déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe gairmiúla agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh na hiniúchóireachta. Trí sin a déanamh,
- sainaithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu trí chalaois nó trí earráid; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúchóireachta i gcrích atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá dóthanach agus iomchuí chun bunús

a thabhairt do mo thuairim. Is airde an riosca mura mbraitear míráiteas ábhartha ó chalaois ná ó earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí, nó sárú ar an rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun críche tuairim a nochtadh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Cinnim ar oiriúnacht úsáid cuntasaíochta ar bhonn gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, ar cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil
- maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar inniúlacht Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthais leantaigh. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt ar na nochtuithe gaolmhara i mo thuairisc sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe dá samhail easnamhach, mo thuairim a athrú. Tá mo chinneadh bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas le dáta mo thuairiscithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo tabhairt ar Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann gan leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthais leantaigh.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh ar mhodh a bhaineann cur i láthair cóir amach nó nach léiríonn.

Déanaim cumarsáid leo sin a bhfuil cúram rialála orthu maidir le, i measc nithe eile, scóip bheartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha a bhaineann leis an iniúchadh, lena n-áirítear aon laigí suntasacha maidir le rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

## Faisnéis nach faisnéis atá sna ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair agus, trí sin a dhéanamh, cíoradh a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil neamhréir ábhartha ann idir an fhaisnéis eile agus an fhaisnéis sna ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta nó nach bhfuil, nó seachas sin má tá an chosúlacht air go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm tuairisc a dhéanamh air sin.

## Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Déanaim tuairisc má aithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an modh ina ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise a fháil i dtaca le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisc má aithním cás ábhartha ar bith nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó sa chás nach gcloíonn na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanaim tuairisc trí eisceacht freisin

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus na Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | 16,357 | 15,779 |
| Ioncam Eile | 3 | 1,051 | 438 |
| Ioncam Oibriúcháin | | 17,408 | 16,217 |
| **Ioncam Iomlán** | | **17,408** | **16,217** |
| **Caiteachas** | | | |
| Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn | 4 | 9,723 | 9,973 |
| Gníomhaíochtaí cumarsáide | 5 | 449 | 589 |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 6 & 14 | 642 | 594 |
| Tionscadal Albánach | 14 | 565 | - |
| Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil | 7 | 6,205 | 6,248 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **17,584** | **17,404** |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe** | | (176) | (1,187) |
| Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil | 8 | 320 | 394 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Leithreasuithe** | | **144** | **(793)** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | | **(1,082)** | **(289)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **(938)** | **(1,082)** |

Áirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain na gnóthachain agus na caillteanais aitheanta ar fad sa bhliain Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

**An tUasal Martin Higgins**
Cathaoirleach

**An Dr Pamela A. Byrne**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

19 Lúnasa 2020

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

## amhail an 31 Nollaig 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní nach Sócmhainní Reatha iad** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 6 | 1,577 | 1,973 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 6 (a) | 95 | 19 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Earraí Infhaighte | 9 | 584 | 609 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 1,143 | 544 |
| Glansócmhainní Reatha | | **1,727** | **1,153** |
| **Dliteanais Reatha (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 10 | 2,665 | 2,235 |
| **Glansócmhainní Reatha / Glandliteanais Reatha** | | **(938)** | **(1,082)** |
| **Iomlán na Sócmhainní Iúide Dliteanais roimh Phinsin** | | **734** | **910** |
| **Léirithe ag** | | | |
| Cuntas Caipitil | 8 | 1,672 | 1,992 |
| Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | | (938) | (1,082) |
| | | **734** | **910** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

**An tUasal Martin Higgins**
Cathaoirleach

**An Dr Pamela A. Byrne**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

19 Lúnasa 2020

# Ráiteas ar shreafaí airgid

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas Ioncaim thar Caiteachas | | (176) | (1,187) |
| Dímheas agus Bearnú Sócmhainní Seasta | 6 & 15 | 653 | 594 |
| (Méadú)/Laghdú ar Earraí Infhaighte | 9 | 25 | (361) |
| (Méadú)/Laghdú ar Earraí Infhaighte | 10 | 430 | 1,604 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **932** | **650** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíocht chun Gléasra & Trealamh a ghnóthú | 6 | (184) | (196) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Doláimhsithe a ghnóthú | 6 (a) | (149) | (4) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(333)** | **(200)** |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | 599 | 450 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | 544 | 94 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | | **1,143** | **544** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá bunús na gcuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoin Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998, agus tá ceannoifig aige san Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann arna leagan amach i gCuid II den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann:

Gach beart a dhéanamh lena chinntiú go ndéanann:

(a) bia a tháirgtear sa Stát (cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar iad a dháileadh nó a chur ar an margadh sa Stát), agus

(b) bia a dháiltear nó a chuirtear ar an margadh sa Stát na caighdeáin is airde a chomhlíonadh maidir le sábháilteacht agus sláinteachas bia atá ar fáil le réasún agus, go háirithe gach beart réasúnta a dhéanamh lena chinntiú go gcloíonn bia dá leithéid

  (i) leis an reachtaíocht faoi bhia i dtaca le caighdeáin sábháilteachta agus sláinteachais bia, nó

  (i) más cuí, le forálacha caighdeán a bhfuil glacadh leo nó dea-chleachtas a dhíríonn ar na caighdeáin is airde um shláinteachas bia agus um shábháilteacht bhia a chinntiú

Eintiteas Sochair Phoiblí (ESP) is ea é Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

### b) Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (CTA), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann, arna mhionathrú le hordú an Aire Sláinte i dtaca le costais aoisliúntais. I gcomhréir le horduithe an Aire Sláinte, tugann an tÚdarás cuntas maidir leis na costais a bhaineann le teidlíochtaí aoisliúntais de réir mar a éiríonn siad iníoctha amháin (féach 1 (i) thíos). Ní chloíonn an bunús le cuntasaíocht le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 ina gcaithfear costais den sórt sin a aithint sa bhliain inar tuilleadh na teidlíochtaí.

### c) Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a luaitear thíos agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Sláinte le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi réir Alt 26(5) den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Cuireadh na beartais

chuntasaíochta seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le hábhair a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

### d) Maoiniú caipitil

Maoinítear sócmhainní seasta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó mheascán de dheontais chaipitil agus leithdháiltí ó ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas reatha atá amúctha i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

### e) Na Coimisinéirí Ioncaim

**Deontais Oireachtais**

Go ginearálta, aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin leis sin ná i gcás Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

**Ioncam Iarchurtha**

Glactar le hioncam réamh-mheasta a fhaightear roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear é bheith dlite laistigh de bhliain. Eisítear an t-ioncam don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta i gcomhréir leis an gcaiteachas a thabhaítear sa tréimhse thuairiscithe.

**Ioncam Eile**

Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhraithe.

### f) Gléasra agus trealamh

Sonraítear gléasra agus trealamh ag an gcostas lúide dímheas carntha, coigeartaithe do sholáthar ar bith i gcomhair bearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an ngléasra agus trealamh go léir ag rátaí a meastar go ndíscríobhfaidh siad an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid chothroim thar a saolréanna ionchais measta, faoi mar a leanas:

| | |
|---|---|
| (I) Feabhsuithe léasachta | 15% in aghaidh na bliana |
| (Ii) Trealamh ríomhaireachta | 33% in aghaidh na bliana |
| (Iii) Troscán oifige | 15% in aghaidh na bliana |
| (Iv) Trealamh oifige | 15% in aghaidh na bliana |
| (V) Trealamh Eolaíoch | 15% in aghaidh na bliana |
| (Vi) Mótarfheithiclí | 33% in aghaidh na bliana |

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, má bhí an tsócmhainn den aois agus sa riocht a rabhthas ag súil leis cheana ag deireadh a saolré úsáideach.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bith ar bhearnú ar luach sócmhainne ann, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta sa bhliain.

Taispeántar sócmhainní seasta doláimhsithe ag a nglanluach de réir na leabhar tar éis dímheas 33% a bheith déanta orthu de réir méid chothroim.

### g) Earraí Infhaighte

Aithnítear earraí infhaighte ag luach cóir.

### h) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar na Cúlchistí Ioncaim Choimeádta thar shaolré an léasa. Aithnítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta ionchais boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear dreasachtaí léasa ar bith a fhaightear thar shaolré an léasa.

### i) Sochair fostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chaiteachas sa bhliain, agus cuimsítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

#### Sochair Scoir

Cheadaigh an tAire an scéim aoisliúntais de réir Alt 39 den Acht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, 1998. Is scéim pinsean ranníocach le sochar sainithe do na fostaithe uile í an scéim. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí ó thuarastail a choinneáil, agus glacann sé leo mar ioncam. Is deontas glan ó na hasbhaintí a choinnítear é deontas bliantúil na Roinne Sláinte don Údarás. Tháinig Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, isteach sa dlí an 28 Iúil 2012, agus tugadh isteach leis an Scéim Aonair úr na Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) a tosaíodh le héifeacht an 1 Eanáir 2013. Tá gach fostaí úr de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, ar iontrálaithe úra iad san Earnáil Phoiblí, ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill sa Scéim Aonair. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoi réir threoir an Aire Sláinte, níl foráil ar bith déanta sna Ráitis Airgeadais maidir le dliteanais phinsin sa todhchaí. Déantar íocaíochtaí faoin scéim a ghearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta de réir mar a íoctar iad.

### j) Seirbhís tréidliachta na n-údarás áitiúil

Soláthraíonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maoiniú d’Údarás Áitiúla i dtaca le soláthar seirbhísí tréidliachta. Faigheann an tÚdarás maoiniú ón Roinn Sláinte (mar chuid dá chinneadh bliantúil) maidir leis sin.

Aithnítear maoiniú a fuarthas ón Roinn Sláinte agus méideanna a íocadh leis na hÚdaráis Áitiúla ar bhonn airgead tirim a fuarthas agus airgead tirim a íocadh, i gcomhréir le hAlt 34 de FRS 102.

### k) Príomh-mheastacháin agus príomhbhreithnithe

Éilítear mar chuid d’ullmhúchán na ráiteas airgeadais seo go ndéanann an lucht bainistíochta breithnithe, meastacháin agus breithiúnais a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ag dáta an tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear d’ioncam agus caithreachas le linn na bliana. Déantar measúnú ar bhreithnithe agus ar mheastacháin go leanúnach bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile, lena n-áirítear ionchais i dtaobh imeachtaí amach anseo a mheastar iad bheith réasúnta faoi na cúinsí. I bhfianaise chineál an mheastacháin, d’fhéadfadh na torthaí iarmhíre bheith difriúil ó na meastacháin a dhéantar. Tá na meastacháin agus na breithiúnais a d’fhéadfadh tionchar ábhartha bheith acu ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais leagtha amach thíos:

(i) **Saolréanna úsáideacha a bhunú chun críche trealamh agus léasanna a dhímheas** Is cuid an-suntasach de shócmhainní an Údaráis trealamh agus léasanna. Braitheann an táille bhliantúil dímheasa ar na saolréanna úsáideacha measta do gach cineál sócmhainne. I bhfianaise cineál cuibheasach gearrthéarmach na sócmhainní trealaimh, tá meastacháin na saolréanna úsáideacha maidir leis na sócmhainní seo faoi réir athbhreithniú rialta. Tá na sonraí maidir leis na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

(ii) **Saolréanna eacnamaíochta úsáideacha a bhunú chun críocha amúchta maidir le deontais chaipitil** Braitheann an táille amúctha go príomha ar na saolréanna úsáideacha réamh-mheasta do gach cineál sócmhainne. Déantar athbhreithniú rialta ar na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha. Tá na sonraí maidir leis na saolréanna eacnamaíochta úsáideacha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

## 2. Deontais Oireachtais

Sna Deontais Oireachtais a vótáladh chuig Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ó Vóta 38, an Roinn Sláinte faoi mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais cuimsítear:

| | Fotheideal | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Deontais maidir le caiteachas reatha | E.1 | 15,972 | 15,779 |
| Deontas maidir le caiteachas caipitil | L.1 | 385 | |
| | | **16,357** | **15,779** |

## 3. Ioncam eile

| | Fotheideal | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Asbhaintí Aoisliúntais | | 232 | 240 |
| Díol Foilseachán | | 82 | 146 |
| Ioncam Ilghnéitheach | | 172 | 52 |
| Ciste CE Albánach | 14 | 565 | |
| **Iomlán** | | **1,051** | **438** |

## 4. Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn

| | Fotheideal | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Luach saothair agus Costais Phá Eile | 4(a) | 6,307 | 6,162 |
| Cíos, rátaí, muirir sheirbhíse agus árachais agus | | 1,483 | 1,447 |
| Costais taighde | | 40 | 227 |
| Táili dlí agus comhairliúcháin | 4(h) | 103 | 133 |
| TF, teileafón agus idirlíon | | 985 | 945 |
| Caiteachas oibriúcháin | 4(g) | 805 | 1,059 |
| | | **9,723** | **9,973** |

### (a) Luach saothair agus costais phá eile

| | | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail na Foirne, buntuarastal | | 4,932 | 4,540 |
| Tuarastail na Foirne, ragobair | | 3 | 7 |
| Sochar scoir costais | | 96 | 96 |
| Costais cnapshuime scoir | | - | - |
| Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach | | 479 | 436 |
| Oiliúint agus forbairt na foirne | | 129 | 177 |
| Costais taistil agus cothaithe na foirne - taisteal náisiúnta | | 82 | 79 |
| Costais taistil agus cothaithe na foirne - taisteal idirnáisiúnta | | 101 | 187 |
| Baill foirne shealadacha | | 418 | 577 |
| Luach saothair na gcomhaltaí boird | 4(c) | 67 | 62 |
| | | **6,307** | **6,162** |

Aisíocann an eagraíocht óstach costais áirithe a bhaineann le taisteal idirnáisiúnta.

D'íoc Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann €54,518 (2018: €36,852) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le ranníocaíochtaí fostóirí faoin scéim pinsin aonair.

Lé héifeacht ó 1 Eanáir 2019 ghlac an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise áit na hAsbhainte a Bhaineann le Pinsean ó thuarastal na foirne. Íocadh €218,376 leis an Roinn Sláinte i dtaca leis an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise in 2019.

### (b) Miondealú ar shochair fostaithe

| Raon iomlán sochar fostaithe | | Líon na Fostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2019 | 2018 |
| 60,000 | 69,999 | 9 | 5 |
| 70,000 | 79,999 | 9 | 5 |
| 80,000 | 89,999 | 3 | 5 |
| 90,000 | 99,999 | 5 | 3 |
| 100,000 | 109,999 | 4 | 4 |
| 110,000 | 119,999 | 2 | 2 |
| 120,000 | 129,999 | 0 | 0 |
| 130,000 | 139,999 | 0 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | 0 | 0 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 0 |

Nóta: le haghaidh an nochtaithe seo, cuimsítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i dtaca le seirbhísí a thugtar le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuimsítear ÁSPC fostóra.

### (c) Tinreamh, táillí agus speansais comhaltaí Boird

| Comhalta boird | | Táille Boird € | Costais Taistil € | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | Bord Iniúchóireachta agus Riosca |
|---|---|---|---|---|---|
| **Martin Higgins** | Cathaoirleach | 11,970 | 452 | 6 de 6 | |
| **Derek Cunningham** | (Athcheaptha Meitheamh 2019) | 7,695 | | 6 de 6 | |
| **Margaret Moran** | | 7,695 | | 6 de 6 | 5 de 5 |
| **Ciaran Byrne** | | 7,695 | 140 | 6 de 6 | |
| **An tOllamh Patrick Wall** | (Deireadh an téarma Feabhra 2019) | | | 2 de 2 | |
| **Susan Quinn** | (Deireadh an téarma Deireadh Fómhair 2019) | | 48 | 4 de 4 | |
| **Albert Flynn** | | 7,695 | 611 | 5 de 6 | |
| **Mary Cullen** | | 7,695 | | 5 de 6 | 4 de 5 |
| **Ros O'Shea** | | 7,695 | | 5 de 6 | 5 de 5 |
| **Gerard McCurdy** | | 4,754 | 216 | 4 de 4 | |
| **Cliodhna Foley-Nolan** | | 1,843 | 498 | 2 de 2 | |
| **Francis Butler** | | | | 3 de 4 | |
| | | **64,737** | **1,965** | | |

Le linn 2019, tionóladh sé chruinniú Boird. Tháinig deireadh le téarmaí Susan Quinn agus Patrick Wall le linn 2019. Ceapadh Gerard McCurdy, Cliodhna Foley-Nolan agus Francis Butler sa bhliain.

Ní bhfuair triúr comhaltaí Boird táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin, toisc go raibh siad fostaithe ag eagraíochtaí Stáit eile.

Baineann gach costas taistil agus cothaithe le taisteal intíre in Éirinn.

Bhí comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, Ray Dolan, ar fhreastail sé ar 4 de 5 chruinniú. Ní bhfuair Ray Dolan táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin.

### (d) Tuarastal an Príomhoifigigh Feidhmiúcháin

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Pamela Byrne | 154 | 139 |
| | **154** | **139** |

Is é seo a leanas pacáiste luach saothair an POF do 2019: buntuarastal bliantúil €153,700 (2018: €139,003) le socruithe caighdeánacha na hearnála poiblí.

Ní chuimsítear sna luachanna tuarastail thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is comhaltaí iad príomhphearsanra bainistíochta (seachas comhaltaí Boird) de scéim pinsin ranníocach sochar sainithe Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

### (e) Cúiteamh an phríomhphearsanra bainistíochta

Cuimsítear i bpríomhphearsanra bainistíochta Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann POF, cúigear Stiúrthóirí agus baill an Bhoird. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus iomlán luach saothair an POF agus €770,073 (2018: €630,708).

### (f) Caiteachas fáilteachais

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne | 3 | 2 |
| Coiste Comhairleach fáilteachas | 0 | 11 |
| Fáilteachas cliant | 50 | 48 |
| Fáilteachas Boird | 2 | 3 |
| **Iomlán** | **55** | **64** |

In 2018 tugadh dearbhán €100 do chomhaltaí Choiste Eolaíoch agus Comhairleach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, agus fochoistí, a oibríonn ar bhonn deonach. Níor soláthraíodh aon dearbhán in 2019.

### (g) Caiteachas oibriúcháin

| | Notaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Earcaíochta | | 28 | 27 |
| Páipéarachas Postas | | 27 | 29 |
| Glantachán agus Lónadóireacht | | 50 | 78 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | | 196 | 146 |
| Táille Iniúchóireachta | | 15 | 14 |
| Comhlíonadh um Reachtaíocht faoi Bhia | | 114 | 161 |
| Oilúnint - Baill Foirne Oifigúla Gníomhaireachta | | 16 | 124 |
| Bunachar sonraí forbhianna | | 24 | 181 |
| Costais Coistí | | 5 | 19 |
| Soláthairtí Leabharlainne | | 76 | 91 |
| Caiteachas Ginearálta (lena n-áirítear fáilteachas) | 4(f) | 254 | 189 |
| | | **805** | **1,059** |

### (h) Costais Sainchomhairleoireachta

Cuimsítear i gcostais sainchomhairleoireachta táillí a íoctar le páirtithe seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta de chineál ar bith.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Comhairleoireacht (i) | 24 | 17 |
| Dlí | 79 | 116 |
| **Costais chomhairleoireachta iomlána** | **103** | **133** |
| Costais dlí chaipitlithe | | - |
| Costais chomhairleoireachta chaipitlithe | | - |
| Costais chomhairleoireachta a ghearrtar ar ioncam agus caiteachas | 103 | 133 |
| **Iomlán** | **103** | **133** |

(i) Tagraíonn sé seo do chomhairle dlí ghinearálta. Níor tabhaíodh aon chaiteachas maidir leis an tréimhse thuairiscithe i dtaca le costais dlí, socruithe agus nósanna imeachta idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

## 5. Gníomhaíochtaí cumarsáide

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Caidreamh Poiblí | 214 | 278 |
| Ócáidí Tionscail | 50 | 125 |
| Idirchaidreamh Tionscail | 8 | 11 |
| Foilseachán | 177 | 175 |
| | **449** | **589** |

Cuimsítear i gcaidreamh poiblí caiteachas dar luach €35,000 ar an gComhdháil Eolaíochta Bia 2019.

## 6. Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Mótarfheithiclí | Trealamh Ríomhaireachta | Trealamh Oifige | Troscán Oifige | Feabhsuithe Léasachta | Trealamh Eolaíoch | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas:** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | | 927 | 129 | 323 | 2,123 | 311 | **3,813** |
| Breiseanna | 22 | 153 | 3 | 6 | | | **184** |
| Diúscairtí | | (151) | (1) | | | | **(152)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **22** | **929** | **131** | **329** | **2,123** | **311** | **3,845** |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | | 737 | 73 | 108 | 637 | 285 | **1,840** |
| Muirear don bhliain | 7 | 178 | 15 | 47 | 318 | 15 | **580** |
| Breiseanna ar na Diúscairtí | | (151) | (1) | | | | **(152)** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **7** | **764** | **87** | **155** | **955** | **300** | **2,268** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **15** | **165** | **44** | **174** | **1,168** | **11** | **1,577** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | | **190** | **56** | **215** | **1,486** | **26** | **1,973** |

Cuimsítear i mbreiseanna 2019 mótarfheithiclí, trealamh ríomhaireachta, trealamh oifige agus sócmhainní troscáin oifige, a bhaineann leis an tionscadal Albánach, a bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag fáil sochar air. Luach iomlán na sócmhainní is ea €36,655 (2018: €Nil). Aistreofar na sócmhainní seo chuig macasamhail Albánach Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ag deireadh an tionscail. Féach nóta 14 le haghaidh tuilleadh eolais i dtaca leis an tionscadal.

### (a) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| 1 Eanáir, Glanluach Oscailte de réir na Leabhar | 19 | 57 |
| Breiseanna ag Costas | 149 | 4 |
| Lúide Muirear Dímheasa don bhliain | (73) | (42) |
| **31 Nollaig, Glanluach Dúnta de réir na Leabhar** | **95** | **19** |

Cuimsíonn sócmhainní seasta doláimhsithe ceadúnais bogearraí a dhíscríobhtar thar a saolré úsáideach.

## 7. Seirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí Sheirbhís Tréidliachta na nÚdarás Áitiúil | 6,205 | 6,248 |

Déantar íocaíocht le 25 Údarás Áitiúla do sholáthar seirbhísí tréidliachta, ar bhonn ráithiúil agus i riaráistí. Cuirtear maoiniú ar fáil tríd an Roinn Sláinte agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cuimsítear é mar chuid den chinneadh bliantúil. Ní thagann an dualgas chun maoiniú a aistriú chuig Seirbhís Tréidliachta na nÚdaráis Áitiúil i bhfeidhm ach nuair a chuireann an Roinn Sláinte an maoiniú comhfhreagrach ar fáil.

## 8. Cuntas Caipitil

| | 2019<br>€'000 | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | | 1992 | | 2,386 |
| Aistriú ó/(chuig) Cuntas Ioncaim agus an gCuntas Cúlchistí Coimeádta | | | | |
| Cistí leithroinnte chun Sócmhainní Seasta a ghnóthú | 184 | | 196 | |
| Cistithe trí oibríochtaí | | | | |
| Cistí leithdháilte le Sócmhainní Doláimhsithe a ghnóthú | 149 | | 4 | |
| An tsuim a amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainní | (653) | (320) | (549) | (394) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | **1,672** | | **1,992** |

## 9. Earraí Infhaighte

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 584 | 603 |
| Féichiúnaithe | | 6 |
| | **584** | **609** |

## 10. Suimeanna Iníoctha

Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin.

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 203 | 696 |
| Fabhruithe | 230 | 210 |
| Fabhrú Cíosa Iarchurtha * | 1,095 | 1,155 |
| Fabhruithe Párolla | 134 | (27) |
| Ioncam tionscadail iarchurtha Creidiúnaí Cánach - CBL | 4 | 27 |
| Creidiúnaí Cánach - ÍMAT/ÁSPC | 154 | 134 |
| Creidiúnaí Cánach - CSG | 23 | 40 |
| | **2,665** | **2,235** |

* Faoi théarmaí an chomhaontaithe léasa bhí foráil ann maidir le tréimhse aon bhliain saor ó chíos, rud a tharla in 2018. Éilítear in FRS 102 go n-aithnítear an tréimhse saor ó chíos seo thar shaolré an léasa. Cuimsítear leis an bhFabhrú Cíosa Iarchurtha iarmhéid na tréimhse saor ó chíos, a aithneofar sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choimeádta sna blianta atá romhainn.

## 11. Léasanna Oibriúcháin

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann tús le léas 20 bliana don chéad urlár d'Fhoirgneamh an Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath 1 i nDeireadh Fómhair 2017. Tá an léas faoi réir athbhreithnithe cíosa gach 5 bliana agus cuimsítear leis bliain saor ó chíos ó 1 Eanáir 2018. Faoi réir FRS 102 eisítear dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa. Is ionann costais bhliantúla na léasanna sin gan muirir sheirbhíse san áireamh agus €1,147,000.

Amhail 31 Nollaig 2019 bhí na híos-íocaíochtaí léasa amach anseo a leanas ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe

| Dliteanais léasa dlite: | 2019<br>€'000 |
|---|---|
| Ag dul in éag laistigh de 1 bhliain | 1,147 |
| Ag dul in éag le linn na mblianta 2 go 5 | 4,587 |
| Ag dul in éag i ndiaidh 5 bliana | 14,620 |

## 12. Dliteanas Teagmhasach

Rinneadh foráil ar dhliteanas teagmhasach na bliana roimhe i ráitis airgeadais 2019.

Tá an chomhairle chuí ar fáil ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus tá sé ag dul i gcomhairle le Comhlachtaí Stáit eile chun an riosca a mhaolú.

Aithníodh méid dar luach €150,000 sna ráitis airgeadais maidir leis seo. Níl nochtadh breise stuama mar d'fhéadfadh sé tionchar bheith aige ar an toradh.

## 13. Leasanna na gComhaltaí Boird

Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain.

I gcaitheamh na bliana chuir comhalta amháin den Bhord oiliúint Measúnaithe Riosca Cothaithe ar fáil d'fhoireann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Is ionann an costas a gearradh don tseirbhís sin agus €1,400, a íocadh le linn 2019. Cuimsítear seo i gCúiteamh an Phríomhphearsanra Bainistíochta, Nóta 4(e). Seachas mar a luaitear thuas, ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh leas tairbhiúil ar bith i gceist le Comhalta Boird.

Chuir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann tús le léas 20 bliana don chéad urlár d'Fhoirgneamh an Exchange, Duga Sheoirse, Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Baile Átha Cliath 1 i nDeireadh Fómhair 2017. Tá an léas faoi réir athbhreithnithe cíosa gach 5 bliana agus cuimsítear leis bliain saor ó chíos ó 1 Eanáir 2018. Faoi réir FRS 102 eisítear dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa. Is ionann costais bhliantúla na léasanna sin gan muirir sheirbhíse san áireamh agus €1,147,000.

## 14. Tionscadail Sheachtracha - Tionscadal na Sábháilteachta Bia, an Albáin

D'éirigh le cuibhreannas gníomhaireachtaí de chuid Rialtas na hÉireann agus a gcomhpháirtithe idirnáisiúnta tairiscint a chur isteach ar son dheontas €5m AE chun tacú leis an Albáin mar iarrthóir ar aontachas leis an AE trína caighdeáin sábháilteachta bia, tréidliachta, agus sláinte phlanda a neartú.

Cumhdaítear sa tionscadal an tréimhse 14 Eanáir 2019 go 13 Eanáir 2022.

Tá an cuibhreannas faoi stiúir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus cuimsítear leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Córais Bia Inbhuanaithe na hÉireann, Údarás Bia na Fionlainne, agus comhpháirtí Albánach, Réitigh Ghnó Chruthaithigh.

Fuair Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann €1.387 milliún in 2019 chun an chéad bhliain den tionscadal seo a sheachadadh. Tá an caiteachas a tabhaíodh in 2019 leagtha amach sa tábla thíos.

| | **2019 €'000** | **2018 €'000** |
|---|---|---|
| Luach Saothair agus Eile Costais Phá | 138 | - |
| Taisteal tionscadail - náisiúnta | 5 | - |
| Taisteal tionscadail - idirnáisiúnta | 53 | - |
| Tacaíocht do Shaineolaithe Idirnáisiúnta* | 269 | - |
| Cíos, rátaí, muirir sheirbhíse agus árachais | 16 | - |
| Ócáidí tionscail | 27 | - |
| Foilseachán | 43 | - |
| Dímheas sócmhainní tionscadail | 11 | - |
| Eile | 3 | - |
| | **565** | **-** |

* Is léiriú é Tacaíocht do Shaineolaithe Idirnáisiúnta ar ionchur pearsanra a bhfuil taithí acu ar dhisciplíní ábhartha a ghlac páirt i seachadadh rathúil an tionscadail Albánaigh. Cuimsítear leis seo réimsí amhail fíteashláintíocht, reachtaíocht shinsearach, saineolaithe tréidliachta agus forbartha

eagrúcháin atá sainaitheanta ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann nó ag na comhpháirtithe cuibhreannais.

## 15. Imeachtaí i ndiaidh an dáta tuairiscithe

Níl imeacht ar bith idir an dáta tuairiscithe agus dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais sin le heisiúint a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Bord gur imeacht suntasach é paindéim Covid-19 a tharla ón dáta tuairiscithe. Tá an Bord dáiríre faoin gcás seo agus tá sé ag déanamh monatóireacht ar an gcás, i gcomhar leis an lucht bainistíochta, ar bhonn leanúnach. Tá an ghnólacht i mbun gnó fós agus bearta i bhfeidhm chun an fhoireann a chosaint. Tá an fhoireann ag obair ó chian agus tá seirbhísí á gcur ar fáil fós. Go dtí seo, táthar in ann oibríochtaí agus formhór ghníomhaíochtaí an eintitis a chothabháil ach modh difriúil i bhfeidhm chun an ghnólacht a sheachadadh.

De bharr go bhfuil Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann á mhaoiniú le hairgead ón Státchiste, tríd an Roinn Sláinte, measann an Bord gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 16. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 24 Meitheamh 2020.

**Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann**
An Exchange, Duga Sheoirse, An tIonad Seirbhísí
Comhroinnte Airgeadais, Baile Átha Cliath 1, D01 P2V6

T +353 1 817 1300
E info@fsai.ie

Bí linn ar LinkedIn
Lean muid ar Twitter @FSAIinfo Abair haigh ar
Facebook
Tabhair cuairt orainn ar Instagram
Cláraigh ar ár gcainéal YouTube

**www.fsai.ie**